2024/1648

1.7.2024

COMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE IDIR AN tAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT NA CÉINIA, COMHALTA DE CHOMHPHOBAL NA hAFRAICE THOIR, DEN PHÁIRT EILE

NA PÁIRTITHE SA CHOMHAONTÚ

TÁ AN tAONTAS EORPACH,

(dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta),

de pháirt,

agus

POBLACHT NA CÉINIA,

(dá ngairtear 'an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC' anseo feasta),

den pháirt eile,

dá ngairtear 'an Páirtí' go haonarach agus 'na Páirtithe' go comhpháirteach anseo feasta,

AG MEABHRÚ DÓIBH a ngealltanais faoi chuimsiú Chomhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), arna dhéanamh an 15 Aibreán 1994;

AG FÉACHAINT DO Chomhaontú Georgetown maidir le hEagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéin Chiúin, arna thabhairt i gcrích an 6 Meitheamh 1975;

AG FÉACHAINT DON Chomhaontú Comhpháirtíochta idir Comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou an 23 Meitheamh 2000, arna leasú den chéad uair i Lucsamburg an 25 Meitheamh 2005 agus arna leasú den dara huair in Ouagadougou an 22 Meitheamh 2010 (dá ngairtear 'Comhaontú Cotonou' anseo feasta), agus a chomhaontú comharba;

AG FÉACHAINT DON Chonradh lena mbunaítear Comhphobal na hAfraice Thoir (EAC) arna shíniú in Arusha an 30 Samhain 1999 agus a Phrótacal maidir le Bunú Aontas Custaim Chomhphobal na hAfraice Thoir;

AG FÉACHAINT DON Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit is Comhpháirtithe Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit den pháirt eile, ar tugadh an chaibidlíocht maidir leis chun críche an 16 Deireadh Fómhair 2014 (dá ngairtear 'an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus Comhphobal na hAfraice Thoir' anseo feasta);

Á nATHDHEARBHÚ DÓIBH an mhian atá acu le haghaidh aontacht níos leithne na hAfraice agus maidir le cuspóirí an Chonartha lena mbunaítear Comhphobal Eacnamaíoch na hAfraice a bhaint amach;

AG FÉACHAINT DON Chonradh ar an Aontas Eorpach agus don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

DE BHRÍ gur aontaigh an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC agus an tAontas go mbeidh a gcomhar trádála agus eacnamaíoch dírithe ar lánpháirtiú réidh de réir a chéile na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéin Chiúin (Stáit ACC) i ngeilleagar an domhain a chothú agus aird chuí ar a roghanna polaitiúla, ar a leibhéil forbartha agus ar a dtosaíochtaí forbartha, rud lena gcuirfear chun cinn a bhforbairt inbhuanaithe dá bhrí sin agus a rannchuideoidh le díothú na bochtaineachta sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH freisin go mbeidh an Comhaontú seo i gcomhréir le cuspóirí agus le prionsabail Chomhaontú Cotonou agus, go háirithe, le forálacha Theideal II de Chuid 3 de, maidir le Comhar Eacnamaíoch agus Trádála, agus le forálacha comhfhreagracha a chomhaontaithe comharba;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH go bhfónfaidh an Comhaontú seo mar ionstraim forbartha agus go gcuirfear fás marthanach chun cinn leis, go méadófar leis acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht soláthair an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC, go gcothófar leis claochlú struchtúrach ar gheilleagair an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC agus

a n-éagsúlú agus a n-iomaíochas agus as sin go bhforbrófar trádáil, go meallfar infheistíocht, teicneolaíocht agus go gcruthófar fostaíocht sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC;

Á nATHDHEARBHÚ DÓIBH an gá atá lena áirithiú go gcuirfear béim ar leith ar lánpháirtiú réigiúnach agus ar an bhforáil maidir le cóir speisialta agus dhifreálach an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC uile, agus go gcaithfear go speisialta an tráth céanna leis an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC is lú forbairt;

AG AITHINT DÓIBH go dteastóidh infheistíocht shubstaintiúil chun caighdeáin mhaireachtála an Stáit is Comhpháirtí EAC nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a ardú;

Á nATHDHEARBHÚ DÓIBH gurb é is aidhm don Chomhaontú seo forálacha an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus Comhphobal na hAfraice Thoir a chur chun feidhme;

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CUID I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 1

Raon feidhme an Chomhaontaithe

Bunaíonn na páirtithe leis seo Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) (dá ngairtear ‘an Comhaontú seo’ anseo feasta). Cumhdaítear na nithe seo a leanas leis an gComhaontú seo:

(a) forálacha ginearálta;

(b) trádáil earraí;

(c) iascach;

(d) an talmhaíocht;

(e) comhar eacnamaíoch agus forbartha;

(f) forálacha institiúideacha;

(g) díospóid a sheachaint agus a réiteach;

(h) eisceachtaí ginearálta;

(i) forálacha ginearálta agus críochnaitheacha; agus

(j) Iarscríbhinní, Prótacail agus Ráitis Chomhpháirteacha.

AIRTEAGAL 2

Cuspóirí

1. Is iad seo a leanas cuspóirí an Chomhaontaithe seo:

(a) rannchuidiú le fás agus forbairt eacnamaíoch trí chomhpháirtíocht trádála agus forbartha straitéiseach neartaithe a bhunú a bheidh i gcomhréir leis an gcuspóir maidir le forbairt inbhuanaithe;

(b) lánpháirtiú réigiúnach, comhar eacnamaíoch agus dea-rialachas a chur chun cinn sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC;

(c) lánpháirtiú de réir a chéile an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC i ngeilleagar an domhain, i gcomhréir lena roghanna polaitiúla agus lena dtosaíochtaí forbartha;

(d) claochlú struchtúrach gheilleagair an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a chothú, agus a n-éagsúlú agus a n-iomaíochas trína n-acmhainneacht táirgeachta, soláthair agus trádála a fheabhsú;

(e) feabhas a chur ar acmhainneacht an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC i dtaca le beartas trádála agus saincheisteanna a bhaineann le trádáil;

(f) creat rialála éifeachtach, intuartha agus trédhearcach a bhunú agus a chur chun feidhme maidir le trádáil agus infheistíocht sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC, rud a thacóidh dá réir sin leis na dálaí chun infheistíocht a mhéadú agus tionscnaimh san earnáil phríobháideach; agus

(g) an caidreamh atá ann cheana idir na Páirtithe a neartú ar bhonn na dlúthpháirtíochta agus an leasa choitinn. Chuige sin, i gcomhréir lena gcearta agus oibleagáidí san Eagraíocht Dhomhanda Trádála, cuirfear feabhas leis an gComhaontú seo ar chaidreamh tráchtála agus eacnamaíoch, tacóidh sé chun dinimic nua trádála a chruthú idir na Páirtithe trí bhíthin léirscaoileadh céimnitheach, neamhshiméadrach na trádála eatarthu agus treiseofar, leathnófar agus doimhneofar an comhar sna réimsí uile atá ábhartha don trádáil agus infheistíocht.

2. Is é is aidhm freisin don Chomhaontú seo, i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 35 de Chomhaontú Cotonou agus forálacha comhfhreagracha a chomhaontaithe comharba:

(a) comhaontú a bhunú a bheidh i gcomhréir le hAirteagal XXIV den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 (GATT 1994);

(b) leanúnachas na trádála ón Stát nó ó na Stáit is Comhpháirtithe EAC a éascú faoi théarmaí nach lú fabhrach ná iad sin faoi Chomhaontú Cotonou ná a chomhaontú comharba;

(c) creat agus raon feidhme na caibidlíochta féideartha i ndáil le saincheisteanna eile a leagan síos lena n-áirítear trádáil seirbhísí, saincheisteanna a bhaineann le trádáil mar atá sainaitheanta i gComhaontú Cotonou nó ina chomhaontú comharba agus aon réimse leasa eile atá ag an dá Pháirtí;

AIRTEAGAL 3

Clásal rendez-vous

Geallann na Páirtithe an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích sna hábhair a liostaítear thíos, laistigh de 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo:

(a) trádáil seirbhísí;

(b) saincheisteanna a bhaineann le trádáil, eadhon:

(i) beartas iomaíochta;

(ii) infheistíocht agus forbairt san earnáil phríobháideach;

(iii) trádáil, an comhshaol agus forbairt inbhuanaithe;

(iv) cearta maoine intleachtúla;

(v) trédhearcacht sa soláthar poiblí;

(c) aon réimse eile ar a bhféadfaidh na Páirtithe comhaontú.

AIRTEAGAL 4

Prionsabail

Tá an Comhaontú seo bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

(a) cur le *acquis* Chomhaontú Cotonou agus a chomhaontaithe comharba;

(b) lánpháirtiú i réigiún EAC a neartú;

(c) neamhshiméadracht a áirithiú, i bhfabhar an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC, maidir le léirscaoileadh na trádála agus le cur i bhfeidhm na mbeart a bhaineann le trádáil agus na n-ionstraimí um chosaint trádála;

(d) ligean don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC tosaíochtaí réigiúnacha a choinneáil ar bun le tíortha agus le réigiúin eile na hAfraice gan an oibleagáid iad a leathnú chuig an Aontas; agus

(e) rannchuidiú chun feabhas a chur ar acmhainneacht táirgeachta, soláthair agus trádála an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC.

CUID II

TRÁDÁIL EARRAÍ

AIRTEAGAL 5

Raon feidhme agus Cuspóirí

1. Beidh feidhm ag forálacha na Coda seo maidir leis na hearraí uile de thionscnamh an Aontais agus an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC.

2. Is iad seo a leanas na cuspóirí i réimse na trádála earraí:

(a) coinníollacha iomlána rochtana margaidh a bheidh saor ó dhleacht agus saor ó chuótaí a sholáthar maidir le hearraí ar de thionscnamh an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC iad isteach i margadh an Aontais ar bhonn slán, fadtéarmach agus intuartha i gcomhréir leis na módúlachtaí a leagtar síos sa Chomhaontú seo;

(b) léirscaoileadh forchéimnitheach de réir a cheile a dhéanamh ar mhargadh nó margaí earraí an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC ar de thionscnamh an Aontais iad i gcomhréir leis na módúlachtaí a leagtar síos sa Chomhaontú seo; agus

(c) coinníollacha rochtana margaidh a chaomhnú agus a fheabhsú chun a áirithiú go mbaineann an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC sochar iomlán as an gComhaontú seo.

TEIDEAL I

DLEACHTANNA CUSTAIM AGUS SAORGHLUAISEACHT EARRAÍ

AIRTEAGAL 6

Dleacht Chustaim

1. Folóidh dleacht chustaim aon dleacht nó muirear d'aon chineál a fhorchuirtear ar earraí a allmhairiú nó i ndáil le hearra a allmhairiú, agus aon chineál forchánach nó formhuirir a fhorchuirtear i ndáil le hallmhairiú den sórt sin, ach ní fholóidh sé:

(a) muirir atá coibhéiseach le cánacha inmheánacha arna dtobhach ar earraí a allmhairítear agus a tháirgtear go háitiúil araon i gcomhréir le hAirteagal 20;

(b) bearta frithdhumpála, frithchúitimh nó coimirce arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha Theideal VI; agus,

(c) táillí nó muirir eile a fhorchuirtear i gcomhréir le hAirteagal 8.

2. Déanfar an bhun-dleacht chustaim a gcuirfear na laghduithe comhleanúnacha i bhfeidhm uirthi a shonrú i sceideal léirscaoilte taraifí gach Páirtí maidir le gach táirge.

AIRTEAGAL 7

Rangú Earraí

1. Beidh an t-aicmiú earraí i dtrádáil a chumhdaítear leis an gComhaontú seo mar a leagtar amach in ainmníocht taraife gach Páirtí faoi seach, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir leis an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí.

2. lLaistigh de thréimhse trí (3) mhí ó mhodhnú taraife nó athraithe ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, malartóidh na Páirtithe an fhaisnéis uile is gá ar na dleachtanna custaim atá i bhfeidhm acu agus na hainmníochtaí comhfhreagracha leis na táirgí sin a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II.

AIRTEAGAL 8

Táillí agus Muirir Eile

Na táillí agus na muirir eile dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(c) déanfar a méid a theorannú do neaschostas na seirbhísí a rinneadh agus ní bheidh sa mhéid sin cosaint indíreach ar earraí intíre ná ar chánachas ar allmhairí chun críoch fioscach. Ní fhorchuirfear táillí agus muirir a bhaineann le trádáil le haghaidh seirbhísí consalachta.

AIRTEAGAL 9

Rialacha Tionscnaimh

1. Chun críche na Coda seo, ciallaíonn an téarma ‘de thionscnamh’ cáiliú mar ‘de thionscnamh’ faoi dhlí infheidhme an Pháirtí is allmhaireoir ([1]) ([2]).

2. Glacfaidh Comhairle CCE a bhunaítear faoi Airteagal 104 (dá ngairtear ‘Comhairle CCE’ anseo feasta), trí chinneadh, le prótacal lena rialaítear na rialacha tionscnaimh cúig (5) bliana ar a dhéanaí tar éis don Chomhaontú seo teacht i bhfeidhm. Ní bheidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo ón bpointe a bheidh an prótacal sin infheidhme.

3. Más rud é, ag deireadh na tréimhse 5 bliana dá dtagraítear i mír 2, nach mbeidh prótacal den sórt sin glactha ag na Páirtithe, déanfaidh Comhairle CCE measúnú ar chur i bhfeidhm mhír 1 agus féadfaidh sí cinneadh a dhéanamh síneadh a chur leis an tréimhse cúig bliana sin.

AIRTEAGAL 10

Dleachtanna Custaim ar Tháirgí de Thionscnamh an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC

Déanfar táirgí ar de thionscnamh an Stáit nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC iad a allmhairiú isteach san Aontas saor ó dhleachtanna custaim, faoi na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

AIRTEAGAL 11

Dleachtanna Custaim ar Tháirgí ar de Thionscnamh an Aontais iad

Déanfar táirgí ar de thionscnamh an Aontais iad a allmhairiú isteach sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC faoi na coinníollacha a leagtar amach sa sceideal de léirscaoileadh taraifí in Iarscríbhinn II.

([1]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, agus comhsheasmhacht birt leis an gComhaontú seo faoi Teideal II de Chuid VII á chinneadh, féadfaidh painéal eadrána, de réir mar is iomchuí, dlí Páirtí a bhreithniú mar ábhar fíorais. Le linn dó déanamh amhlaidh, cloífidh an painéal eadrána leis an léirmhíniú atá i réim arna tabhairt ag cúirteanna nó ag údaráis an Pháirtí sin don dlí agus ní bheidh aon bhrí arna tabhairt ag an bpainéal eadrána don dlí ina ceangal ar chúirteanna ná ar údaráis an Pháirtí sin.

([2]) Maidir le táirgí ar de thionscnamh an Stáit is Comhpháirtí EAC iad, nuair a allmhairítear isteach in Ceuta nó Melilla iad, tairbheoidh siad, ar gach slí, den chóras custaim céanna leis sin a chuirtear i bhfeidhm ar tháirgí ar de thionscnamh chríoch custaim an Aontais iad faoi Phrótacal Uimh. 2 den Ghníomh a bhaineann le coinníollacha aontachais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile agus na coigeartuithe ar na Conarthaí (IO AE L 302, 15.11.1985, lch. 23). Tabharfaidh an Stát is Comhpháirtí EAC d’allmhairí táirgí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo agus de thionscnamh Ceuta agus Melilla an córas custaim céanna agus a thugtar do tháirgí a allmhairítear ón Aontas agus de thionscnamh an Aontais.

AIRTEAGAL 12

Clásal Neamhghníomhaíochta

1. Comhaontaíonn na Páirtithe gan na dleachtanna custaim atá i bhfeidhm acu a mhéadú maidir le táirgí atá faoi réir an léirscaoilte faoin gComhaontú seo, cé is moite de na bearta arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagail 48, 49 agus 50.

2. Chun an t-ionchas maidir le próisis lánpháirtithe níos leithne réigiúnacha na hAfraice a chaomhnú, féadfaidh na Páirtithe a chinneadh i gComhairle CCE leibhéal na ndleachtanna custaim a shonraítear in Iarscríbhinní II(a), II(b) agus II(c) a ghabhann leis an gComhaontú seo a mhodhnú, a fhéadfar a chur i bhfeidhm ar tháirge ar de thionscnamh an Aontais é ar a allmhairiú isteach sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC. Áiritheoidh na Páirtithe nach mbeidh de thoradh ar mhodhnú den sórt sin an Comhaontú seo a chur ar neamhréir le ceanglais Airteagal XXIV de CGTT 1994.

AIRTEAGAL 13

Gluaiseacht Earraí

1. Forchuirfear dleachtanna custaim uair amháin maidir le hearraí de thionscnamh Páirtí amháin agus a allmhairítear isteach i gcríoch an Pháirtí eile.

2. Aon dleacht a íocfar ar a allmhairiú isteach i Stát is Comhpháirtí EAC aisíocfar go hiomlán í ar na hearraí a fhágann Stát is Comhpháirtí EAC an chéad allmhairiúcháin chuig Stát is Comhpháirtí EAC eile. Íocfar an dleacht sa Stát is Comhpháirtí EAC ina n-ídeofar na hearraí.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe ar chomhar chun gluaiseacht earraí a éascú agus nósanna imeachta custaim a shimpliú.

AIRTEAGAL 14

Dleachtanna agus Cánacha Onnmhairiúcháin

1. Ní thionscnóidh Páirtí aon dleacht ná aon cháin nua maidir le honnmhairiú earraí chuig an bPáirtí eile ar mó iad ná na dleachtanna nó na cánacha sin a fhorchuirtear ar tháirgí comhchosúla atá beartaithe lena ndíol go hinmheánach.

2. D'ainneoin mhír 1, is féidir leis an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC dleacht nó cáin shealadach a fhorchur, tar éis dó fógra a thabhairt don Aontas, maidir le honnmhairiú earraí faoi na himthosca seo a leanas:

(a) chun forbairt an tionscail intíre a chothú;

(b) chun cobhsaíocht airgeadra a choinneáil ar bun, i gcás ina gcruthaíonn an méadú ar phraghas domhanda tráchtearra onnmhairiúcháin an baol go ndéanfar ró-luacháil ar airgeadra; nó

(c) chun ioncam, slándáil bia agus an comhshaol a chosaint.

3. Ba cheart cánacha den sórt sin a fhorfheidhmiú ar líon teoranta táirgí go ceann tréimhse theoranta agus déanfaidh Comhairle CCE athbhreithniú orthu i gcomhair athnuachana tar éis daichead a hocht (48) mí.

4. Aon chóir níos fabhraí ina gcuimsítear cánacha nó i ndáil le cánacha arna gcur i bhfeidhm ag an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC ar onnmhairí aon táirge atá ceaptha le haghaidh aon mhór-gheilleagar trádála, tabharfar í, ó dháta teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, don táirge comhchosúil atá ceaptha do chríoch an Aontais.

5. Chun críocha an Airteagail seo agus Airteagal 15, ciallaíonn 'mór-gheilleagar trádála' aon tír fhorbartha, nó aon tír ina bhfuil a sciar d'onnmhairí marsantachta domhanda os cionn 1 faoin gcéad sa bhliain roimh theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe saorthrádála dá dtagraítear in Airteagal 15, nó aon ghrúpa tíortha a ghníomhaíonn go haonarach, i gcomhpháirt nó trí chomhaontú saorthrádála arb ionann iad i gcomhpháirt agus sciar d'onnmhairí marsantachta an domhain os cionn 1,5 faoin gcéad sa bhliain roimh theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe saorthrádála dá dtagraítear in Airteagal 15 ([3]).

([3]) Beidh an ríomh sin bunaithe ar shonraí oifigiúla na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis na príomh-onnmhaireoirí i dtrádáil marsantachta domhanda (gan trádáil laistigh den Aontas san áireamh).

AIRTEAGAL 15

Cóir Níos Fabhraí de thoradh Comhaontú Saorthrádála

1. Maidir leis na hearraí a chumhdaítear leis an gCuid seo, tabharfaidh an tAontas don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC aon chóir níos fabhraí is infheidhme de thoradh an tAontas a bheith mar pháirtí i gcomhaontú saorthrádála le tríú páirtí tar éis an Comhaontú seo a shíniú.

2. Maidir leis na hearraí a chumhdaítear leis an gCuid seo, tabharfaidh an tAontas don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC aon chóir níos fabhraí is infheidhme de thoradh an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC a bheith mar pháirtí i gcomhaontú saorthrádála le haon mhór-gheilleagar trádála tar éis an Comhaontú seo a shíniú. Ar choinníoll gur féidir leis an Aontas a léiriú gur tugadh cóir nach lú fabhar dó ná an méid a thairg an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC d'aon mhór-gheilleagar trádála eile, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle agus déanfaidh siad cinneadh i gcomhpháirt a mhéid is féidir faoi conas is fearr an mír seo a chur chun feidhme ar bhonn cás ar chás.

3. Ní dhéanfar forálacha na Coda seo a fhorléiriú ar shlí a fhágfaidh go gcuirfear oibleagáid ar na Páirtithe aon chóir fhabhrach is infheidhme a leathnú go cómhalartach de thoradh ceann de na Páirtithe a bheith mar chuid de chomhaontú saorthrádála le tríú páirtí ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 2 i leith comhaontuithe trádála idir an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC le tíortha i nGrúpa na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, ná le tíortha agus réigiúin eile de chuid na hAfraice.

5. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'comhaontú saorthrádála' comhaontú lena ndéantar an trádáil a léirscaoileadh go substaintiúil agus lena ndíothaítear go substaintiúil bearta idirdhealaitheacha agus / nó lena dtoirmeasctar bearta idirdhealaitheacha nua nó tuilleadh bearta idirdhealaitheacha i measc Páirtithe ar theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe sin nó laistigh de thráthchlár réasúnta.

AIRTEAGAL 16

Forálacha Speisialta maidir le Comhar Riaracháin

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil comhar riaracháin fíor-riachtanach chun an chóir fhabhrach arna deonú faoin gCuid seo a chur chun feidhme agus a rialú agus cuireann na Páirtithe i dtábhacht a dtiomantas chun mírialtachtaí agus calaois a chomhrac in ábhair chustaim agus in ábhair ghaolmhara.

2. I gcás ina gcinneann Páirtí, ar bhonn faisnéise oibiachtúla, gur mainníodh comhar riaracháin a sholáthar agus/nó gur ann do mhírialtachtaí nó calaois, féadfaidh an Páirtí lena mbaineann cóir fhabhrach ábhartha an táirge nó na dtáirgí lena mbaineann a chur ar fionraí i gcomhréir leis an Airteagal seo.

3. Chun críocha an Airteagail seo, is éard a chiallóidh nár cuireadh comhar riaracháin ar fáil, *inter alia*:

(a) nár urramaíodh arís is arís eile an oibleagáid chun stádas tionscnaimh an táirge nó na dtáirgí lena mbaineann a fhíorú;

(b) gur diúltaíodh arís is arís eile torthaí an fhíoraithe ar chruthúnas ar thionscnamh an táirge nó na dtáirgí lena mbaineann ina dhiaidh sin a chur in iúl agus/nó go raibh moill mhíchuí leis na torthaí sin;

(c) gur diúltaíodh, arís is arís eile, údarú a fháil le misin chomhair riaracháin a dhéanamh chun barántúlacht doiciméad nó cruinneas faisnéise a fhíorú, ar doiciméid nó faisnéis iad a bhaineann le deonú na córach fabhraí i gceist, nó go raibh moill mhíchuí leis an údarú sin.

4. Féadfar teacht ar thoradh maidir le mírialtachtaí nó calaois, *inter alia*, i gcás ina dtagann méadú tobann, gan míniú sásúil, ar allmhairí earraí ar mó iad ná gnáthleibhéal táirgeachta agus acmhainneachta onnmhairiúcháin an Pháirtí eile atá nasctha le faisnéis oibiachtúil maidir le mírialtachtaí nó calaois.

5. Beidh cur i bhfeidhm fionraíochta sealadaí faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) an Páirtí a tháinig ar chinneadh, ar bhonn faisnéise oibiachtúla, nár soláthraíodh comhar riaracháin agus/nó gur ann do mhírialtachtaí nó calaois, tabharfaidh sé fógra gan moill mhíchuí do Choiste na nOifigeach Sinsearach, arna bhunú faoi Airteagal 106 (dá ngairtear 'Coiste na nOifigeach Sinsearach' anseo feasta) maidir lena chinneadh mar aon leis an bhfaisnéis oibiachtúil agus rachaidh sé i gcomhairle laistigh de Choiste na nOifigeach Sinsearach, ar bhonn na faisnéise ábhartha uile agus na gcinntí oibiachtúla, d'fhonn teacht ar réiteach a bheidh inghlactha don dá Pháirtí;

(b) i gcás ina ndeachaigh na Páirtithe i mbun comhairliúchán laistigh de Choiste na nOifigeach Sinsearach dá dtagraítear i bpoine (a) agus nár tháinig siad ar chomhaontú maidir le réiteach inghlactha laistigh de trí (3) mhí tar éis an fhógra, féadfaidh an Páirtí lena mbaineann cóir fhabhrach ábhartha an táirge nó na dtáirgí lena mbaineann a chur ar fionraí agus tabharfar fógra faoi fhionraíocht shealadach do Chomhairle CCE gan moill mhíchuí;

(c) beidh fionraíochtaí sealadacha faoin Airteagal seo teoranta don mhéid is gá chun leasanna airgeadais an Pháirtí lena mbaineann a chosaint, ní rachfaidh siad thar thréimhse sé (6) mhí agus féadfar iad a athnuachan agus beidh siad faoi réir comhairliúcháin thréimhsiúla laistigh de Choiste na nOifigeach Sinsearach go háirithe d'fhonn iad a fhoirceannadh a luaithe agus nach ann a thuilleadh do na coinníollacha maidir lena gcur i bhfeidhm.

6. An tráth céanna leis an bhfógra do Choiste na nOifigeach Sinsearach faoi mhír 5(a), ba cheart don Pháirtí a dhéannan fógra den sórt sin fógra a fhoilsiú d'allmhaireoirí ina Iris Oifigiúil. Ba cheart leis an bhfógra d'allmhaireoirí a léiriú maidir leis an táirge lena mbaineann gur ann do chinneadh, ar bhonn faisnéise oibiachtúla, gur mainníodh comhar riaracháin a sholáthar agus/nó gur ann do mhírialtachtaí nó do chalaois.

AIRTEAGAL 17

Earráidí Riaracháin a Bhainistiú

I gcás ina ndéanfaidh na húdaráis inniúla earráid a bhaineann le bainistiú cuí an chórais fhabhraigh onnmhairiúcháin, agus go háirithe maidir le cur i bhfeidhm na rialacha tionscnaimh is infheidhme chun críocha an Chomhaontaithe seo a bhaineann leis an sainmhíniú ar an gcoincheap maidir le 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, agus go leanan iarmhairtí as an earráid sin i dtéarmaí dleachtanna allmhairiúcháin, féadfaidh an Páirtí a mbeidh iarmhairtí den sórt sin os a chomhair iarraidh ar Choiste na nOifigeach Sinsearach scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthach maidir le gach beart is iomchuí a ghlacadh d'fhonn an cás a réiteach.

AIRTEAGAL 18

Luacháil Custaim

1. Rialóidh Airteagal VII de CGTT 1994 agus an Comhaontú maidir le cur chun feidhme Airteagal VII de CGTT 1994 rialacha luachála custaim a cuireadh i bhfeidhm maidir le trádáil idir na Páirtithe.

2. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar le chéile d'fhonn teacht ar chur chuige coiteann i leith saincheisteanna a bhaineann le luacháil custaim.

TEIDEAL II

BEARTA NEAMHTHARAIFE

AIRTEAGAL 19

Srianta Cainníochtúla a Thoirmeasc

1. Gach toirmeasc nó srian ar allmhairiú, onnmhairiú nó díol i gcomhair onnmhairiúcháin idir na Páirtithe, seachas dleachtanna custaim, cánacha, táillí agus muirir eile dá ndéantar foráil faoi Airteagal 6, cibé acu a chuirtear i bhfeidhm trí chuótaí, ceadúnais allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin nó trí bhearta eile iad, díothófar iad ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ní thabharfar aon bheart nua den sórt sin isteach i dtrádáil idir na Páirtithe. Beidh an tAirteagal seo gan dochar d'fhorálacha Theideal VI den Chuid seo.

2. Ní leathnófar mír 1 den Airteagal seo chuig na nithe seo a leanas:

(a) toirmisc nó srianta onnmhairiúcháin arna gcur i bhfeidhm go sealadach chun ganntanais chriticiúla táirgí bia nó táirgí eile atá fíor-riachtanach don páirtí conarthach onnmhairiúcháin a chosc nó a fhuascailt;

(b) toirmisc nó srianta allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin is gá chun caighdeáin nó rialacháin a chur i bhfeidhm maidir le haicmiú, grádú nó margú tráchtearraí sa trádáil idirnáisiúnta.

AIRTEAGAL 20

Cóir Náisiúnta i ndáil le Cánachas Inmheánach agus Rialachán

1. Táirgí allmhairithe ar de thionscnamh Páirtí amháin iad ní bheidh siad faoi réir, go díreach ná go hindíreach, cánacha inmheánacha nó muirir inmheánacha eile d'aon chineál ar mó iad ná iad sin a chuirtear i bhfeidhm, go díreach nó go hindíreach, ar tháirgí intíre comhchosúla an Pháirtí eile. Thairis sin, ní chuirfidh na Páirtithe cánacha inmheánacha ná muirir inmheánacha eile i bhfeidhm ina mhalairt de chás ionas go dtabharfar cosaint dá dtáirgeacht faoi seach.

2. Tabharfar cóir do tháirgí allmhairithe ar de thionscnamh Páirtí amháin iad nach lú fabhrach ná sin a thugtar do tháirgí intíre comhchosúla de chuid an Pháirtí eile i leith gach dlí, rialachán agus ceanglas a dhéanann difear dá ndíolachán inmheánach, dá dtairgeadh lena ndíol, chun iad a cheannach, a iompar, a dháileadh nó a úsáid. Ní chuirfear cosc leis an mír seo ar chur i bhfeidhm muirear iompair inmheánach difreáilte, atá bunaithe go heisiach ar oibriú eacnamaíoch na modhanna iompair agus ní ar thionscnamh an táirge.

3. Ní bhunóidh ná ní choinneoidh ceachtar Páirtí ar bun aon rialachán cainníochtúil inmheánach a bhaineann le meascadh, próiseáil nó úsáid táirgí i méideanna nó i gcionmhaireachtaí sonraithe lena gceanglaítear, go díreach nó go hindíreach, nach mór aon mhéid nó aon chionmhaireacht shonraithe d'aon táirge atá faoi réir an rialacháin a sholáthar ó fhoinsí intíre. Thairis sin, ní chuirfidh ceachtar Páirtí rialacháin chainníochtúla inmheánacha i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt dá dtáirgeacht faoi seach.

4. Ní chuirfear cosc leis an Airteagal seo ar fhóirdheontais a íoc go heisiach le táirgeoirí náisiúnta, lena n-áirítear íocaíochtaí le táirgeoirí náisiúnta a dhíorthaítear ó fháltais cánacha nó muirear inmheánach arna gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach leis an Airteagal seo agus fóirdheontais a íocadh trí tháirgí náisiúnta a cheannaigh an rialtas.

5. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le dlíthe, rialacháin, nósanna imeachta ná cleachtais lena rialaítear soláthar poiblí.

AIRTEAGAL 21

Dea-rialachas i Réimse an Chánachais

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le comhar maidir leis na prionsabail dea-rialachais i réimse an chánachais trí na húdaráis ábhartha i gcomhréir lena ndlíthe agus rialacháin náisiúnta faoi seach.

TEIDEAL III

COMHAR CUSTAIM AGUS ÉASCÚ TRÁDÁLA

AIRTEAGAL 22

Raon Feidhme agus Cuspóirí

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht atá le hábhair a bhaineann le comhar custaim agus éascú trádála i dtimpeallacht athraitheach na trádála domhanda agus comhaontaíonn siad:

(a) an comhar a threisiú agus a áirithiú go gcomhlíonfar leis an reachtaíocht agus leis na nósanna imeachta ábhartha, chomh maith le hinniúlacht riaracháin na riarachán ábhartha, an cuspóir maidir le héascú trádála a chur chun cinn;

(b) go dteastaíonn idirthréimhsí agus fothú acmhainneachta ón Stát nó ó na Stáit is Comhpháirtithe EAC chun forálacha an Teidil seo a chur chun feidhme go réidh.

2. Is iad seo a leanas cuspóirí an Teidil seo:

(a) trádáil a éascú idir na Páirtithe;

(b) comhchuibhiú na reachtaíochta custaim agus nósanna imeachta custaim a chur chun cinn ar leibhéal réigiúnach;

(c) tacaíocht a sholáthar don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC chun éascú trádála a neartú,

(d) tacaíocht a sholáthar do riaracháin chustaim an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC chun an Comhaontú seo agus dea-chleachtais chustaim idirnáisiúnta eile a chur chun feidhme; agus

(e) comhar a fheabhsú idir údaráis chustaim na bPáirtithe agus gníomhaireachtaí teorann gaolmhara eile.

AIRTEAGAL 23

Comhar Custaim agus Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach

1. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha an Teidil seo agus go dtabharfar freagra éifeachtach ar na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 22, déanfaidh na Páirtithe na nithe seo a leanas:

(a) faisnéis a mhalartú maidir le reachtaíocht agus nósanna imeachta custaim;

(b) tionscnaimh chomhpháirteacha a fhorbairt i réimsí a bheidh comhaontaithe go frithpháirteach;

(c) dul i gcomhar sna réimsí seo a leanas:

(i) nuachóiriú a dhéanamh ar chórais chustaim agus ar nósanna imeachta custaim, chomh maith le laghdú ar na tréimhsí imréitigh custaim;

(ii) nósanna imeachta custaim agus foirmiúlachtaí trádála a shimpliú agus a chomhchuibhiú, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras;

(iii) córais idirthurais réigiúnacha a fheabhsú;

(iv) trédhearcacht a fheabhsú i gcomhréir le hAirteagal 24(3);

(v) fothú acmhainneachta lena n-áirítear cúnamh airgeadais agus teicniúil don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC;

(vi) aon réimse eile custaim de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe;

(d) a bhunú, a mhéid is féidir, comhsheasaimh in eagraíochtaí idirnáisiúnta i réimse an chustaim agus an éascaithe trádála, amhail an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC), na Náisiúin Aontaithe agus Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt (UNCTAD);

(e) comhordú a chur chun cinn idir gach gníomhaireacht ghaolmhar, go hinmheánach agus thar theorainneacha araon.

2. D'ainneoin mhír 1, soláthróidh na Páirtithe cúnamh riaracháin frithpháirteach dá chéile in ábhair chustaim i gcomhréir le forálacha Phrótacal 1.

AIRTEAGAL 24

Reachtaíocht agus Nósanna imeachta custaim

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go dtarraingeoidh a reachtaíocht agus a nósanna imeachta trádála agus custaim faoi seach ar ionstraimí agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme i réimse an chustaim agus na trádála, lena n-áirítear na heilimintí substainteacha de Choinbhinsiún Athbhreithnithe Kyoto maidir le Nósanna Imeachta Custaim a Shimpliú agus a Chomhchuibhiú arna dhéanamh sa Bhruiséil an 26 Meitheamh 1999, na heilimintí substainteacha de Chreat Caighdeán EDC chun an Trádáil Dhomhanda a Áirithiú agus a Éascú, tacar sonraí EDC agus Coinbhinsiún CC.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh a reachtaíocht agus a nósanna imeachta custaim bunaithe ar na nithe seo a leanas:

(a) an gá atá ann trádáil dhlisteanach a chosaint agus a éascú trí fhorfheidhmiú éifeachtach na gceanglas a leagtar amach sa reachtaíocht custaim, agus na ceanglais sin a chomhlíonadh;

(b) an gá atá ann ualaí idirdhealaitheacha gan ghá ar oibreoirí eacnamaíocha a sheachaint, chun cosaint a thabhairt in aghaidh calaoise agus éilliú, agus chun éascú breise a dhéanamh d'oibreoirí a chomhlíonann ardleibhéil comhlíontachta le reachtaíocht agus nósanna imeachta custaim;

(c) an gá atá ann doiciméad riaracháin aonair nó doiciméad leictreonach coibhéiseach a úsáid, ar mhaithe le dearbhuithe custaim a bhunú san Aontas agus sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC, faoi seach;

(d) teicnící custaim nua-aimseartha, lena n-áirítear measúnú riosca, nósanna imeachta simplithe le haghaidh earraí a thabhairt isteach agus a scaoileadh, rialuithe tar éis a scaoilte, agus iniúchtaí;

(e) forbairt fhorchéimnitheach córas, lena n-áirítear iad sin atá bunaithe ar theicneolaíocht faisnéise, le haghaidh oibríochtaí onnmhairiúcháin, allmhairiúcháin agus idirthurais, chun malartú faisnéise a éascú idir oibreoirí eacnamaíocha, riaracháin chustaim agus gníomhaireachtaí eile;

(f) an prionsabal go mbeidh na pionóis arna bhforchur as sáruithe beaga ar rialacháin chustaim nó na ceanglais nós imeachta comhréireach agus nach dtarlaíonn moilleanna míchuí ar a gcur i bhfeidhm in imréiteach custam dá mbarr;

(g) córas rialuithe ceangailteacha ar ábhair chustaim, go háirithe ar aicmiú taraife agus ar rialacha tionscnaimh, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa reachtaíocht réigiúnach agus/nó náisiúnta;

(h) an gá atá ann táillí agus muirir a chur i bhfeidhm atá ar cóimhéid leis an tseirbhís arna soláthar i ndáil le haon idirbheart sonrach, agus nach ndéanfaí iad a ríomh ar bhonn *ad valorem*. Ní fhorchuirfear táillí agus muirir ar sheirbhísí consalachta i leith trádáil earraí;

(i) deireadh a chur le haon cheanglas maidir le húsáid éigeantach cigireachtaí réamhsheolta mar a shainmhínítear iad i gComhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Cigireacht Réamhsheolta, nó le haon cheanglas coibhéiseach;

(j) deireadh a chur le gach ceanglas maidir le húsáid éigeantach bróicéirí custaim, chomh maith le rialacha trédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha agus comhréireacha maidir lena gceadúnú.

3. Chun feabhas a chur ar mhodhanna oibre agus chun trédhearcacht agus éifeachtúlacht na n-oibríochtaí custaim a áirithiú, déanfaidh na Páirtithe na nithe seo a leanas:

(a) tógfaidh siad céimeanna breise i dtreo shimpliú agus chaighdeánú na doiciméadachta agus na bhfoirmiúlachtaí trádála ionas go mbeifear in ann earraí a scaoileadh agus a imréiteach go tapa;

(b) soláthróidh siad nósanna imeachta éifeachtacha prasa agus neamh-idirdhealaitheacha lena gcumasófar an ceart ar achomharc in aghaidh gníomhaíochtaí riaracháin custaim agus gníomhaireachtaí eile, rialuithe agus cinntí a dhéanann difear d'allmhairí, onnmhairí nó earraí faoi bhealach agusbeidh nósanna imeachta den sórt sin inrochtana go héasca do gach fiontar;

(c) áiritheoidh siad go gcoinneofar ionracas ar bun, trí bhearta a chur i bhfeidhm lena léireofar prionsabail na gcoinbhinsiún agus na n-ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha.

AIRTEAGAL 25

Gluaiseachtaí idirthurais a éascú

1. Áiritheoidh na Páirtithe saoirse idirthurais trína gcríocha trí na bealaí is áisiúla. Aon srian, rialú nó ceanglas, beidh siad neamh-idirdhealaitheach, comhréireach agus cuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach iad.

2. Féadfaidh Páirtí a cheangal go ligfí trácht a bheidh ag dul faoi bhealach trína chríoch isteach ag an teach custaim ceart trí bhealaí ainmnithe. I gcás ina gceanglódh Páirtí úsáid a bhaint as bealaí den sórt sin, déanfaidh sé é sin i gcomhréir iomlán le hAirteagal V(3) de CGTT 1994.

3. Gan dochar do rialuithe custaim dlisteanacha, tabharfaidh Páirtí cóir nach lú fabhar d'earraí a bheidh ag dul faoi bhealach ó chríoch an Pháirtí eile le hais mar a thabharfaidh sé d'earraí intíre.

4. Feidhmeoidh na Páirtithe córais iompair nasctha lena ligfear d'earraí dul faoi idirthuras gan dleachtanna custaim nó muirir eile a íoc ag a mbíonn éifeacht choibhéiseach, faoi réir na forála maidir le ráthaíocht iomchuí i gcomhréir le reachtaíocht custaim réigiúnach agus/nó náisiúnta.

5. Cuirfidh na Páirtithe socruithe idirthurais réigiúnacha chun cinn agus cuirfidh siad chun feidhme iad.

6. Cuirfidh na Páirtithe comhordú chun cinn idir na gníomhaireachtaí uile lena mbaineann, go hinmheánach agus thar theorainneacha.

7. Tarraingeoidh reachtaíocht na bPáirtithe ar chaighdeáin agus ar ionstraimí idirnáisiúnta atá ábhartha don idirthuras.

AIRTEAGAL 26

Caidreamh leis an bPobal Gnó

Comhaontaíonn na Páirtithe an méid seo a leanas:

(a) go n-áiritheoidh siad go gcuirfear gach reachtaíocht, nós imeachta chomh maith le táille agus muirear ar fáil go poiblí, a mhéid is féidir trí mhodhanna leictreonacha nó aon mhodh eile is iomchuí, agus soláthróidh siad na soiléirithe is gá aon uair is féidir;

(b) go rachaidh siad i gcomhairle go tráthrialta le hionadaithe trádála maidir le tograí reachtacha agus nósanna imeachta a bhaineann le saincheisteanna custaim agus trádála;

(c) go ndéanfaidh siad reachtaíocht agus nósanna imeachta nua a thabhairt isteach nó a leasú ar bhealach a ligfidh do thrádálaithe a bheith ullmhaithe dá gcomhlíonadh;

(d) go gcuirfidh siad ar fáil go poiblí fógraí iomchuí de chineál riaracháin, lena n-áirítear ceanglais gníomhaireachta agus nósanna imeachta maidir le teacht isteach, uaireanta an chloig d'oibriúchán agus nósanna imeachta oibriúcháin le haghaidh oifigí custaim ag calafoirt agus ag pointí trasnaithe teorann; agus pointí teagmhála le haghaidh fiosruithe faisnéise;

(e) go gcothóidh siad comhar idir oibreoirí agus riaracháin ábhartha trí úsáid a bhaint as nósanna imeachta neamh-threallacha a bheidh inrochtana don phobal, amhail meabhráin tuisceana, bunaithe orthu siúd arna bhfógairt ag EDC;

(f) go n-áiritheoidh siad go leanfar, leis na ceanglais agus nósanna imeachta custaim agus na ceanglais agus nósanna imeachta gaolmhara dá gcuid, de fhreastal ar riachtanais an chomhphobail trádála, de na dea-chleachtais a leanúint, agus de shrianta a sheachaint ó thaobh na trádála de a mhéid is féidir.

AIRTEAGAL 27

Forálacha Idirthréimhseacha

1. I bhfianaise an ghá atá ann acmhainneacht an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a fheabhsú i réimse an chustaim agus an éascaithe trádála agus gan dochar dá ngealltanais don Eagraíocht Dhomhanda Trádála, comhaontaíonn na Páirtithe go dtairbheoidh an Stát is Comhpháirtí EAC d'idirthréimhse cúig (5) bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo chun na hoibleagáidí in Airteagail 23, 24 agus 25 a chomhlíonadh.

2. Is féidir síneadh eile a chur leis an idirthréimhse sin trí údarú Chomhairle CCE.

AIRTEAGAL 28

Comhchuibhiú na gCaighdeán Custaim ar Leibhéal Réigiúnach

Admhaíonn agus aithníonn na Páirtithe an tábhacht atá le comhchuibhiú na gcaighdeán custaim agus na mbeart éascaithe trádála a chomhdhlúthú ar leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear athchóirithe a thionscnamh i réimse an chustaim agus éascaithe trádála i gcás inar gá.

AIRTEAGAL 29

Coiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála

1. Bunaíonn na Páirtithe leis seo Coiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála, ar a mbeidh a gcuid ionadaithe, a dhéanfaidh na nithe seo a leanas:

(a) tiocfaidh sé le chéile ar dháta agus le clár oibre arna gcomhaontú roimh ré ag na Páirtithe;

(b) beidh gach Páirtí ina chathaoirleach ar an gcoiste; agus

(c) tuairisceoidh sé do Chomhairle CCE.

2. Áireofar le feidhmeanna an Choiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála:

(a) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar riar an Teidil seo agus Airteagal 9;

(b) fóram a sholáthar chun dul i gcomhairle maidir le gach saincheist a bhaineann le custam, lena n-áirítear rialacha tionscnaimh, nósanna imeachta custaim ginearálta, luacháil custaim, aicmiú taraife, cúnamh idirthurais agus cúnamh riaracháin frithpháirteach maidir le hábhair chustaim, agus chun na saincheisteanna sin a phlé;

(c) comhar a fheabhsú maidir le forbairt, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú rialacha tionscnaimh agus nósanna imeachta custaim gaolmhara, nósanna imeachta custaim ginearálta agus cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim;

(d) comhar a fheabhsú maidir le fothú acmhainneachta agus cúnamh teicniúil;

(e) aon saincheist eile mar a chomhaontaíonn na Páirtithe i leith an Teidil seo.

TEIDEAL IV

BEARTA SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA

AIRTEAGAL 30

Raon feidhme agus Sainmhínithe

1. Tá feidhm ag forálacha an Teidil seo maidir le bearta a chumhdaítear le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm (Comhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála).

2. Chun críche an Teidil seo, mura bhforáiltear dá mhalairt, beidh feidhm ag sainmhínithe Chomhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála, Choimisiún Codex Alimentarius, na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe agus an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Cosaint Plandaí.

AIRTEAGAL 31

Cuspóirí

Is iad seo a leanas na cuspóirí i réimse chur i bhfeidhm na mbeart sláintíochta agus fíteashláintíochta (SPS):

(a) trádáil idir-réigiúnach agus inréigiúnach na bPáirtithe a éascú, agus beatha nó sláinte an duine, ainmhithe agus plandaí a chosaint an tráth céanna i gcomhréir le Comhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála;

(b) aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a eascraíonn as bearta SPS maidir le hearnálacha agus táirgí tosaíochta ar ar comhaontaíodh agus an lánpháirtiú réigiúnach á bhreithniú go cuí;

(c) nósanna imeachta agus módúlachtaí a bhunú chun comhar a éascú in ábhair SPS;

(d) trédhearcacht a áirithiú a mhéid a bhaineann le bearta SPS is infheidhme maidir le trádáil idir na Páirtithe agus laistigh díobh;

(e) comhchuibhiú inréigiúnach na mbeart le caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun cinn, i gcomhréir le Comhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála, agus beartais iomchuí, creataí reachtacha, rialála agus institiúideacha a fhorbairt laistigh den Stát nó de na Stáit is Comhpháirtithe EAC;

(f) rannpháirtíocht éifeachtach an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a fheabhsú i gCoimisiún Codex Alimentarius, san Eagraíocht Dhomhanda um Sláinte Ainmhithe agus sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cosaint Plandaí arna shíniú sa Róimh an 6 Nollaig 1951;

(g) comhairliúchán agus malartuithe a chur chun cinn idir an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC agus institiúidí agus saotharlanna an Aontais;

(h) forbairt acmhainneachta a éascú maidir le caighdeáin réigiúnacha agus náisiúnta a leagan síos agus a chur chun feidhme i gcomhréir le ceanglais idirnáisiúnta chun lánpháirtiú réigiúnach a éascú;

(i) acmhainneacht an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a bhunú agus a fheabhsú maidir le bearta SPS a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu de bhun fhorálacha Theideal VI de Chuid V; agus

(j) aistriú teicneolaíochta a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 32

Cearta agus Oibleagáidí

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu faoi na conarthaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann leis an Teideal seo a bhfuil siad mar pháirtí iontu.

2. Déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) beidh ceart ceannasach aige bearta SPS a chur chun feidhme, ar choinníoll go bhfuil bearta den sórt sin i gcomhréir le forálacha Chomhaontú SPS EDT;

(b) rachaidh sé i gcomhairle leis an bPáirtí eile sula dtabharfar aon bheart nua SPS isteach, trí na sásraí fógra dá ndéantar foráil i gComhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála agus, más iomchuí agus nuair is iomchuí, trí phointí teagmhála na bPáirtithe;

(c) tabharfaidh sé tacaíocht don Pháirtí eile chun faisnéis a bhailiú ar faisnéis í a bhfuil gá léi chun cinntí eolasacha a dhéanamh;

(d) naisc, comhfhiontair, taighde agus forbairt chomhpháirteach a chur chun cinn idir an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC agus institiúidí agus saotharlanna an Aontais.

AIRTEAGAL 33

Réasúnú eolaíoch na mBeart

Faoi réir fhorálacha an Teidil seo, áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh tabhairt isteach, athrú nó modhnú aon bhirt SPS ina gcríocha bunaithe ar réasúnú eolaíoch agus go gcomhlíonfaidh siad Comhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála.

AIRTEAGAL 34

Comhchuibhiú

1. Beidh sé d'aidhm ag na Páirtithe comhchuibhiú maidir lena rialacha agus nósanna imeachta faoi seach a bhaint amach ar mhaithe lena mbearta SPS a chruthú, lena n-áirítear nósanna imeachta cigireachta, tástála agus deimhniúcháin, i gcomhréir le Comhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála.

2. Forbróidh Coiste na nOifigeach Sinsearach módúlachtaí chun cúnamh a thabhairt leis an bpróiseas comhchuibhithe sin agus chun faireachán a dhéanamh air.

AIRTEAGAL 35

Coibhéis

Cuirfidh na Páirtithe na prionsabail maidir le coibhéis i bhfeidhm de réir fhorálacha Chomhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála. Chun na críche sin, tabharfaidh gach Páirtí rochtain réasúnach, arna iarraidh sin, don Pháirtí eile le haghaidh nósanna imeachta cigireachta, tástála agus nósanna imeachta ábhartha eile.

AIRTEAGAL 36

Criosú agus Roinnt i nDeighleoga

Aithneoidh na Páirtithe, ar bhonn cás ar chás, limistéir ainmnithe atá saor ó lotnaidí nó galair nó limistéir nach bhfuil lotnaidí nó galair fairsing iontu mar fhoinsí ionchasacha de tháirgí plandaí agus ainmhithe agus Airteagal 6 de Chomhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála á chur san áireamh.

AIRTEAGAL 37

Fógra, Fiosrúchán agus Trédhearcacht

1. Beidh na Páirtithe trédhearcach ar chur i bhfeidhm na mbeart SPS dóibh i gcomhréir le Comhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála.

2. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le sásraí éifeachtacha comhairliúcháin, fógra agus malartaithe faisnéise i dtaca le bearta SPS i gcomhréir le Comhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála.

3. Cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas maidir le haon athrú ar a cheanglais allmhairiúcháin SPS a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil a thagann faoi raon feidhme an Teidil seo. Geallann na Páirtithe freisin go mbunóidh siad sásraí chun faisnéis den sórt sin a mhalartú.

AIRTEAGAL 38

Measúnú Comhréireachta

Comhaontóidh na Páirtithe, ar mhaithe le comhlíontacht le caighdeáin SPS a áirithiú, ar nósanna imeachta le haghaidh measúnú comhréireachta.

AIRTEAGAL 39

Malartú Faisnéise agus Trédhearcacht na gCoinníollacha Trádála

Áireofar an méid seo a leanas leis an gcomhar idir na Páirtithe faoin Teideal seo:

(a) faisnéis a roinnt agus comhairliúchán maidir le hathruithe ar bhearta SPS a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do tháirgí spéise onnmhairiúcháin le ceachtar Páirtí;

(b) faisnéis a mhalartú ar réimsí eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha dá gcaidreamh trádála, lena n-áirítear mear-rabhaidh, tuairimí eolaíocha agus teagmhais eolaíocha ar iarraidh shonrach;

(c) réamhfhógra chun a áirithiú go gcuirtear an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC ar an eolas maidir le bearta nua SPS a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'onnmhairí an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC chuig an Aontas; tógfar dh an córas sin ar shásraí atá ann cheana faoi chomhaontuithe na hEagraíochta Domhanda Trádála, go háirithe Airteagal 7 de Chomhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála;

(d) trédhearcacht a chur chun cinn a mhéid a bhaineann le sampláil, anailísiú agus gníomhaíocht tar éis rialuithe oifigiúla maidir le beatha agus bia ó cheachtar Páirtí.

AIRTEAGAL 40

Údaráis inniúla

1. Is iad údaráis SPS faoi seach na bPáirtithe a bheidh mar údaráis inniúla sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC agus san Aontas chun na bearta dá dtagraítear sa Teideal seo a chur chun feidhme.

2. Beidh ag na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1 na róil a thabharfar dóibh faoi Chomhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála.

3. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile maidir lena n-údaráis inniúla faoi seach dá dtagraítear i mír 1 agus aon athrú orthu sin.

TEIDEAL V

CAIGHDEÁIN, RIALACHÁIN THEICNIÚLA AGUS MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

AIRTEAGAL 41

Raon feidhme agus Sainmhínithe

1. Beidh feidhm ag forálacha an Teidil seo maidir le rialacháin theicniúla, caighdeáin agus measúnú comhréireachta a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, mar a shainítear i gComhaontú EDT maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil (Comhaontú BTT).

2. Chun críocha an Teidil seo tá feidhm ag na sainmhínithe den Chomhaontú BTT.

AIRTEAGAL 42

Cearta agus Oibleagáidí

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu faoi Chomhaontú BTT, agus a gcearta agus a ngealltanais faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta eile a bhfuil an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC agus an tAontas araon mar pháirtithe iontu á gcur san áireamh, lena n-áirítear go háirithe iad sin a bhaineann le cosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta.

2. I gcomhréir le forálacha Chomhaontú BTT, áiritheoidh na Páirtithe nach ndéanfar rialacháin theicniúla a ullmhú, a ghlacadh ná a chur i bhfeidhm d'fhonn bacainní gan ghá a chruthú ar thrádáil eatarthu, nó é a bheith d'éifeacht acu sin a dhéanamh.

AIRTEAGAL 43

Comhaontuithe maidir le hAitheantas Frithpháirteach

Féadfaidh na Páirtithe dul i mbun caibidlíochta ar chomhaontuithe maidir le haitheantas frithpháirteach in earnálacha ina bhfuil leas eacnamaíoch acu.

AIRTEAGAL 44

Trédhearcacht agus Fógra

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe na hoibleagáidí atá orthu maidir le faisnéis a fhógairt agus a roinnt maidir le rialacháin theicniúla, caighdeáin agus nósanna imeachta don mheasúnú comhréireachta dá bhforáiltear leis an gComhaontú BTT.

2. Malartóidh na Páirtithe faisnéis maidir le saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ábhartha dá gcaidreamh trádála, lena n-áirítear mear-rabhaidh, tuairimí eolaíocha agus teagmhais eolaíocha trí phointí fiosrúcháin.

3. Féadfaidh na Páirtithe dul i gcomhar maidir le pointí fiosrúcháin a bhunú agus a choinneáil ar bun, agus maidir le bunachair sonraí choiteanna a bhunú agus a chothabháil.

AIRTEAGAL 45

Comhchuibhiú

Féachfaidh na Páirtithe lena gcaighdeáin, rialacháin theicniúla agus a nósanna imeachta maidir le measúnú comhréireachta a chomhchuibhiú.

AIRTEAGAL 46

Measúnú Comhréireachta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais i ndáil le measúnú comhréireachta i gcomhréir leis an gComhaontú BTT.

2. Féadfaidh na Páirtithe a bhreithniú, agus méid ailíniúcháin a rialachán teicniúil, caighdeán, agus bonneagar um measúnú comhréireachta á gcur san áireamh, comhaontuithe a chaibidliú maidir le haitheantas frithpháirteach nósanna imeachta um measúnú comhréireachta.

AIRTEAGAL 47

Comhlachtaí Rialála Teicniúla

1. Beidh comhlachtaí rialála an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC ina n-údaráis inniúla sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC chun na bearta dá dtagraítear sa Teideal seo a chur chun feidhme, comhlachtaí a mbeidh sé de chúram orthu agus d'inniúlacht acu cur chun feidhme an chaighdeánaithe, na méadreolaíochta, an chreidiúnaithe agus an mheasúnaithe comhréireachta a áirithiú agus a mhaoirsiú.

2. Is é an Coimisiún Eorpach an comhlacht atá freagrach san Aontas as an Teideal seo a chur chun feidhme.

3. Tabharfaidh an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC fógra don Aontas maidir lena gcomhlachtaí rialála teicniúla i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

TEIDEAL VI

BEARTA COSANTA TRÁDÁLA

AIRTEAGAL 48

Bearta Frithdhumpála agus Frithchúitimh

1. Faoi réir an Airteagail seo, ní chuirfidh aon ní sa Chomhaontú seo cosc ar an Aontas ná ar an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC, bídís go haonarach nó i gcomhpháirt, bearta frithdhumpála nó frithchúitimh a ghlacadh i gcomhréir le comhaontuithe ábhartha na hEagraíochta Domhanda Trádála. Chun críche an Airteagail seo, cinnfear tionscnamh i gcomhréir le rialacha tionscnaimh neamhfhabhracha na bPáirtithe.

2. Sula ndéanfaidh na Páirtithe dleachtanna cinntitheacha frithdhumpála nó frithchúitimh a fhorchur i leith táirgí a allmhairíodh ó cheachtar Páirtí, breithneoidh siad an fhéidearthacht maidir le leigheasanna inchiallaithe dá ndéantar foráil i gcomhaontuithe ábhartha na hEagraíochta Domhanda Trádála.

3. I gcás inar fhorchuir ceachtar Páirtí beart frithdhumpála nó frithchúitimh, beidh fóram athbhreithnithe bhreithiúnaigh amháin ann, lena n-áirítear ag céim na n-achomharc.

4. I gcás inar féidir bearta frithdhumpála ná frithchúitimh a fhorchur ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn náisiúnta, i gcás inarb infheidhme, áiritheoidh na Páirtithe nach gcuirfidh údaráis réigiúnacha bearta den sórt sin i bhfeidhm go comhuaineach i leith an táirge chéanna ar lámh amháin, agus nach gcuirfidh údaráis náisiúnta i bhfeidhm iad ar an lámh eile.

5. Tabharfaidh an Pháirtí is allmhaireoir fógra don Pháirtí is onnmhaireoir go bhfuarthas gearán atá doiciméadaithe i gceart sula ndéanfar aon imscrúdú a thionscnamh.

6. Beidh an tAirteagal seo infheidhme i ngach imscrúdú a thionscnófar tar éis don Chomhaontú seo teacht i bhfeidhm.

7. Beidh feidhm ag rialacha EDT maidir le réiteach díospóidí i ndáil le haon díospóid a bhaineann le bearta frithdhumpála nó frithchúitimh.

AIRTEAGAL 49

Coimircí Iltaobhacha

1. Faoi réir an Airteagail seo, ní chuirfidh aon ní sa Chomhaontú seo cosc ar an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC agus ar an Aontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal XIX de CGTT 1994, Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Coimircí, agus le hAirteagal 5 de Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Talmhaíocht. Chun críocha an Airteagail seo, cinnfear tionscnamh i gcomhréir le rialacha tionscnaimh neamhfhabhracha na bPáirtithe.

2. D'ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, déanfaidh an tAontas, i bhfianaise chuspóirí forbartha foriomlána an Chomhaontaithe seo agus ó tharla gur geilleagair bheaga iad geilleagair an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC, allmhairí ón Stát nó ó na Stáit is Comhpháirtithe EAC a eisiamh ó aon bheart arna dhéanamh de bhun Airteagal XIX de GATT 1994, Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Coimircí agus Airteagal 5 de Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Talmhaíocht.

3. Beidh feidhm ag mír 2 go ceann tréimhse cúig (5) bliana, ag tosú ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Tráth nach déanaí ná 120 lá roimh dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh Comhairle CCE athbhreithniú ar oibriú mhír 2 i bhfianaise riachtanais forbartha an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC, d'fhonn a chinneadh cé acu a leathnóidh nó nach leathnóidh siad a gcur i bhfeidhm go ceann tréimhse bhreise.

4. Beidh mír 1 faoi réir Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Rialacha agus Nósanna Imeachta lena rialaítear Réiteach Díospóidí.

AIRTEAGAL 50

Coimircí Déthaobhacha

1. Tar éis do Pháirtí scrúdú a dhéanamh ar réitigh eile, féadfaidh sé bearta coimirce a chur i bhfeidhm a mhairfidh go ceann tréimhse theoranta a mhaolaíonn ó Airteagail 10 agus 11 faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Féadfar bearta coimirce dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh i gcás ina bhfuil táirge ar de thionscnamh Páirtí amháin é á allmhairiú isteach i gcríoch an Pháirtí eile i gcainníochtaí atá chomh méadaithe sin agus faoi dhálaí mar sin a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis na rudaí seo a leanas nó a bhagródh maidir lena leithéid:

(a) mórdhíobháil don tionscal intíre a tháirgeann táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht go díreach leo i gcríoch an Pháirtí is allmhaireoir;

(b) suaitheadh in earnáil den gheilleagar, go háirithe i gcás inar cúis mórfhadhbanna sóisialta, nó deacrachtaí a d'fhéadfadh meathlú tromchúiseach a tharraingt ar staid eacnamaíoch an Pháirtí is allmhaireoir é an suaitheadh sin; nó

(c) suaitheadh i margaí táirgí talmhaíochta comhchosúla nó i margaí táirgí talmhaíochta atá in iomaíocht go díreach leo ([4]) nó sna sásraí a rialaíonn na margaí sin.

3. Ní bheidh bearta coimirce dá dtagraítear san Airteagal seo níos mó ná mar is gá chun an mhórdhíobháil nó an suaitheadh a leigheas nó a chosc, mar a shainítear i míreanna 2 agus 5(b). D'fhéadfadh sé nach mbeadh i mbearta coimirce an Pháirtí allmhaireoir ach ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(a) an laghdú breise ar an ráta de dhleacht allmhairiúcháin ar an táirge lena mbaineann a chur ar fionraí, dá bhforáiltear faoin gComhaontú seo;

(b) méadú ar an dleacht chustaim ar an táirge lena mbaineann suas le leibhéal nach mó ná an dleacht chustaim a chuirtear i bhfeidhm maidir le comhaltaí eile den Eagraíocht Dhomhanda Trádála; agus

(c) cuótaí taraife a thabhairt isteach ar an táirge lena mbaineann.

4. Gan dochar do mhíreanna 1 go 3, i gcás ina bhfuil aon táirge ar de thionscnamh an Stáit is Comhpháirtí EAC é á allmhairiú i gcainníochtaí atá chomh méadaithe sin agus faoi choinníollacha den sórt sin a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le ceann de na cásanna dá dtagraítear faoi mhír 2 chuig ceann amháin nó roinnt de na réigiúin is forimeallaí san Aontas, nó a d'fhéadfadh bagairt a bheith ina gcúis lena leithéid, féadfaidh an tAontas bearta faireachais nó bearta coimirce a dhéanamh a bheidh teoranta don réigiún nó do na réigiúin lena mbaineann i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i míreanna 6 go 9.

([4]) Chun críche an airteagail seo, is iad na táirgí talmhaíochta iad sin a chumhdaítear le hIarscríbhinn I de Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Talmhaíocht.

5. (a) Gan dochar do mhíreanna 1 go 3, i gcás ina bhfuil aon táirge ar de thionscnamh an Aontaisé á allmhairiú i gcainníochtaí atá chomh méadaithe sin agus faoi dhálaí den sórt sin a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le ceann de na cásanna dá dtagraítear i mír 2 don Stát is Comhpháirtí EAC nó a d'fhéadfadh bagairt a bheith ina gcúis lena leithéid, féadfaidh an Stát is Comhpháirtí EAC bearta faireachais nó bearta coimirce a dhéanamh a bheidh teoranta dá gcríoch i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i míreanna 6 go 9.

(b) Féadfaidh an Stát is Comhpháirtí EAC bearta coimirce a dhéanamh, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i míreanna 6 go 9, i gcás ina bhfuil táirge ar de thionscnamh an Aontais é de thoradh an laghdaithe ar dhleachtanna á allmhairiú isteach ina gcríoch i gcainníochtaí chomh méadaithe sin agus faoi dhálaí den sórt sin a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le suaitheadh don tionscal naíonán a tháirgeann táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht go díreach leo nó a d'fhéadfadh a leithéid a dhéanamh. Ní bheidh foráil den sórt sin infheidhme ach amháin go ceann tréimhse deich (10) mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Féadfaidh Comhairle CCE síneadh a chur leis an tréimhse sin go ceann uastréimhse cúig (5) bliana.

6. (a) Ní choinneofar bearta coimirce dá dtagraítear san Airteagal seo ar bun ach go ceann tréimhse ama de réir mar a bheidh gá leis chun mórdhíobháil nó suaitheadh mar a shainítear i míreanna 2, 4 agus 5 a chosc nó a leigheas.

(b) Ní chuirfear bearta coimirce dá dtagraítear san Airteagal seo i bhfeidhm go ceann tréimhse nach mó ná 2 bhliain. I gcás inarb ann i gcónaí do na himthosca lena n-éilítear bearta coimirce a fhorchur, féadfar síneadh a chur le bearta den sórt sin go ceann tréimhse bhreise nach mó ná 2 bhliain. I gcás ina gcuireann an Stát is Comhpháirtí EAC beart coimirce i bhfeidhm, nó i gcás ina gcuireann an tAontas beart coimirce i bhfeidhm a bheidh teoranta do chríoch ceann amháin nó níos mó dá réigiúin is forimeallaí, féadfar beart den sórt sin a chur i bhfeidhm mar sin féin go ceann tréimhse nach faide ná 4 bliana agus, i gcás inar ann i gcónaí do na himthosca lena n-éilítear bearta coimirce a fhorchur, féadfar síneadh a chur leo go ceann tréimhse bhreise 4 bliana.

(c) Bearta coimirce dá dtagraítear san Airteagal seo ar mó iad ná 1 bhliain amháin, beidh eilimintí soiléire iontu as a gcuirfear deireadh leo de réir a chéile faoi dheireadh na tréimhse socraithe, ar a dhéanaí.

(d) Ní chuirfear beart coimirce dá dtagraítear san Airteagal seo i bhfeidhm maidir le hallmhairiú táirge a bhí faoi réir birt den sórt sin roimhe seo go ceann tréimhse 1 bhliain amháin ar a laghad ó chuaigh an beart in éag.

7. Chun míreanna 1 go 6 a chur chun feidhme, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil Páirtí den tuairim gur ann do cheann de na himthosca a leagtar amach i míreanna 2, 4 nó 5, tarchuirfidh sé an cás láithreach chuig Coiste na nOifigeach Sinsearach lena scrúdú;

(b) féadfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach aon mholadh is gá a dhéanamh chun na himthosca a tháinig chun cinn a leigheas; mura ndéanfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach aon mholadh atá dírithe ar na himthosca a leigheas, nó mura dtiocfar ar aon réiteach sásúil eile laistigh de 30 lá ó tharchuirtear an t-ábhar chuig Coiste na nOifigeach Sinsearach, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir na bearta iomchuí a ghlacadh chun na himthosca a leigheas i gcomhréir leis an Airteagal seo;

(c) sula ndéanfaidh an Stát is Comhpháirtí EAC aon bheart dá ndéantar foráil san Airteagal seo nó, sna cásanna dá bhfuil feidhm ag mír 8 den Airteagal seo, a luaithe is féidir, soláthróidh an Stát is Comhpháirtí EAC do Choiste na nOifigeach Sinsearach an fhaisnéis iomchuí go léir is gá chun scrúdú críochnúil a dhéanamh ar an gcás, d'fhonn teacht ar réiteach is inghlactha ag na Páirtithe lena mbaineann;

(d) agus na bearta coimirce de bhun an Airteagail seo á roghnú, ní mór tosaíocht a thabhairt dóibh sin is lú a chuirfidh isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo;

(e) aon bheart coimirce a dhéanfar de bhun an Airteagail seo tabharfar fógra maidir leis i scríbhinn láithreach do Choiste na nOifigeach Sinsearach agus beidh sé faoi réir comhairliúcháin thréimhsiúla laistigh den chomhlacht sin, go háirithe d'fhonn tráthchlár a leagan síos chun deireadh a chur leo a luaithe agus a cheadóidh imthosca déanamh amhlaidh.

8. I gcás ina gceanglófar gníomhaíocht láithreach mar gheall ar imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir lena mbaineann na bearta dá ndéantar foráil i mír 3, 4 nó 5 a dhéanamh ar bhonn sealadach gan ceanglais mhír 7 a chomhlíonadh. Féadfar gníomhaíocht den sórt sin a dhéanamh go ceann uastréimhse 180 lá i gcás ina ndéanann an tAontas bearta, agus 200 lá i gcás ina ndéanann an Stát is Comhpháirtí EAC bearta nó i gcás ina bhfuil bearta arna ndéanamh ag an Aontas teoranta do chríoch ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí dá chuid. Comhairfear fad aon bhirt shealadaigh den sórt sin mar chuid den tréimhse tosaigh agus aon síneadh dá dtagraítear i mír 6. Agus bearta sealadacha den sórt sin á ndéanamh, cuirfear leas na bPáirtithe uile lena mbaineann san áireamh, lena n-áirítear a leibhéal forbartha. Cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir lena mbaineann an Páirtí eile ar an eolas agus cuirfidh sé an t-ábhar ar aghaidh láithreach chuig Coiste na nOifigeach Sinsearach lena scrúdú.

9. Má chuireann Páirtí is allmhaireoir allmhairí táirge faoi réir nós imeachta riaracháin arb é is aidhm dó soláthar mear faisnéise a dhéanamh maidir le treocht na sreafaí trádála a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis na fadhbanna dá dtagraítear san Airteagal seo, cuirfidh sé Coiste na nOifigeach Sinsearach ar an eolas gan mhoill.

10. Ní dhéanfar Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála a agairt chun bac a chur ar Pháirtí bearta coimirce a ghlacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

CUID III

IASCACH

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 51

Raon feidhme agus Prionsabail

1. Cumhdóidh an comhar i dtrádáil agus i bhforbairt iascaigh mhuirí, iascaigh intíre agus dobharshaothraithe.

2. Aithníonn na Páirtithe gur acmhainn eacnamaíoch thábhachtach de chuid an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC iad na hiascaigh, a rannchuidíonn go mór le geilleagair an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC, agus go bhfuil acmhainneacht mhór acu le haghaidh forbairt eacnamaíoch réigiúnach agus chun an bhochtaineacht a laghdú amach anseo. Is foinse thábhachtach bia agus malairte eachtraí iad freisin.

3. Aithníonn na Páirtithe freisin go bhfuil spéis mhór ag an Aontas agus ag an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC araon in acmhainní iascaigh, agus comhaontaíonn siad dul i gcomhar ar mhaithe le forbairt agus bainistíocht inbhuanaithe earnáil an iascaigh dá leasanna coiteanna, agus tionchair eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta á gcur san áireamh acu.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe gurb í an straitéis iomchuí chun fás eacnamaíoch earnáil an iascaigh a chur chun cinn agus chun a ranníocaíocht do gheilleagar an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a fheabhsú, agus a inbhuanaitheacht fhadtéarmach á cur san áireamh, trí gníomhaíochtaí a chuireann leis an luach a mhéadú laistigh den earnáil.

AIRTEAGAL 52

Prionsabail an Chomhair

1. Áireofar iad seo a leanas le prionsabail an chomhair in iascaigh:

(a) tacaíocht a thabhairt chun an lánpháirtiú réigiúnach a fhorbairt agus a neartú;

(b) *acquis* Chomhaontú Cotonou agus a chomhaontú comharba a chaomhnú;

(c) cóir speisialta agus dhifreáilte a sholáthar;

(d) an fhaisnéis eolaíoch is fearr atá ar fáil a chur san áireamh le haghaidh measúnú agus bainistíocht acmhainní;

(e) córais faireacháin fheidhmiúla a áirithiú le haghaidh na dtionchar comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC;

(f) comhréireacht a áirithiú le dlí náisiúnta agus le hionstraimí idirnáisiúnta ábhartha atá ann cheana, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige ó 1982, arna dhéanamh ag Montego Bay an 10 Nollaig 1982 (UNCLOS), comhaontuithe réigiúnacha agus fo-réigiúnacha;

(g) caomhnú an iascaigh cheardaíochta/leorchothaithigh a áirithiú, agus tosaíocht a thabhairt do riachtanais áirithe an iascaigh sin.

2. Ba cheart do na prionsabail threorach sin rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe agus fhreagrach na n-acmhainní muirí beo intíre agus an dobharshaothraithe, agus tairbhí na hearnála sin a bharrfheabhsú le haghaidh glúnta reatha agus amach anseo, trí infheistíocht mhéadaithe, fothú acmhainneachta agus rochtain fheabhsaithe ar an margadh.

3. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar chun a áirithiú go soláthrófar tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile chun acmhainneacht iomaíochais agus acmhainneacht táirgeachta na monarchan próiseála a fheabhsú, éagsúlú thionscal na hiascaireachta agus forbairt agus feabhsú na saoráidí calafoirt sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC.

4. Tá réimsí comhair mionsonraithe aitheanta faoi Theideal IV de Chuid V.

TEIDEAL II

IASCAIGH MHUIRÍ

AIRTEAGAL 53

Raon feidhme agus Cuspóirí

1. Beidh feidhm ag forálacha an Teidil seo maidir le húsáid, caomhnú agus bainistíocht acmhainní iascaigh mhuirí chun na tairbhí ó iascaigh don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC a bharrfheabhsú trí infheistíocht, fothú acmhainneachta agus rochtain fheabhsaithe ar an margadh.

2. Is iad seo a leanas cuspóirí an chomhair idir na Páirtithe faoin Teideal seo:

(a) forbairt agus bainistíocht inbhuanaithe iascach a chur chun cinn;

(b) comhar a neartú chun saothrú agus bainistíocht inbhuanaithe acmhainní iascaigh a áirithiú mar bhonn láidir le haghaidh lánpháirtiú réigiúnach, ag glacadh leis na speicis traslimistéir agus imirceacha a roinntear i measc Stát nó Stáit is Comhpháirtithe EAC ar an gcósta, agus i bhfianaise nach bhfuil sé d'inniúlacht ag aon Stát is Comhpháirtithe EAC aonair inbhuanaitheacht na hacmhainne a áirithiú;

(c) sciar níos cothroime de na tairbhí a dhíorthaítear ón earnáil iascaigh a áirithiú;

(d) faireachán, rialú agus faireachas éifeachtach a áirithiú, ar gá iad chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac;

(e) saothrú, caomhnú agus bainistíocht na hacmhainne muirí beo a chur chun cinn sa Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus in uiscí ina bhfuil dlínse ag an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC bunaithe ar ionstraimí idirnáisiúnta, lena n-áirítear UNCLOS, le haghaidh buntáiste sóisialta agus eacnamaíoch na bPáirtithe;

(f) trádáil réigiúnach agus idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a fhorbairt bunaithe ar dea-chleachtais;

(g) timpeallacht chumasúcháin a chruthú, lena n-áirítear bonneagar agus fothú acmhainneachta, ionas go mbeidh an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC in ann na ceanglais mhargaidh is déine a láimhseáil le haghaidh iascaigh thionsclaíocha agus ar scála beag;

(h) tacaíocht a thabhairt do bheartais náisiúnta agus réigiúnacha arb é is aidhm dóibh táirgiúlacht agus iomaíochas earnáil an iascaigh a mhéadú; agus

(i) naisc a thógáil le hearnálacha eacnamaíocha eile.

AIRTEAGAL 54

Bainistiú Iascaigh agus Saincheisteanna Caomhnaithe

1. Cuirfear an cur chuige réamhchúraim i bhfeidhm nuair a bheidh leibhéil na gabhála inbhuanaithe, na hacmhainneachta iascaireachta agus straitéisí bainistíochta eile á gcinneadh chun torthaí neamh-inmhianaithe a sheachaint nó a aisiompú amhail ró-acmhainneacht agus ró-iascaireacht, chomh maith le tionchair neamh-inmhianaithe ar éiceachórais agus ar iascaigh cheardaíochta.

2. Féadfaidh gach Stát is Comhpháirtí EAC bearta iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear srianta séasúracha agus srianta maidir le trealamh, chun a uiscí teorann a chosaint agus inbhuanaitheacht na n-iascach ceardaíochta agus cósta a áirithiú.

3. Cuirfidh na Páirtithe ballraíocht an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC uile lena mbaineann chun cinn do Choimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC) agus d'eagraíochtaí iascaigh ábhartha eile. Déanfaidh an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC, in éineacht leis an Aontas, comhordú ar ghníomhaíocht chun bainistíocht agus caomhnú na speiceas éisc uile a áirithiú, lena n-áirítear acmhainní tuinníní agus tuinníní nach n-áirítear in áit eile agus chun taighde eolaíoch ábhartha a éascú.

4. I gcás ina bhfuil fianaise eolaíoch neamh-leordhóthanach don údarás bainistíochta inniúil náisiúnta chun teorainneacha agus sprioc-leibhéil na gabhála inbhuanaithe a chinneadh i limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Stáit is Comhpháirtí EAC, tacóidh na Páirtithe, i gcomhairle leis an údarás náisiúnta inniúil, agus in éineacht le IOTC agus, i gcás inarb ábhartha, eagraíochtaí iascaigh réigiúnacha eile, le hanailís eolaíoch den sórt sin.

5. Comhaontaíonn na Páirtithe bearta iomchuí a dhéanamh i gcás ina mbíonn leibhéil gabhálacha ann de bharr méadú ar an iarracht atá os cionn an spriocleibhéil inbhuanaithe arna leagan síos ag an údarás náisiúnta inniúil.

6. Chun stoic éisc traslimistéir agus stoic éisc mhórimirceacha a chaomhnú agus a bhainistiú, áiritheoidh an tAontas agus an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC go gcomhlíonfaidh soithí faoina mbratacha bearta bainistíochta iascaigh náisiúnta, réigiúnacha agus fo-réigiúnacha agus dlíthe agus rialacháin náisiúnta ghaolmhara.

AIRTEAGAL 55

Socruithe maidir le Bainistíocht Soithí agus Socruithe Iar-ghabhála

1. Breathnófar ar shocruithe bainistíochta soithí agus ar shocruithe iar-ghabhála a thiocfaidh ó IOTC agus aon eagraíocht iascaigh réigiúnach ábhartha eile. Leagfaidh an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC agus an tAontas téarmaí agus coinníollacha íosta amach i dtaca le faireachán, rialú agus faireachas shoithí iascaireachta an Aontais a oibríonn in uiscí an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC, ar cheart do na nithe seo a leanas a bheith ann:

(a) go mbunófar Córas um Fhaireachán Soithí (VMS) don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC agus mura bhfuil VMS ag an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC, gheobhaidh sé cúnamh ón Aontas chun VMC comhoiriúnach a chur ar bun;

(b) in éineacht le córas comhoiriúnach éigeantach VMS, go bhforbróidh an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC, in éineacht leis an Aontas, sásraí eile chun faireachán, rialú agus faireachas éifeachtach a áirithiú, agus tacóidh an tAontas leis an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC chun córas comhaontaithe den sórt sin a chur i bhfeidhm agus tabharfaidh sé cúnamh lena chur chun feidhme;

(c) go mbeidh sé de cheart ag an Aontas agus ag an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC breathnóirí a shocrú, bídís in uiscí náisiúnta nó idirnáisiúnta, agus na nósanna imeachta maidir le cur in úsáid na mbreathnóirí a bheith sonraithe go maith; is iad na rialtais náisiúnta a íocfaidh na breathnóirí, ach is é úinéir na loinge a sheasfaidh na costais uile ar bord; tacóidh an tAontas leis na costais maidir le breathnóirí a chur faoi oiliúint;

(d) go bhforbrófar comhchórais tuairiscithe iascaigh agus úsáidfear iad ar fud an réigiúin, agus leagfar síos téarmaí íosta maidir le tuairisciú;

(e) maidir legach soitheach a thagann i dtír nó a dhéanann trasloingsiú ar a ngabháil laistigh de Stát is Comhpháirtí EAC, go ndéanfaidh sí amhlaidh i gcalafoirt nó i limistéir chalafoirt amuigh. Ní cheadófar aon trasloingsiú ar muir, seachas faoi choinníollacha áirithe mar a fhorálann an Eagraíocht Réigiúnach Bainistithe Iascaigh (ERBI) ábhartha dóibh; rachaidh na Páirtithe i gcomhar chun bonneagar a fhorbairt agus a nuachóiriú maidir le teacht i dtír nó trasloingsiú i gcalafoirt an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC, lena n-áirítear acmhainneacht forbartha táirgí éisc;

(f) go mbeidh tuairisciú ar éisc aischurtha éigeantach; ba cheart tosaíocht a thabhairt maidir le héisc aischurtha a sheachaint trí mhodhanna iascaireachta roghnaitheacha a úsáid i gcomhréir le prionsabail IOTC agus eagraíochtaí iascaigh réigiúnacha ábhartha; a mhéid is féidir, tabharfar an fho-ghabháil i dtír;

2. Comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhar chun cláir oiliúna náisiúnta/réigiúnacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme do náisiúnaigh an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC chun a rannpháirtíocht éifeachtach i dtionscal na hiascaireachta a éascú. I gcás inar chaibidligh an tAontas comhaontú iascaigh déthaobhach, molfar go ndéanfaí náisiúnaigh an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a fhostú. Beidh feidhm ag Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair maidir leis na mairnéalaigh arna gclárú ar shoithí de chuid an Aontais.

3. Tabharfaidh na Páirtithe faoi iarrachtaí comhordaithe chun feabhas a chur ar na modhanna chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh, agus a dhíothú agus leis sin déanfaidh siad bearta iomchuí. Déanfar soithí iascaireachta a bheidh ag gabháil d'iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a choigistiú agus ionchúiseoidh na húdaráis inniúla a gcuid úinéirí. Níor cheart cead a thabhairt dóibh iascach in uiscí an Stáit is Comhpháirtí EAC lena mbaineann arís mura mbeidh réamhúdarú faighte ón Stát brataí agus ón Stát is Comhpháirtí EAC sin araon chomh maith leis an ERBI lena mbaineann, i gcás inarb ábhartha.

TEIDEAL III

IASCAIGH INTÍRE AGUS FORBAIRT DOBHARSHAOTHRAITHE

AIRTEAGAL 56

Raon feidhme agus Cuspóirí

1. Beidh feidhm ag forálacha an Teidil seo maidir le hiascaigh intíre, le forbairt an chósta agus an dobharshaothraithe sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC i dtaca le fothú acmhainneachta, aistriú teicneolaíochta, caighdeáin SPS, infheistíocht agus maoiniú infheistíochta, cosaint an chomhshaoil, agus creata dlíthiúla agus rialála.

2. I measc chuspóirí an chomhair in iascaigh intíre agus le forbairt an dobharshaothraithe cuirfear saothrú inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh intíre chun cinn, agus cuirfear feabhas ar tháirgeadh dobharshaothraithe, bainfear bacainní ar thaobh an tsoláthair, feabhsófar cáilíocht an éisc agus na dtáirgí éisc chun bearta SPS idirnáisiúnta a chomhlíonadh, feabhsófar an rochtain ar mhargadh an Aontais, tabharfar aghaidh ar bhacainní trádála inréigiúnacha, meallfar insreafaí caipitil agus infheistíocht isteach san earnáil, fothófar acmhainneacht, agus feabhsófar an rochtain ar thacaíocht airgeadais d'infheisteoirí príobháideacha le haghaidh iascaigh intíre agus forbairt an dobharshaothraithe.

CUID IV

TALMHAÍOCHT

AIRTEAGAL 57

Raon feidhme agus Sainmhínithe

1. Beidh feidhm ag forálacha na Coda seo maidir le barra agus beostoc, lena n-áirítear feithidí táirgiúla.

2. Chun críocha na Coda seo agus Theideal II de Chuid V, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) áirítear barra, beostoc agus feithidí táirgiúla le 'talmhaíocht';

(b) ciallaíonn 'táirgí talmhaíochta' iad sin a chumhdaítear le hIarscríbhinn I de Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht;

(c) ciallaíonn 'maoiniú talmhaíochta' acmhainní airgeadais a sholáthar mar thacaíocht do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an talmhaíocht ar fud an tslabhra luacha iomláin, amhail soláthairtí ionchuir, seirbhísí talmhaíochta, táirgeadh, stóráil, dáileadh, claochlú agus margaíocht táirge;

(d) ciallaíonn 'ionchuir thalmhaíochta' na substaintí nó na hábhair uile, an trealamh agus na huirlisí a úsáidtear i dtáirgeadh agus i láimhseáil táirgí talmhaíochta;

(e) ciallaíonn ‘teicneolaíocht talmhaíochta inbhuanaithe’ teicneolaíocht a dearadh agus a tionchair chomhshaoil, shóisialta agus, eacnamaíocha á gcur san áireamh go háirithe;

(f) ciallaíonn ‘slándáil bia agus cothaithe’ go bhfuil ag gach uile dhuine ag gach uile tráth rochtain fhisiceach agus eacnamaíoch araon ar bhia sábháilte, leordhóthanach, agus cothaitheach chun na riachtanais atá acu maidir le saol bisiúil agus folláin a chomhlíonadh;

(g) ciallaíonn ‘slándáil slite beatha’ go mbeidh rochtain leordhóthanach agus inbhuanaithe ag duine ar ioncam agus ar acmhainní chun bunriachtanais a chomhlíonadh ar bhealach cothrom (lena n-áirítear rochtain shásúil ar bhia, uisce inólta, saoráidí sláinte, deiseanna oideachais, tithíocht agus am le bheith rannpháirteach sa phobal agus le haghaidh lánpháirtiú sóisialta);

(h) ciallaíonn ‘tubaiste nádúrtha’ iarmhairt d’anachana nádúrtha amhail triomach, creathanna talún, sciorrthaí talún, brúchtaí bolcánacha, tuilte, lotnaidí agus galair;

(i) ciallaíonn‘ ‘feirmeoirí beaga a bhfuil acmhainní teoranta acu’ táirgeoirí a bhfuil gabháltas beag talún féin acu ina bhfuil níos lú ná dhá (2) heicteár agus a bhfuil a scála oibríochtaí róbheag chun an soláthar seirbhísí is gá a mhealladh chun táirgiúlacht a mhéadú agus leas a bhaint as deiseanna margaidh;

(j) áirítear le ‘forbairt inbhuanaithe’ i gcomhthéacs na Coda seo bainistíocht agus cosaint an bhoinn acmhainní nádúrtha le haghaidh forbairt eacnamaíoch agus shóisialta ar bhealach arb é is aidhm dó riachtanais an duine a chomhlíonadh le haghaidh glúnta atá ann anois agus glúnta amach anseo.

AIRTEAGAL 58

Cuspóirí

1. Comhaontaíonn na Páirtithe gurb é forbairt talmhaíochta inbhuanaithe cuspóir bunúsach na Coda seo ina n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dó, slándáil bia agus slite maireachtála, forbairt tuaithe agus laghdú bochtaineachta sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC.

2. Is iad seo a leanas cuspóirí na Coda seo:

(a) comhar a chothú idir na Páirtithe d’fhonn saibhreas a chruthú agus an cháilíocht saoil a fheabhsú dóibh siúd a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí talmhaíochta trí tháirgeadh méadaithe, táirgiúlacht agus sciar den mhargadh;

(b) feabhas a chur ar shlándáil bia agus cothaithe sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC trí luach breise a chur chun cinn, aschur a mhéadú, cáilíocht, sábháilteacht, lánpháirtiú margaidh, trádáil, infhaighteacht agus inrochtaineacht;

(c) rannchuidiú le soláthar fostaíochta sochraí ar fud shlabhra luacha earnáil talmhaíochta nuachóirithe;

(d) tionscail agra-bhunaithe atá nua-aimseartha agus iomaíoch a fhorbairt;

(e) úsáid agus bainistíocht inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus cultúrtha a chur chun cinn, trí theicneolaíochtaí inbhuanaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt a chuireann feabhas ar tháirgiúlacht talmhaíochta;

(f) rannchuidiú le hiomaíochas trí bhreis luacha a chur chun cinn ar fud na slabhraí soláthair chun margaí a rochtain;

(g) feabhas a chur ar ioncam táirgeoirí trí mhargú táirgí talmhaíochta breisluacha a chur chun cinn ar an margadh;

(h) coigeartú earnáil na talmhaíochta agus an gheilleagair tuaithe a éascú ionas gur féidir athruithe eacnamaíocha domhanda a láimhseáil;

(i) feidhmíocht eacnamaíoch feirmeoirí beaga a shlógadh agus a mhéadú trí fhothú acmhainneachta eagraíochtaí feirmeoirí;

(j) feabhas a chur ar éascú trádála agus margaidh le haghaidh tráchtearraí talmhaíochta chun tuilleamh ón malairt eachtrach a mhéadú;

(k) feabhas a chur ar bhonneagar laistigh den Stát nó de na Stáit is Comhpháirtithe EAC chun táirgeacht, táirgiúlacht, margaíocht agus dáileadh ionchur talmhaíochta agus táirgí talmhaíochta a fheabhsú, agus aird faoi leith á tabhairt ar stóráil, grádú, láimhseáil, pacáil agus iompar.

AIRTEAGAL 59

Prionsabail Ghinearálta

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann leis an talmhaíocht i ngeilleagair an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC mar phríomhfhoinse slí mhaireachtála do mhóramh dhaonra an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC, mar phríomhthoisc chun slándáil bia agus cothaithe a áirithiú, mar earnáil ionchasach le haghaidh ardfháis agus breisluacha, agus mar fhoinse tuilleamh onnmhairiúcháin.

2. I bhfianaise an róil ilfheidhmigh atá ag an talmhaíocht i ngeilleagar an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC , comhaontaíonn na Páirtithe go n-úsáidfidh siad cur chuige cuimsitheach i leith na talmhaíochta mar bhunús le haghaidh forbairt inbhuanaithe.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhar chun fás inbhuanaithe earnáil na talmhaíochta a chur chun cinn, agus gnéithe iomadúla na hearnála agus ilchineálacht shaintréithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil chomh maith le straitéisí forbartha an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC á gcur san áireamh.

4. Aithníonn na Páirtithe go rannchuideoidh lánpháirtiú níos géire earnáil na talmhaíochta ar fud an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC chun na margaí idir-réigiúnacha a leathnú, agus chun raon feidhme infheistíochta agus forbairt na hearnála príobháidí a mhéadú.

5. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do tháirgeadh talmhaíochta, do bhreisluach a chur chun cinn, do thionscnaimh forbartha margaidh agus trádála sa talmhaíocht trí ionstraimí iomchuí, agus creat rialála iomchuí a sholáthar chun freagairt do dhálaí margaidh atá ag athrú. Leis sin, déanann na Páirtithe iarracht oibriú le chéile chun an infheistíocht is gá a mhealladh isteach sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC.

6. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfar tosaíochtaí talmhaíochta a bhreithnítear sa Chuid seo a nascadh go soiléir leis an gcreat beartais uileghabhálach réigiúnach le haghaidh slándáil bia agus cothaithe agus le haghaidh laghdú na bochtaineachta chun comhsheasmhacht agus treoraíocht a áirithiú maidir leis an gclár oibre d'fhorbairt réigiúnach.

AIRTEAGAL 60

Idirphlé Cuimsitheach

1. Bunóidh na Páirtithe Idirphlé Cuimsitheach idir an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC agus an tAontas maidir leis an mBeartas Forbartha Talmhaíochta agus Tuaithe (dá ngairtear 'Idirphlé Talmhaíochta' anseo feasta) i ndáil le gach ábhar a chumhdaítear sa Chuid seo. Déanfar faireachán san Idirphlé Talmhaíochta ar an dul chun cinn maidir leis an gCuid seo a chur chun feidhme agus soláthrófar fóram leis i gcomhair malartú agus comhair ar bheartais talmhaíochta intíre na bPáirtithe faoi leith agus, go háirithe, ról na talmhaíochta sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC maidir le hioncam feirme a ardú, slándáil bia, úsáid inbhuanaithe acmhainní, forbairt tuaithe agus fás eacnamaíoch.

2. Beidh an tIdirphlé Talmhaíochta ar siúl laistigh de Choiste na nOifigeach Sinsearach.

3. Leagfaidh na Páirtithe síos nósanna imeachta agus módúlachtaí oibre an Idirphlé Talmhaíochta trí chomhaontú frithpháirteach.

AIRTEAGAL 61

Lánpháirtiú réigiúnach

Aithníonn na Páirtithe go rannchuideoidh lánpháirtiú earnáil na talmhaíochta ar fud na Stát is Comhpháirtithe EAC, trí bhacainní a bhaint de réir a chéile, trí chreat rialála agus institiúideach iomchuí a sholáthar agus trí bheartais a chomhchuibhiú agus a chóineasú, chun géarú ar an bpróiseas lánpháirtithe réigiúnaigh agus rannchuidiú dá réir sin chun na margaí réigiúnacha a leathnú, rud a mhéadóidh an raon feidhme i gcomhair infheistíochta agus i gcomhair fhorbairt na hearnála príobháidí.

AIRTEAGAL 62

Beartais Chumasúcháin

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le beartais agus athchóirithe institiúideacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun go mbeifear in ann cuspóirí na Coda seo a bhaint amach agus a éascú.

AIRTEAGAL 63

Forbairt Talmhaíochta Inbhuanaithe

Rachaidh na Páirtithe i gcomhar chun forbairt talmhaíochta inbhuanaithe a bhaint amach agus aird speisialta ar thacaíocht a thabhairt do phobail tuaithe leochaileacha sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC i bhfianaise an táirgthe agus na bpatrún trádála domhanda atá ag athrú chomh maith le toighsí agus sainroghanna tomhaltóirí.

AIRTEAGAL 64

Slándáil Bia agus Cothaithe

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcuirfidh forálacha an Chomhaontaithe seo ar chumas an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC bearta éifeachtacha a chur chun feidhme chun slándáil bia agus cothaithe agus forbairt talmhaíochta inbhuanaithe a bhaint amach, agus chun margaí talmhaíochta tráchtála a fhorbairt sa réigiún chun slándáil bia agus cothaithe a áirithiú.

2. Áiritheoidh na Páirtithe gurb é is aidhm do ghníomhaíochtaí a dhéantar faoin gCuid seo slándáil bia agus cothaithe a fheabhsú, agus go seachnófar bearta a ghlacadh a d'fhéadfadh baint amach na slándála bia agus cothaithe a chur i mbaol ar leibhéil teaghlaigh, náisiúnta agus réigiúnacha.

AIRTEAGAL 65

Bainistíocht an tSlabhra Luacha

Comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh straitéis réigiúnach acu chun inniúlachtaí soláthair a fheabhsú sa talmhaíocht, agus fo-earnálacha talmhaíochta ardluacha á sainaithint dá bhfuil buntáiste iomaíoch ag an réigiún, agus leas a bhaint as infheistíochtaí atá in ann an t-aistriú ó bhuntáistí comparáideacha go buntáistí iomaíocha a éascú.

AIRTEAGAL 66

Córais Luathrabhaidh

Aithníonn na Páirtithe an gá atá ann córais faisnéise maidir le slándáil bia a bhunú, feabhas a chur orthu agus cur leo, lena n-áirítear córais luathrabhaidh náisiúnta, chomh maith le córais measúnaithe agus faireacháin leochaileachta, agus gníomhaíochtaí forbartha acmhainne a chur chun feidhme, i gcomhar le sásraí idirnáisiúnta agus réigiúnacha atá ann cheana, agus trí mheán na sásraí sin.

AIRTEAGAL 67

Teicneolaíocht

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht atá le teicneolaíochtaí talmhaíochta nua-aimseartha agus inbhuanaithe agus comhaontaíonn siad an úsáid a bhainfear as teicneolaíochtaí talmhaíochta nua-aimseartha a fhorbairt agus a chur chun cinn, teicneolaíochtaí ina n-áirítear:

(a) teicneolaíochtaí inbhuanaithe a bhaineann le huisciú agus uisciú leasaitheach;

(b) saothrúchán fíocháin agus micriomadú;

(c) síolta feabhsaithe;

(d) inseamhnú saorga;

(e) bainistíocht chomhtháite lotnaidí;

(f) pacáistíocht táirgí;

(g) láimhseáil iar-ghabhála;

(h) saotharlanna creidiúnaithe;

(i) biteicneolaíocht;

(j) measúnú agus bainistíocht riosca.

AIRTEAGAL 68

Bearta Beartais Intíre

1. Áiritheoidh gach Páirtí trédhearcacht i réimse na tacaíochta talmhaíochta a bhaineann le trádáil i dtáirgí talmhaíochta. Chuige sin, tabharfaidh an tAontas tuairisc thréimhsiúil laistigh den Idirphlé Talmhaíochta don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC maidir le bunús dlí, foirm agus méid na tacaíochta sin. Meastar gur soláthraíodh faisnéis den sórt sin má chuir na Páirtithe ar fáil í nó má cuireadh ar fáil ar son na bPáirtithe í ar shuíomh gréasáin atá inrochtana don phobal.

2. Ní dheonóidh an tAontas fóirdheontais onnmhairiúcháin le haghaidh aon táirge talmhaíochta don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC, tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Déanfaidh Comhairle CCE athbhreithniú ar an toirmeasc sin tar éis daichead a hocht (48) mí.

3. Ina theannta sin, déanfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach scrúdú ar saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht aníos i ndáil leis an rochtain a gheobhaidh táirgí talmhaíochta na bPáirtithe ar mhargaí a chéile. Féadfaidh an Coiste moltaí a dhéanamh le Comhairle CCE i gcomhréir le hAirteagal 107.

AIRTEAGAL 69

Táirgeadh agus Margú Tráchtearraí Talmhaíochta

1. Aithníonn na Páirtithe na dúshláin atá le sárú ag an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC mar gheall ar a gcuid spleáchais ar onnmhairiú príomh-thráchtearraí talmhaíochta, atá faoi réir luaineacht praghsanna go mór agus téarmaí trádála atá ag dul i meath, le haghaidh tuillimh ón malairt eachtrach.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe dá bhrí sin an méid seo a leanas:

(a) an chomhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach in infheistíochtaí a neartú le haghaidh tháirgeadh, phróiseáil agus mhargú tráchtearraí talmhaíochta;

(b) dul i gcomhar chun inniúlachtaí a fhorbairt chun margaí nideoige a rochtain, agus comhlíontacht le caighdeáin tráchtearraí a éascú chun ceanglais margaí den sórt sin a chomhlíonadh;

(c) tacú le héagsúlú táirgthe talmhaíochta agus táirgí onnmhairiúcháin sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC;

(d) feabhas a chur ar ioncam táirgeoirí trí mhargú táirgí talmhaíochta breisluacha a fhorbairt ar an margadh.

AIRTEAGAL 70

Faireachán

Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh an Chomhairle athbhreithniú agus faireachán ar chur chun feidhme a gcuid oibleagáidí faoin gComhaontú seo. Soláthróidh Comhairle CCE faireachas éifeachtach ar chomhlíontacht le hoibleagáidí trí thrédhearcacht a áirithiú agus gheobhaidh na Páirtithe deis measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú na n-oibleagáidí sin lena gcuspóir fadtéarmach maidir le córas trádála talmhaíochta a bhunú a bheidh cothrom agus dírithe ar an margadh.

AIRTEAGAL 71

Tíortha is Glanallmhaireoirí Bia

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá ar an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC ar glanallmhaireoirí bia iad. Dá bhrí sin, is é is cuspóir don Airteagal seo cúnamh a thabhairt do Stáit ar glan-allmhaireoirí bia iad chun cláir a fhorbairt lena n-áiritheofar slándáil bia.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe an méid seo a leanas:

(a) aghaidh a thabhairt ar shrianta ar tháirgeadh bia, ar stóráil agus ar dháileadh bia sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC;

(b) cúnamh bia a aimsiú laistigh den Stát nó de na Stáit is Comhpháirtithe EAC agus comhphobail eacnamaíocha réigiúnacha eile san Afraic;

(c) feabhas a chur ar chomhordú an chúnaimh bia.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe leibhéal cúnaimh bia leormhaith a choinneáil ar bun, agus leasanna na ndaoine a gheobhaidh an cúnamh bia á gcur san áireamh, agus a áirithiú nach gcuireann na bearta a luaitear i mír 2 isteach go neamhbheartaithe ar sheachadadh an chúnaimh bia a cuireadh ar fáil chun déileáil le cásanna éigeandála.

4. Áiritheoidh na Páirtithe go soláthraítear cúnamh bia i gcomhréir go hiomlán leis na bearta arb é is aidhm dóibh díláithriú tráchtála a chosc, ina n-áirítear:

(a) a áirithiú go mbeidh gach idirbheart maidir le cúnamh bia ag brath ar an ngá atá leo agus i bhfoirm deontais iomláin; agus

(b) gan iad a cheangal go díreach nó go hindíreach le honnmhairí tráchtála táirgí talmhaíochta nó earraí agus seirbhísí eile.

AIRTEAGAL 72

An tábhacht atá le hEarnálacha Áirithe

1. Aithníonn na Páirtithe:

(a) go bhfuil soláthar rochtana leordhóthanaí ar bhia, uisce óil glan agus sábháilte, saoráidí sláinte, deiseanna oideachais, tithíocht, rannpháirtíocht an phobail agus lánpháirtiú shóisialta tábhachtach chun slí bheatha an daonra tuaithe a thabhairt slán;

(b) go bhfuil ról ríthábhachtach ag forbairt bonneagair talmhaíochta, lena n-áirítear táirgeadh, próiseáil, margaíocht agus dáileadh, maidir le forbairt tuaithe sóisialta-eacnamaíoch agus le lánpháirtiú réigiúnach an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC;

(c) go bhfuil tábhacht le seirbhísí tacaíochta teicniúla, amhail taighde talmhaíochta, oiliúint maidir le seirbhísí forleathnúcháin agus comhairleacha maidir leis an táirgiúlacht talmhaíochta a mhéadú;

(d) gur beart tábhachtach é maoiniú talmhaíochta a éascú chun earnáil na talmhaíochta a chlaochlú sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC toics go n-éilítear maoiniú chun teicneolaíocht talmhaíochta a fhorbairt, le haghaidh creidmheas agus árachas talmhaíochta, forbairt bonneagair agus margaí chomh maith le hoiliúint feirmeoirí; agus

(e) go bhfuil forbairt tuaithe inbhuanaithe tábhachtach chun feabhas a chur ar chaighdeáin mhaireachtála phobal tuaithe an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhar i réimsí amhail slándáil slite maireachtála, bonneagar talmhaíochta, seirbhísí tacaíochta teicniúla, seirbhísí maoinithe talmhaíochta agus forbairt tuaithe, dá ndéantar foráil i dTeideal II de Chuid V.

AIRTEAGAL 73

Faisnéis agus Cumarsáid a Mhalartú

1. Comhaontaíonn na Páirtithe taithí agus faisnéis a mhalartú maidir le dea-chleachtais, agus dul i gcomhairle le chéile maidir leis na saincheisteanna uile in iarracht cuspóirí na Coda seo a bhaint amach.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis a mhalartú maidir le táirgeadh, tomhaltas agus trádáil talmhaíochta agus maidir lena gcuid forbairtí margaidh faoi seach le haghaidh táirgí talmhaíochta;

(b) faisnéis a mhalartú maidir le deiseanna infheistíochta agus dreasachtaí atá le fáil in earnáil na talmhaíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ar mionscála;

(c) faisnéis a mhalartú eatarthu maidir le beartais, dlíthe agus rialacháin talmhaíochta;

(d) na hathruithe beartais agus institiúideacha is gá a phlé a bheidh mar bhonn taca faoi chlaochlú earnáil na talmhaíochta, chomh maith le beartais réigiúnacha maidir leis an talmhaíocht, agus forbairt tuaithe a cheapadh agus a chur chun feidhme, in iarracht an lánpháirtiú réigiúnach a bhaint amach;

(e) faisnéis a mhalartú maidir le teicneolaíochtaí nua agus iomchuí, chomh maith le beartais agus bearta a bhaineann le cáilíocht táirgí talmhaíochta.

AIRTEAGAL 74

Tásca Geografacha

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le tásca geografacha le haghaidh talmhaíocht inbhuanaithe agus forbairt tuaithe.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhar chun táirgí a shainaithint, a aithint agus a chlárú, táirgí a d'fhéadfadh tairbhiú de chosaint mar thásca geografacha agus aon ghníomhaíocht eile arb é is aidhm di cosaint a bhaint amach do tháirgí a shainaithnítear mar sin.

CUID V

COMHAR EACNAMAÍOCH AGUS FORBARTHA

AIRTEAGAL 75

Forálacha Ginearálta

1. I gcomhréir le hAirteagail 34 agus 35 de Chomhaontú Cotonou agus forálacha comhfhreagracha a chomhaontaithe comharba, athdhearbhaíonn na Páirtithe gur bunghné dá gComhpháirtíocht í an comhar forbartha agus gur toisc fhíor-riachtanach é chun cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil forlámhas ag forálacha Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gComhaontú seo ar fhorálacha na Coda seo.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha an Stáit is Comhpháirtí EAC tríd an méid seo a leanas: an acmhainneacht táirgthe agus soláthair a mhéadú, an claochlú struchtúrach agus iomaíochas a gcuid geilleagar a chothú, a n-éagsúlacht eacnamaíoch a fheabhsú agus an breisluach a mhéadú, chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt don lánpháirtiú réigiúnach.

3. Tá na Páirtithe tiomanta dul i gcomhar chun cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a éascú agus tacú le lánpháirtiú réigiúnach agus le straitéisí forbartha. Comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh an comhar bunaithe ar an gCuid seo agus ar Mhaitrís Forbartha CCE, agus iad araon faoi réir fhorálacha Iarscríbhinn VI ag a bhfuil forlámhas, anuas ar straitéisí forbartha réigiúnacha agus náisiúnta an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC. Tá Maitrís Forbartha CCE agus na tagarmharcanna bunlíne comhfhreagracha, na táscairí agus na spriocanna a léiríonn na riachtanais atá sainaitheanta ag an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC tráth ar síníodh an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus Comhphobal na hAfraice Thoir i gceangal leis seo mar Iarscríbhinn III(a) agus Iarscríbhinn III(b), faoi seach. Déanfar athbhreithniú orthu gach 5 bliana. Beidh an comhar i bhfoirm tacaíocht airgeadais agus neamhairgeadais don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC.

4. An maoiniú a bhaineann leis an gcomhar forbartha idir an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC agus an tAontas chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme, déanfar é faoi chuimsiú na rialacha agus na nósanna imeachta ábhartha dá ndéantar foráil i gComhaontú Cotonou agus ina chomhaontú comharba agus faoi chuimsiú na n-ionstraimí ábhartha comhleanúnacha arna maoiniú ag buiséad ginearálta an Aontais. Sa chomhthéacs seo, ag cur na ndúshlán nua a eascróidh ó lánpháirtiú réigiúnach feabhsaithe agus iomaíocht ar na margaí domhanda san áireamh, comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh sé mar cheann de na tosaíochtaí tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcuirfear ionstraimí airgeadais dá ndéantar foráil i gComhaontú Cotonou agus ina chomhaontú comharba in úsáid chun na tairbhí a bhfuil coinne leo ón gComhaontú seo a uasmhéadú.

5. Ar mhaithe leis an gComhaontú seo a chur chun feidhme, tá na Páirtithe tiomanta d'acmhainní a chur in úsáid i gcomhpháirt agus go haonarach, agus treoraíocht maidir leis sin á soláthar le forálacha sonracha Theideal X, faoi réir fhorálacha Iarscríbhinn VI a bhfuil forlámhas acu.

6. I gcomhréir le Dearbhú Pháras maidir le hÉifeachtacht na Cabhrach de chuid ECFE a glacadh an 2 Márta 2005, comhaontaíonn na Páirtithe sásraí seachadta, cistí nó saoráidí atá faoi úinéireacht náisiúnta agus/nó réigiúnach a úsáid de réir mar is iomchuí agus tacú leo, rudaí a úsáidfear chun acmhainní a threorú agus a chomhordú ar mhaithe le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 76

Cuspóirí

Beidh sé mar aidhm ag an gcomhar eacnamaíoch agus forbartha:

(a) iomaíochas gheilleagar nó gheilleagair an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a fheabhsú;

(b) an acmhainneacht soláthair a fhorbairt agus cur chun feidhme réidh an Comhaontaithe seo a chumasú;

(c) struchtúr gheilleagair an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a chlaochlú trí bhonn eacnamaíoch láidir, iomaíoch agus éagsúlaithe a bhunú trí tháirgeadh, dáileadh, iompar agus margaíocht a fheabhsú;

(d) acmhainneacht trádála a fhorbairt chomh maith leis an acmhainneacht infheistíocht a mhealladh;

(e) trádáil, beartais infheistíochta agus rialacháin a neartú; agus

(f) an lánpháirtiú réigiúnach a dhoimhniú.

AIRTEAGAL 77

Réimsí Comhair

Áireofar na réimsí seo a leanas le comhar eacnamaíoch agus forbartha, faoi réir fhorálacha Iarscríbhinn VI ag a bhfuil forlámhas:

(a) bonneagar;

(b) talmhaíocht agus beostoc;

(c) forbairt na hearnála príobháidí;

(d) iascach;

(e) uisce agus an comhshaol;

(f) saincheisteanna maidir le rochtain ar an margadh, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

(i) SPS,

(ii) BTT, agus

(iii) éascú custaim agus trádála sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC

(g) bearta coigeartaithe CCE dá dtagraítear i dTeideal IX; agus

(h) acmhainní a shlógadh.

TEIDEAL I

BONNEAGAR

AIRTEAGAL 78

Raon feidhme agus Cuspóirí

1. Áireofar leis an gcomhar i bhforbairt bonneagair fhisicigh iompar, fuinneamh, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide go háirithe.

2. Is iad na cuspóirí sa réimse sin:

(a) iomaíochas an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a mhéadú;

(b) aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar thaobh an tsoláthair ar leibhéil institiúideacha, náisiúnta, agus réigiúnacha; agus

(c) forbairt na gComhpháirtíochtaí príobháideacha-poiblí a fheabhsú.

AIRTEAGAL 79

Iompar

1. Áireofar ar an gcomhar in iompar iompar de bhóthar, iarnród, aeriompar agus uisce.

2. Is iad seo a leanas na cuspóirí sa réimse sin:

(a) feabhas a chur ar nascacht náisiúnta agus réigiúnach, chun lánpháirtiú eacnamaíoch réigiúnach a dhoimhniú;

(b) córais iompair mharthanacha agus éifeachtúla an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a fhorbairt, a athstruchtúrú, a atógáil, a uasghrádú agus a nuachóiriú;

(c) feabhas a chur ar ghluaiseacht daoine agus sreabhadh earraí; agus

(d) rochtain níos fearr a sholáthar ar mhargaí trí fheabhas a chur ar iompar de bhóthar, aeriompar, iompar muirí, iompar ar uisce intíre agus iompar iarnróid.

3. Faoi réir Airteagal 75, comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhar sna réimsí seo a leanas:

(a) bainistíocht na gcóras iompair;

(b) bonneagar a fheabhsú, a fhorbairt agus a nuachóiriú ar gach uile leibhéal, lena n-áirítear líonraí bonneagair idirmhódúla a fhorbairt;

(c) inniúlachtaí institiúideacha, teicniúla agus riaracháin an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a neartú maidir le caighdeáin, dearbhú cáilíochta, méadreolaíocht agus seirbhísí um measúnú comhréireachta;

(d) forbairt na teicneolaíochta agus aistriú teicneolaíochta, nuálaíocht, malartú faisnéise agus líonraí faisnéise, agus margaíocht;

(e) comhpháirtíochtaí, naisc agus comhfhiontair a spreagadh idir oibreoirí eacnamaíocha;

(f) sábháilteacht agus iontaofacht earnáil an iompair a fheabhsú, lena n-áirítear réamhaisnéisniú meitéareolaíochta, bainistíocht earraí guaiseacha, agus freagairtí éigeandála;

(g) beartais iompair réigiúnacha agus na creataí rialála a fhorbairt.

AIRTEAGAL 80

Fuinneamh

1. Áireofar leis an gcomhar in earnáil an fhuinnimh rannpháirtíocht phoiblí agus phríobháideach i nginiúint fuinnimh, tarchur, dáileadh agus trádáil fuinnimh trasteorann.

2. Is iad seo a leanas na cuspóirí sa réimse sin:

(a) toilleadh giniúna fuinnimh an réigiúin a fhorbairt, a mhéadú agus a leathnú;

(b) an líon foinsí malartacha fuinnimh a mhéadú;

(c) líonraí a fhorbairt, a mhéadú agus a leathnú;

(d) dáileadh agus tarchur a fhorbairt, a mhéadú agus a leathnú;

(e) feabhas a chur ar rochtain an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC ar fhoinsí nua-aimseartha, éifeachtúil, iontaofa, éagsúlaithe, inbhuanaithe agus in-athnuaite d'fhuinneamh glan ar phraghsanna iomaíocha;

(f) acmhainneacht táirgthe, dáileacháin agus bainistíochta an fhuinnimh a fheabhsú ar leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha;

(g) idirnascacht cumhachta a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh den Stát nó de na Stáit is Comhpháirtithe EAC le haghaidh uasmhéid úsáide fuinnimh; agus

(h) tacaíocht a thabhairt chun timpeallacht bháúil a chruthú chun infheistíocht a mhealladh san earnáil seo.

3. Faoi réir Airteagal 75, comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhar sna réimsí seo a leanas:

(a) acmhainneacht táirgthe, tarchuir agus dáileacháin foinsí fuinnimh atá ann cheana, go háirithe hidreachumhacht, peitriliam agus bithmhais;

(b) éagsúlú an mheascáin fuinnimh chun foinsí ionchasacha eile fuinnimh a áireamh, ar foinsí iad atá inghlactha ar bhonn sóisialta agus comhshaoil agus a laghdaíonn an spleáchas ar ola;

(c) bonneagar fuinnimh a fhorbairt, lena n-áirítear do limistéir thuaithe;

(d) athchóirithe rialála agus beartais fuinnimh iomchuí a fhorbairt, lena n-áirítear tráchtálú agus príobháidiú;

(e) idirnascacht agus comhar réigiúnach agus idir-réigiúnach maidir le táirgeadh agus dáileadh fuinnimh;

(f) fothú acmhainneachta in acmhainní daonna, feabhas a chur ar chaighdeáin bainistíochta, seirbhíse agus ar struchtúir institiúideacha;

(g) forbairt agus aistriú teicneolaíochta, taighde agus forbairt, nuálaíocht, malartú faisnéise, bunachair sonraí agus líonraí a fhorbairt;

(h) comhpháirtíochtaí, naisc agus comhfhiontair.

AIRTEAGAL 81

Teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide

1. Áireofar leis an gcomhar in earnáil na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) TFC a fhorbairt, iomaíochas, agus nuálaíocht, chomh maith leis an aistriú réidh i dtreo na sochaí faisnéise.

2. Is iad seo a leanas na cuspóirí sa réimse sin:

(a) an earnáil TFC a fhorbairt; agus

(b) rannchuidiú TFC in éascú na trádála a fheabhsú trí ríomhsheirbhísí, ríomhthráchtáil, ríomhsheirbhísí rialtais, ríomhsheirbhísí sláinte, idirbhearta slána agus earnálacha socheacnamaíocha eile.

3. Faoi réir Airteagal 75, comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhar sna réimsí seo a leanas:

(a) nascacht TFC agus costéifeachtacht ar leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus dhomhanda;

(b) TFC nua a scaipeadh;

(c) creataí dlíthiúla agus rialála a fhorbairt le haghaidh TFC;

(d) forbairt na teicneolaíochta, aistriú agus feidhmchláir, taighde agus forbairt, nuálaíocht, malartú faisnéise agus líonraí agus margaíocht;

(e) fothú acmhainneachta in acmhainní daonna, feabhas a chur ar chaighdeáin seirbhíse, agus struchtúir institiúideacha;

(f) comhpháirtíochtaí, naisc agus comhfhiontair idir oibreoirí eacnamaíocha;

(g) fógraíocht agus tacaíocht chun margaí nideoige a fhorbairt le haghaidh seirbhísí TFC-chumasaithe.

TEIDEAL II

TALMHAÍOCHT

AIRTEAGAL 82

Raon feidhme agus Cuspóirí

1. Beidh feidhm ag comhar faoin Teideal seo maidir le barra agus beostoc, lena n-áirítear feithidí táirgiúla.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe gurb é príomhchuspóir an Teidil seo forbairt talmhaíochta inbhuanaithe, ina gcuimsítear ach gan a bheith teoranta do shlándáil bia agus slite beatha, forbairt tuaithe agus laghdú na bochtaineachta sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC.

3. Tá cuspóirí eile an Teidil seo sonraithe in Airteagal 58.

AIRTEAGAL 83

Réimsí Comhair

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht atá le hearnáil na talmhaíochta do gheilleagair an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC agus comhaontaíonn siad dul i gcomhar chun a claochlú a chur chun cinn ar mhaithe lena hiomaíochas a mhéadú, slándáil bia agus cothaithe a áirithiú, le haghaidh forbairt tuaithe agus coigeartú na talmhaíochta agus an gheilleagair tuaithe a éascú chun freastal ar éifeachtaí chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, agus aird speisialta ar fheirmeoirí beaga.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhar sna réimsí seo a leanas:

(a) lánpháirtiú réigiúnach:

feabhas a chur ar an rochtain ar mhargaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta le haghaidh táirgí talmhaíochta lena n-áirítear córais mhargaidh agus straitéisí forbartha margaidh a fhorbairt;

(b) beartais chumasúcháin:

(i) beartais talmhaíochta náisiúnta agus réigiúnacha a fhorbairt, creataí dlíthiúla agus rialála, an acmhainneacht agus an tacaíocht is gá a thógáil ar mhaithe le forbairt institiúideach;

(ii) acmhainneachtaí a fhothú sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC chun buntáiste iomlán a bhaint as deiseanna trádála méadaithe agus chun buntáistí na n-athchóirithe trádála a uasmhéadú.

(c) forbairt talmhaíochta inbhuanaithe:

(i) tabhairt faoi ghníomhaíochtaí comhpháirteacha ar bhonn réigiúnach, lena n-áirítear táirgeadh leasachán, táirgeadh síolta, forbairt an bheostoic agus rialú galar i measc plandaí agus ainmhithe;

(ii) próiseáil, margaíocht, dáileadh agus iompar a chur chun cinn agus a neartú agus an láimhseáil ar tháirgí talmhaíochta;

(iii) fothú acmhainneachta chun caighdeáin idirnáisiúnta a bhaineann le táirgeadh, pacáistiú talmhaíochta agus bearta SPS a chomhlíonadh;

(d) bonneagar talmhaíochta:

(i) bonneagar tacaíochta talmhaíochta a fhorbairt, lena n-áirítear córais uisciúcháin inbhuanaithe, saothrú, stóráil agus bainistíocht, margaíocht, agus grádú uisce;

(ii) bonneagar taighde agus oiliúna a fhorbairt, saoráidí stórála, bóithre friothálacha agus bóithre rochtana pobail;

(iii) bonneagar agra-phróiseála a fhorbairt;

(iv) lárionad agrai-mheitéareolaíochta a bhunú sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC;

(v) bonneagar margaidh nua-aimseartha a fhorbairt chun margaí intíre agus margaí réigiúnacha a leathnú;

(e) slándáil bia agus cothaithe:

(i) fothú acmhainneachta na bpobal tuaithe agus uirbeach chun slite beatha feabhsaithe a chur chun cinn, an bhochtaineacht a dhíothú, agus le haghaidh forbairt inbhuanaithe;

(ii) táirgeacht talmhaíochta a éagsúlú agus táirgí a fhorbairt a thugann aghaidh ar riachtanais an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a bhaineann le slándáil bia agus cothaithe;

(iii) cláir a dhearadh agus a chur chun feidhme as a dtagann táirgeadh agus táirgiúlacht mhéadaithe in earnáil na talmhaíochta, agus aird speisialta ar fheirmeoirí beaga;

(iv) forbairt acmhainneachta chun sábháilteacht bia náisiúnta agus réigiúnach a chomhlíonadh; agus

(v) cláir coigeartaithe sóisialta a dhearadh agus a chur chun feidhme i réigiúin a ndearna tubaistí nádúrtha difear tromchúiseach dóibh.

(f) bainistíocht an tslabhra luacha:

(i) an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí talmhaíochta inbhuanaithe a chur chun cinn agus na hionchuir feirme is gá a sholáthar;

(ii) táirgeacht táirgiúlacht agus iomaíochas earnáil na talmhaíochta a fheabhsú trí thionscail agra-bhunaithe a chur chun cinn;

(iii) an breisluach a fheabhsú ar fud shlabhra soláthair táirgí talmhaíochta chun ceanglais na margaí náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh; agus

(iv) forbairt gníomhaíochtaí a chur chun cinn i réimsí próiseála, margaíochta, dáilte agus iompair táirgí talmhaíochta;

(g) córais luathrabhaidh:

(i) fothú acmhainneachta i dtéarmaí measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis agus faisnéis a scaipeadh maidir le tionchair dhóchúla tubaistí atá le tarlú i bhfad roimh ré chun bearta teagmhasacha a dhéanamh agus freagairt orthu go luath;

(ii) córais faisnéise náisiúnta agus réigiúnacha a fhorbairt agus a bhainistiú;

(iii) córais luathrabhaidh a fhorbairt, a neartú agus a nascadh agus pleananna agus straitéisí teagmhais le haghaidh bainistíocht na freagartha ar thubaistí ar leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha; agus

(iv) tacú leis an oiriúnú don athrú aeráide agus le roghanna maolaithe an athraithe aeráide sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC;

(h) táirgeadh agus margú tráchtearraí talmhaíochta:

(i) inniúlachtaí a fhorbairt chun margaí nideoige a rochtain agus comhlíontacht le caighdeáin tráchtearraí a éascú chun ceanglais margaí den sórt sin a chomhlíonadh;

(ii) táirgeadh talmhaíochta agus táirgí onnmhairiúcháin a éagsúlú sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC

(iii) bonneagar margaidh nua-aimseartha a fhorbairt chun margaí intíre agus margaí réigiúnacha a leathnú; agus

(iv) cláir pacáistithe agus lipéadaithe táirgí a fhorbairt a chuireann ar chumas tháirgeoirí an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC praghsanna arda a bhaint amach d'onnmhairí tráchtearraí;

(i) forbairt tuaithe:

(i) fothú acmhainneachta grúpaí feirmeoirí ar fud an tslabhra luacha talmhaíochta ina iomláine;

(ii) saoráidí iompair, cumarsáide agus margaidh a fheabhsú chun ionchuir agus aschuir thalmhaíochta a mhargú;

(iii) aghaidh a thabhairt ar bhacainní soch-chultúrtha amhail difríochtaí teanga, leibhéil litearthachta, laofachtaí inscne agus sláinte an phobail, rudaí a mbíonn tionchar acu ar chineál na gcóras feirmeoireachta;

(iv) rochtain feirmeoirí ar sheirbhísí creidmheasa a fheabhsú agus bainistíocht acmhainní nádúrtha agus cultúrtha; agus

(v) bearta beartais ábhartha a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt d'infhaighteacht ionchur talmhaíochta leormhaith d'fheirmeoirí beaga ar bhonn caoithiúil.

(j) tíortha is glan-allmhaireoirí bia:

aghaidh a thabhairt ar shrianta ar tháirgeadh bia, ar stóráil agus ar dháileadh bia sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC.

(k) slándáil slite beatha:

(i) fothú acmhainneachta chun seirbhísí sóisialta a fhorbairt do dhaonraí i limistéir thuaithe agus i gceantair pheireauirbeacha;

(ii) ioncam iomlán an teaghlaigh ó tháirgeadh talmhaíochta a fheabhsú trí éagsúlú, breisluach a chur leis, fostaíocht taobh amuigh den fheirm agus teicneolaíochtaí nua talmhaíochta inbhuanaithe a ghlacadh, *inter alia*, sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC

(iii) táirgiúlacht earnáil na talmhaíochta a mhéadú laistigh den Stát nó de na Stáit is Comhpháirtithe EAC; agus

(iv) an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí talmhaíochta inbhuanaithe a mhéadú;

(l) seirbhísí tacaíochta teicniúla:

tá an tAontas tiomanta d'acmhainní leordhóthanacha agus cúnamh teicniúil a sholáthar le haghaidh fothú acmhainneachta don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC agus sin a dhéanamh ar bhealach atá intuartha agus inbhuanaithe sna réimsí seo a leanas:

(i) an nuálaíocht agus aistriú teicneolaíochta, eolas, taighde agus forbairt a neartú;

(ii) an úsáid a bhaintear as meicniú earnáil talmhaíochta an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a fhorbairt agus a mhéadú;

(iii) gléasraí ionchuir talmhaíochta agus córais dáilte a bhunú laistigh den Stát nó de na Stáit is Comhpháirtithe EAC;

(iv) infheistíocht i dtaighde talmhaíochta, seirbhísí comhairleacha, oiliúint agus naisc idir seirbhísí comhairleacha taighde agus feirmeoirí;

(v) de réir mar is iomchuí, lárionaid réigiúnacha barr feabhais a bhunú agus a neartú, lena n-áirítear ionad agrai-mheitéareolaíochta, saotharlanna biteicneolaíochta, anailíseacha agus diagnóiseacha le haghaidh barr, beostoic agus ithreacha; agus

(vi) rochtain ar sheirbhísí i dtáirgeadh plandaí agus ainmhithe a fheabhsú, lena n-áirítear seirbhísí pórúcháin beostoic, seirbhísí tréidliachta agus seirbhísí cosanta plandaí.

(m) seirbhísí maoiniúcháin talmhaíochta:

(i) seirbhísí airgeadais tuaithe a neartú le haghaidh táirgeoirí, próiseálaithe agus trádálaithe beaga;

(ii) sásraí nó ciste atá faoi úinéireacht réigiúnach a fhorbairt ar mhaithe le forbairt na talmhaíochta agus forbairt tuaithe;

(iii) institiúidí micrea-mhaoiniúcháin talmhaíochta agus scéimeanna árachais talmhaíochta a fhorbairt;

(iv) rochtain ar chreidmheas ó bhainc agus ó institiúidí airgeadais eile le haghaidh agra-phróiseálaithe, trádálaithe agus feirmeoirí; agus

(v) tacaíocht a thabhairt d'institiúidí airgeadais sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC a fhónann earnáil na talmhaíochta agus rochtain na hearnála príobháidí ar mhargaí caipitil a éascú, chun caipiteal gearrthéarmach agus fadtéarmach araon a chuimsiú;

(n) tásca geografacha:

(i) beartais agus creataí dlíthiúla maidir le tásca geografacha a fhorbairt;

(ii) rialacháin a bhunú maidir le tásca geografacha;

(iii) cód cleachtais a fhorbairt chun táirgí i ndáil lena dtionscnamh a shainiú;

(iv) eagraíochtaí agus institiúidí áitiúla a éascú chun páirtithe leasmhara áitiúla a chomhordú maidir le tásca geografacha agus comhréireacht táirgí;

(v) acmhainneacht a fhorbairt maidir le sainaithint, clárú, margaíocht, inrianaitheacht agus comhréireacht táirgí tásc geografach; agus

(vi) aon réimse eile comhair a fhorbairt faoin gceannteideal seo a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo.

TEIDEAL III

FORBAIRT NA hEARNÁLA PRÍOBHÁIDÍ

AIRTEAGAL 84

Raon feidhme agus Cuspóirí

1. Áireofar leis an gcomhar maidir le forbairt na hearnála príobháidí cur chun cinn infheistíochta agus forbairt fiontraíochta.

2. Is iad seo a leanas cuspóirí an Teidil seo:

(a) timpeallacht bháúil a chruthú chun infheistíocht agus fiontair phríobháideacha a chur chun cinn, lena n-áirítear tionscail nua a fhorbairt, infheistíocht dhíreach choigríche agus aistriú na teicneolaíochta;

(b) inniúlachtaí soláthair, iomaíochas agus breisiú luacha a fheabhsú;

(c) feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú infheistíochta ó institiúidí maoiniúcháin an Aontais amhail an Banc Eorpach Infheistíochta;

(d) acmhainneacht a fhothú agus tacaíocht institiúideach a sholáthar le haghaidh institiúidí forbartha san earnáil phríobháideach amhail gníomhaireachtaí cur chun cinn infheistíochta, for-chomhlachtaí, comhlachais tráchtála, comhlachais, pointí teagmhála agus institiúidí éascaithe trádála;

(e) beartas, creat dlíthiúil agus creat rialála a fhorbairt agus/nó a neartú ina gcuirtear infheistíocht chun cinn agus ina ndéantar í a chosaint;

(f) feabhas a chur ar shásraí tacaíochta agus seachadta don earnáil phríobháideach ó institiúidí comhpháirteacha de chuid ACC agus an Aontais, lena n-áirítear an Lárionad um Fhorbairt Talmhaíochta, *inter alia*, chun an infheistíocht sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC a chur chun cinn; agus

(g) comhpháirtíochtaí, comhfhiontair, fochonraitheoireacht, seachfhoinsiú agus naisc a chruthú agus a neartú.

AIRTEAGAL 85

Cur Chun Cinn Infheistíochta

Comhaontaíonn na Páirtithe infheistíochtaí a chur chun cinn laistigh den Stát nó de na Stáit is Comhpháirtithe EAC sna réimsí seo a leanas:

(a) tacaíocht d'athchóirithe sna creataí beartais, dlíthiúla agus rialála;

(b) tacaíocht a thabhairt maidir le feabhas a chur ar acmhainneachtaí institiúideacha, go háirithe, fothú acmhainneachta le haghaidh gníomhaireachtaí cur chun cinn infheistíochta an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC agus institiúidí atá ag gabháil d'infheistíocht choigríche agus áitiúil a chur chun cinn agus a éascú;

(c) tacaíocht a thabhairt chun struchtúir riaracháin iomchuí a bhunú, lena n-áirítear ionaid ilfhreastail, chun infheistíochtaí a iontráil agus a bhunú;

(d) tacaíocht a thabhairt chun aeráid infheistíochta intuartha agus shlán a chruthú agus leanúint de;

(e) tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC chun ionstraimí giniúna ioncaim a dhearadh chun acmhainní infheistíochta a chur in úsáid;

(f) scéimeanna árachais riosca a bhunú agus tacú leo mar shásra maolaithe riosca chun muinín infheisteoirí as an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC a mhéadú;

(g) tacaíocht a thabhairt do bhunú sásraí le haghaidh malartú faisnéise idir gníomhaireachtaí infheistíochta an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC agus a gcontrapháirtithe san Aontas;

(h) infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach ón Aontas a spreagadh sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC;

(i) tacaíocht a thabhairt do bhunú creataí airgeadais agus ionstraimí airgeadais arna gcur in oiriúint do riachtanais infheistíochta fiontar beag agus meánmhéide; agus

(j) comhpháirtíochtaí a éascú trí chomhfhiontair agus maoiniú caipitil.

AIRTEAGAL 86

Forbairt Fiontraíochta

Comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhar ar fhorbairt fiontraíochta sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC trí thacú leis an méid seo a leanas:

(a) idirphlé, comhar agus comhpháirtíochtaí gnó earnáil phríobháideach an Aontais le Stát nó Stáit is Comhpháirtithe EAC a chur chun cinn;

(b) iarrachtaí chun micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (MFBManna) a chur chun cinn agus a chomhtháthú isteach i bpríomhghníomhaíochtaí gnó;

(c) táirgeadh agus margú éifeachtúil ghnólachtaí an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a chur chun cinn;

(d) straitéisí forbartha earnáil phríobháideach an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a chur chun feidhme;

(e) timpeallacht fhabhrach a chur chun cinn chun MFBManna a fhorbairt agus a fhás;

(f) inniúlachtaí eagraíochtaí na hearnála príobháidí maidir le caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh;

(g) nuálaíochtaí a chosaint ón bpíoráideacht; agus

(h) inniúlachtaí an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC chun acmhainní nádúrtha a thaiscéaladh, a shaothrú agus a mhargú.

TEIDEAL IV

IASCACH

AIRTEAGAL 87

Raon feidhme an Chomhair

Cumhdóidh an comhar in iascaigh iascaigh mhuirí agus intíre agus dobharshaothrú.

AIRTEAGAL 88

Réimsí Comhair in Iascaigh Mhuirí

1. Áireofar an méid seo a leanas leis an gcomhar in iascaigh mhuirí:

(a) bainistiú iascach agus saincheisteanna caomhnaithe;

(b) bainistíocht soithí agus socruithe iar-ghabhála;

(c) bearta airgeadais agus trádála; agus

(d) iascaigh agus táirgí iascaigh agus dobharshaothrú muirí a fhorbairt.

2. Rannchuideoidh an tAontas i dtaca leis na hacmhainní a shlógadh ar mhaithe leis na réimsí comhair a sainaithníodh ar leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha a chur chun feidhme, ina n-áireofar tacaíocht freisin d'fhothú acmhainneachta go réigiúnach.

3. Faoi réir fhorálacha Chuid III agus Airteagal 75, comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhar, sna réimsí seo a leanas:

(a) an bonneagar a fhorbairt agus a fheabhsú chun iasc agus táirgí éisc a stóráil, a mhargú agus a dháileadh;

(b) fothú acmhainneachta ar leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha chun ceanglais theicniúla Phointí Rialaithe Criticiúla SPS/BTT/Anailíse Guaisí a chomhlíonadh, chun córais faireachais agus rialaithe faireacháin de limistéar eacnamaíoch eisiach an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a fhorbairt, agus scéimeanna deimhniúcháin a thabhairt isteach agus a bhainistiú le haghaidh iascaigh mhuirí shonracha;

(c) infheistíocht agus aistriú teicneolaíochta in oibríochtaí iascaireachta, próiseáil éisc, seirbhísí calafoirt, saoráidí calafoirt a fhorbairt agus a fheabhsú, éagsúlú an iascaigh chun speicis nach speiceas tuinnín iad a áireamh, speiceas atá tearcshaothraithe nó nach bhfuil saothraithe in aon chor;

(d) comhfhiontair agus naisc go háirithe le MFBManna agus iascaigh cheardaíochta laistigh den slabhra soláthair iascaigh;

(e) breisiú luacha ar iasc; agus

(f) taighde agus forbairt maidir le measúnú stoic agus leibhéil inbhuanaitheachta.

4. Geallann na Páirtithe go rachaidh siad i gcomhar chun comhfhiontair a chur chun cinn agus a bhunú in oibríochtaí iascaireachta, próiseáil éisc, seirbhísí calafoirt, go gcuirfidh siad feabhas ar acmhainneacht táirgeachta, go gcuirfidh siad feabhas ar iomaíochas na dtionscal agus na seirbhísí iascaireachtaí agus seirbhísí agus tionscail ghaolmhara, próiseáil iartheachtach, saoráidí calafoirt a fhorbairt agus feabhas a chur orthu agus éagsúlú an iascaigh chun speicis nach speiceas tuinnín iad a áireamh, speiceas atá tearcshaothraithe nó nach bhfuil saothraithe in aon chor.

AIRTEAGAL 89

Iascaigh Intíre agus Forbairt Dobharshaothraithe

Áireofar leis an gcomhar ar iascaigh intíre agus forbairt dobharshaothraithe rannchuidiú an Aontais leis na réimsí seo a leanas:

(a) fothú acmhainneachta agus forbairt margaí onnmhairiúcháin trí na nithe seo a leanas:

(i) acmhainneacht a fhorbairt i dtáirgeadh tionsclaíoch agus ceardaíochta, próiseáil agus éagsúlú táirgí a neartaíonn iomaíochas iascaigh agus dobharshaothrú intíre an réigiúin; mar shampla, trí lárionaid taighde agus forbartha a chruthú, lena n-áirítear an dobharshaothrú a fhorbairt le haghaidh feirmeacha iascaireachta tráchtála;

(ii) acmhainneacht a fhorbairt chun slabhraí margaidh onnmhairiúcháin a bhainistiú, lena n-áirítear scéimeanna deimhniúcháin a thabhairt isteach agus a bhainistiú le haghaidh línte táirgí sonracha; agus cur chun cinn margaí, breisiú luacha agus laghdú ar chaillteanais iar-ghabhála i dtáirgí iascaigh a chur chun feidhme;

(iii) acmhainneacht a mhéadú sa réigiún trí, mar shampla, údaráis inniúla iascach a fheabhsú, comhlachais trádálaithe agus iascairí chun bheith rannpháirteach i dtrádáil iascaigh le Páirtí an Aontais, agus cláir oiliúna maidir le forbairt agus brandáil táirgí.

(b) bonneagar trí na nithe seo a leanas:

(i) bonneagar a fhorbairt agus a fheabhsú le haghaidh iascaigh agus dobharshaothrú intíre;

(ii) rochtain ar mhaoiniú i gcomhair bonneagair a éascú, lena n-áirítear gach cineál trealaimh.

(c) teicneolaíocht trí na nithe seo a leanas:

(i) cumais theicniúla a fhorbairt, lena n-áirítear teicneolaíocht a chur chun cinn lena gcuirtear breisluach leis, mar shampla trí aistriú teicneolaíochta iascaigh ón Aontas chuig an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC;

(ii) acmhainneacht bainistíochta iascaigh a fheabhsú sa réigiún, mar shampla trí chórais taighde agus bailithe sonraí agus rannchuidiú i dtreo teicneolaíochtaí iomchuí maidir le bainistíocht gabhála agus iar-ghabhála;

(d) creat dlíthiúil agus rialála trí na nithe seo a leanas:

(i) rialacháin maidir le hiascaigh agus dobharshaothrú intíre a fhorbairt agus córais rialaithe faireacháin agus faireachais;

(ii) ionstraimí dlí agus rialála iomchuí a fhorbairt ar chearta maoine intleachtúla agus acmhainneacht a fhothú chun iad a chur chun feidhme sa trádáil idirnáisiúnta;

(iii) éicilipéadú agus maoin intleachtúil a chosaint;

(e) infheistíocht agus maoiniú trí na nithe seo a leanas:

(i) comhfhiontair agus cineálacha eile infheistíochtaí measctha a chur chun cinn idir páirtithe leasmhara sna Páirtithe, mar shampla chun módúlachtaí a bhunú chun infheisteoirí a shainaithint le haghaidh oibríochtaí comhfhiontair in iascaigh intíre agus i ndobharshaothrú;

(ii) rochtain a sholáthar ar shaoráidí creidmheasa chun fiontair bheaga agus meánmhéide a fhorbairt, chomh maith le hiascaigh intíre ar scála tionsclaíoch;

(f) caomhnú comhshaoil agus stoc in iascaigh trí bhearta chun a áirithiú go dtacaíonn trádáil éisc le caomhnú comhshaoil, coimircí in aghaidh ídiú stoic, an bhithéagsúlacht a chothabháil agus speicis choimhthíocha don dobharshaothrú a thabhairt isteach go cáiréiseach; mar shampla, trí speicis choimhthíocha a thabhairt isteach go cáiréiseach agus nach dtabharfar isteach ach amháin i spásanna bainistithe/iata i gcomhairle leis na tíortha comharsanacha uile lena mbaineann.

(g) bearta socheacnamaíocha agus bearta maolaithe bochtaineachta trí na nithe seo a leanas:

(i) iascairí beaga agus meánmhéide, próiseálaithe, agus trádálaithe éisc a chur chun cinn trí acmhainneacht an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a fhorbairt chun bheith rannpháirteach i dtrádáil leis an Aontas;

(ii) grúpaí imeallacha a bheith rannpháirteach i dtionscal na hiascaireachta; mar shampla, trí chomhionannas inscne a chur chun cinn in iascaigh, agus go háirithe inniúlacht na dtrádálaithe ban atá ag gabháil d'iascaigh nó a bhfuil sé beartaithe acu a bheith ag gabháil d'iascaigh, a fhorbairt; beidh grúpaí eile atá faoi mhíbhuntáiste ag a bhfuil sé de chumas a bheith ag gabháil d'iascaigh le haghaidh forbairt eacnamaíoch atá inbhuanaithe go sóisialta ag gabháil de phróisis den sórt sin freisin.

TEIDEAL V

UISCE AGUS AN COMHSHAOL

AIRTEAGAL 90

Raon feidhme agus Cuspóirí

1. Áireofar leis an gcomhar faoin Teideal seo acmhainní nádúrtha, go háirithe uisce, an comhshaol agus an bhithéagsúlacht.

2. Is iad seo a leanas cuspóirí an chomhair faoin Teideal seo:

(a) na naisc idir trádáil agus an comhshaol a fheabhsú;

(b) tacaíocht a thabhairt chun comhaontuithe, coinbhinsiúin agus conarthaí comhshaoil idirnáisiúnta a chur chun feidhme;

(c) an chothromaíocht idir bainistíocht chomhshaoil agus laghdú na bochtaineachta a áirithiú;

(d) an comhshaol a chosaint, agus caomhnú na bithéagsúlachta agus caomhnú géiniteach a fheabhsú;

(e) úsáid chothrom agus inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a chur chun cinn;

(f) úsáid inbhuanaithe acmhainní comhroinnte a éascú agus a spreagadh;

(g) rannpháirtíocht na hearnála poiblí agus príobháidí i mbainistíocht acmhainní nádúrtha a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 91

Acmhainní Uisce

1. Áireofar leis an gcomhar sa réimse acmhainní uisce uisciúchán, giniúint hidreachumhachta, táirgeadh agus soláthar uisce, agus cosaint do dhobharcheantair uisce.

2. Is iad seo a leanas cuspóirí an chomhair sa réimse seo:

(a) úsáid agus bainistíocht inbhuanaithe acmhainní uisce sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC a fhorbairt, chun feabhas a chur ar shlite beatha dhaonra an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC;

(b) comhar réigiúnach a chur chun cinn ar mhaithe le húsáid inbhuanaithe acmhainní uisce trasteorann;

(c) bonneagar soláthair uisce a fhorbairt chun críoch táirgeachta.

3. Faoi réir Airteagal 75, comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhar sna réimsí seo a leanas:

(a) chun bonneagar soláthair uisce a fhorbairt sa réigiún;

(b) na creataí dlíthiúla agus rialála ábhartha a fhorbairt;

(c) bainistiú comhtháite acmhainní uisce;

(d) fothú acmhainneachta in acmhainní daonna, feabhas a chur ar chaighdeáin seirbhíse, bainistíocht uisce, agus struchtúir institiúideacha;

(e) comhpháirtíochtaí, naisc agus comhfhiontair a chruthú idir oibreoirí eacnamaíocha;

(f) forbairt teicneolaíochta, aistriú agus feidhmchláir, Taighde agus forbairt, nuálaíocht, malartú faisnéise agus líonraí a chur chun cinn;

(g) rialú ar thruailliú uisce, íonú agus caomhnú uisce, cóireáil agus sláintíocht fuíolluisce a fhorbairt;

(h) scéimeanna uisciúcháin inbhuanaithe a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 92

Comhshaol

1. Áireofar leis an gcomhar i réimse an chomhshaoil cosaint agus bainistíocht inbhuanaithe an chomhshaoil, chomh maith le beartais chomhshaoil a bhaineann leis an trádáil a chur chun feidhme.

2. Is iad seo a leanas cuspóirí an chomhair sa réimse seo:

(a) an comhshaol agus an bhithéagsúlacht a chosaint, a athchóiriú agus a chaomhnú (flóra, fána agus acmhainní géiniteacha miocróbacha, lena n-áirítear a n-éiceachórais);

(b) tionscail a fhorbairt sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC a bhaineann úsáid as teicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol;

(c) forbairt, aistriú agus cur i bhfeidhm na teicneolaíochta a chur chun cinn, taighde agus forbairt, nuálaíocht agus malartú faisnéise.

3. Faoi réir Airteagal 75, comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhar sna réimsí seo a leanas:

(a) comhaontuithe, coinbhinsiúin agus conarthaí idirnáisiúnta a chur chun feidhme;

(b) úsáid, caomhnú agus bainistíocht chothrom agus inbhuanaithe an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta a neartú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear an fhoraoiseacht agus acmhainní fiadhúlra;

(c) creataí institiúideacha agus dlíthiúla a atreisiú agus an acmhainneacht maidir le dlíthe, rialacháin, caighdeáin agus beartais chomhshaoil a fhorbairt, a chur chun feidhme, a riar agus a fhorfheidhmiú;

(d) comhpháirtíochtaí, naisc agus comhfhiontair a chruthú idir oibreoirí eacnamaíocha;

(e) tubaistí comhshaoil nádúrtha agus caillteanas na bithéagsúlachta a chosc, agus a mhaolú;

(f) forbairt agus oiriúnú na teicneolaíochta a chur chun cinn, aistriú agus feidhmeanna, taighde agus Forbair, agus an nuálaíocht;

(g) acmhainní cósta agus muirí, acmhainní bitheolaíocha agus géiniteacha intíre agus dúchasacha fiáine a chosaint agus a bhainistiú;

(h) gníomhaíochtaí agus slite beatha malartacha atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt;

(i) trádáil earraí agus seirbhísí dá bhfuil éicilipéadú tábhachtach a tháirgeadh agus a éascú;

(j) malartú faisnéise agus líonrú maidir le táirgí agus a gcuid ceanglas, i dtéarmaí an phróisis táirgthe, iompair, margaíochta agus lipéadaithe;

(k) saoráidí bonneagair a fhorbairt maidir le táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol;

(l) pobail áitiúla a chomhtháthú i mbainistíocht na bithéagsúlachta, na foraoiseachta, agus acmhainní fiadhúlra;

(m) bainistiú dramhaíola, agus diúscairt shábháilte dramhaíola tionsclaíocha agus tocsaineacha a fhorbairt;

(n) rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a chur chun cinn in idirphlé comhshaoil idirnáisiúnta.

TEIDEAL VI

BEARTA SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA

AIRTEAGAL 93

Raon feidhme agus Cuspóirí

1. Áireofar leis an gcomhar faoin Teideal seo tacaíocht a thabhairt agus acmhainneacht a fhothú maidir le comhchuibhiú, criosú agus roinnt i ndeighleoga, measúnú comhréireachta, malartú faisnéise agus trédhearcacht coinníollacha trádála.

2. Is iad seo a leanas cuspóirí an chomhair faoin Teideal seo:

(a) trádáil idir-réigiúnach agus inréigiúnach na bPáirtithe a éascú, agus beatha nó sláinte an duine, ainmhithe agus plandaí a chosaint an tráth céanna i gcomhréir le Comhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála;

(b) aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a éiríonn as bearta SPS maidir le hearnálacha agus táirgí tosaíochta ar ar comhaontaíodh agus an lánpháirtiú réigiúnach á bhreithniú go cuí;

(c) nósanna imeachta agus módúlachtaí a shonrú chun comhar a éascú in ábhair SPS;

(d) trédhearcacht a áirithiú a mhéid a bhaineann le bearta SPS is infheidhme maidir le trádáil idir na Páirtithe agus laistigh díobh;

(e) comhchuibhiú laistigh den réigiún na mbeart le caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun cinn, i gcomhréir le Comhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála, agus beartais iomchuí, creataí reachtacha, rialála agus institiúideacha a fhorbairt sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC;

(f) rannpháirtíocht éifeachtach an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a fheabhsú i gCoimisiún Codex Alimentarius, san Eagraíocht Dhomhanda um Sláinte Ainmhithe agus sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cosaint Plandaí;

(g) comhairliúchán agus malartuithe a chur chun cinn idir institiúidí agus saotharlanna de chuid EAC agus de chuid an Aontais;

(h) forbairt acmhainneachta a éascú maidir le caighdeáin réigiúnacha agus náisiúnta a leagan síos agus a chur chun feidhme i gcomhréir le ceanglais idirnáisiúnta chun lánpháirtiú réigiúnach a éascú;

(i) acmhainneacht an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a bhunú agus a fheabhsú maidir le bearta SPS a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu de bhun an Airteagail seo; agus

(j) aistriú teicneolaíochta a chur chun cinn.

3. Faoi réir Airteagal 75, comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhar sna réimsí seo a leanas:

(a) tacaíocht a thabhairt don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC chun bearta SPS a chomhlíonadh, lena n-áirítear creataí rialála iomchuí, beartais, ábhair a bhaineann le hobair na gcomhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha a leagann síos caighdeáin, oiliúint, imeachtaí faisnéise, fothú acmhainneachta, agus cúnamh teicniúil a fhorbairt;

(b) de réir mar is iomchuí, tacaíocht a thabhairt do chomhchuibhiú beart SPS sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC agus coistí comhordúcháin náisiúnta SPS a bhunú, agus acmhainneacht na hearnála poiblí agus príobháidí le haghaidh rialú sláintíochta a chur chun cinn; áireofar le réimsí tosaíochta clár cáilíochta, oiliúint, imeachtaí faisnéise a fhorbairt agus a chur chun feidhme, saotharlanna a thógáil, a uasghrádú, a nuachóiriú agus a chreidiúnú;

(c) tacaíocht a thabhairt ar ábhair a bhaineann le hobair na gcomhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha a leagann síos caighdeáin, i gcásanna inar féidir oiliúint, imeachtaí faisnéise, fothú acmhainneachta agus cúnamh teicniúil a áireamh leis an gcomhar sin;

(d) tacaíocht i réimse an iascaigh agus é mar aidhm rialacha réigiúnacha comhchuibhithe a fhorbairt, reachtaíocht agus caighdeáin táirgí éisc chun trádáil a chur chun cinn idir na Páirtithe agus laistigh den réigiún EAC;

(e) tacaíocht agus é mar aidhm léi comhar a chur chun cinn idir institiúidí SPS an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC agus institiúidí SPS coibhéiseacha an Aontais.

(f) tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an Chomhaontaithe SPS, go háirithe maidir le húdaráis inniúla, pointí fógra agus fiosrúcháin an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a neartú;

(g) tacaíocht a thabhairt do chomhroinnt agus do mhalartú faisnéise.

AIRTEAGAL 94

Comhchuibhiú

1. Beidh sé d'aidhm ag na Páirtithe comhchuibhiú maidir lena rialacha agus nósanna imeachta faoi seach a bhaint amach ar mhaithe lena mbearta SPS a chruthú, lena n-áirítear nósanna imeachta cigireachta, tástála agus deimhniúcháin, i gcomhréir le Comhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála.

2. De réir mar is iomchuí, forbróidh an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC, le tacaíocht ón Aontas, clár agus clár ama chun a gcuid caighdeáin SPS a chomhchuibhiú.

3. Forbróidh Coiste na nOifigeach Sinsearach módúlachtaí chun cúnamh a thabhairt leis an bpróiseas comhchuibhithe laistigh de na réigiúin agus faireachán a dhéanamh air, de réir mar is iomchuí.

AIRTEAGAL 95

Criosú agus Roinnt i nDeighleoga

Aithneoidh na Páirtithe, ar bhonn cás ar chás, limistéir ainmnithe, atá saor ó lotnaidí nó galair nó limistéir nach bhfuil lotnaidí nó galair fairsing iontu mar fhoinsí ionchasacha de tháirgí plandaí agus ainmhithe agus Airteagal 6 de Chomhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála á gcur san áireamh.

AIRTEAGAL 96

Ionramháil Speisialta agus Dhifreálach agus Cúnamh Teicniúil

1. Comhaontaíonn an tAontas cúnamh teicniúil agus cóir speisialta agus dhifreálach a sholáthar i gcomhréir le hAirteagail 9 agus 10 de Chomhaontú SPS na hEagraíochta Domhanda Trádála.

2. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais speisialta an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a eascraíonn as cur chun feidhme fhorálacha an Teidil seo.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe gur tosaíochtaí iad na réimsí seo a leanas le haghaidh cúnamh teicniúil:

(a) inniúlacht theicniúil a fhorbairt in earnálacha poiblí agus príobháideacha an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC chun rialuithe sláintíochta agus físeashláintíocha a chumasú, lena n-áirítear imeachtaí oiliúna agus faisnéise maidir le cigireacht, deimhniúchán, maoirseacht agus rialú;

(b) inniúlacht theicniúil a fheabhsú chun bearta SPS a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear úsáid níos mó as caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun cinn;

(c) inniúlachtaí a fhorbairt le haghaidh anailís riosca, comhchuibhiú, comhlíontacht, tástáil, deimhniúchán, faireachán iarmhair, inrianaitheacht agus creidiúnú lena n-áirítear trí saotharlanna a uasghrádú nó a bhunú agus trealamh eile chun cúnamh a thabhairt don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh;

(d) an tacaíocht le haghaidh rannpháirtíocht an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC in obair na gcomhlachtaí ábhartha a leagann síos caighdeáin;

(e) forbairt acmhainneacht an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC dá rannpháirtíocht éifeachtach i bpróisis maidir le fógra a thabhairt.

TEIDEAL VII

BACAINNÍ TEICNIÚLA AR AN TRÁDÁIL

AIRTEAGAL 97

Raon feidhme agus Cuspóirí

1. Áireofar leis an gcomhar faoin Teideal seo rialacháin, caighdeáin agus nósanna imeachta measúnaithe comhréireachta a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, mar a shainítear i gComhaontú BTT.

2. Is iad seo a leanas cuspóirí an chomhair faoin Teideal seo:

(a) deireadh a chur de réir a chéile le bacainní teicniúla ar thrádáil, chun trádáil a éascú idir na Páirtithe agus laistigh den Stát nó de na Stáit is Comhpháirtithe EAC;

(b) lánpháirtiú réigiúnach a fheabhsú i measc Stát nó Stáit is Comhpháirtithe EAC trí chaighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta maidir le measúnú comhréireachta arna gcur i bhfeidhm sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC a chomhchuibhiú, i gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil;

(c) úsáid níos mó as rialacháin, caighdeáin agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a chur chun cinn, lena n-áirítear bearta earnáil-sonracha;

(d) naisc fheidhmiúla, comhfhiontair agus obair thaighde agus forbartha chomhpháirteach idir institiúidí caighdeánaithe, measúnaithe comhréireachta agus rialála an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC agus an Aontais;

(e) rochtain ar an margadh le haghaidh táirgí ar de thionscnamh an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC iad a fheabhsú, trí fheabhsuithe maidir lena sábháilteacht, cáilíocht agus iomaíochas;

(f) úsáid níos mó as dea-chleachtais idirnáisiúnta a chur chun cinn le haghaidh rialacháin theicniúla, caighdeáin idirnáisiúnta agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta;

(g) a áirithiú go bhfuil ullmhú, glacadh agus cur i bhfeidhm na gcaighdeán agus na rialachán teicniúil trédhearcach agus nach gcruthaíonn siad bacainní gan ghá ar thrádáil idir na Páirtithe, i gcomhréir le forálacha Chomhaontú BTT;

(h) tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt creataí rialála, beartas agus athchóirithe iomchuí sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC, chun cleachtais a nglactar leo go hidirnáisiúnta a chomhlíonadh;

(i) cúnamh a thabhairt don Stát is Comhpháirtithe EAC chun an Comhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil a chur chun feidhme agus chun ceanglais BTT a gcuid comhpháirtithe trádála a chomhlíonadh i gcomhthéacs an Chomhaontaithe maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil.

3. Faoi réir Airteagal 75, comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhar sna réimsí seo a leanas:

(a) tacaíocht a thabhairt maidir le húsáid níos mó as caighdeáin idirnáisiúnta, rialacháin theicniúla agus measúnuithe comhréireachta a chur chun cinn, lena n-áirítear bearta earnáil-sonrach i gcríocha na bPáirtithe;

(b) tacaíocht a thabhairt d'fhothú acmhainneachta an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC i réimsí caighdeánaithe, méadreolaíochta, creidiúnaithe agus nósanna imeachta maidir le measúnú comhréireachta, lena n-áirítear tacaíocht maidir le saotharlanna agus institiúidí ábhartha a uasghrádú agus a bhunú, chomh maith le trealamh ábhartha a sholáthar;

(c) tacaíocht a thabhairt do bhainistíocht agus do dhearbhú cáilíochta in earnálacha roghnaithe tábhachta don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC;

(d) tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht iomlán chomhlachtaí caighdeán agus rialála teicniúla eile an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC i gcomhlachtaí idirnáisiúnta a leagann caighdeáin síos, agus ról na gcaighdeán idirnáisiúnta mar bhonn le haghaidh rialacháin theicniúla a atreisiú;

(e) tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí chomhlachtaí measúnaithe comhréireachta an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC chun creidiúnú idirnáisiúnta a fháil;

(f) naisc fheidhmiúla a fhorbairt idir institiúidí caighdeánaithe, measúnaithe comhréireachta agus deimhniúcháin na bPáirtithe;

(g) tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na comhthuisceana maidir le dea-chleachtais rialála, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

(i) trédhearcacht maidir le rialacháin theicniúla, caighdeáin agus nósanna imeachta measúnaithe comhréireachta a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm;

(ii) riachtanas agus comhréireacht na mbeart rialála agus na nósanna imeachta measúnaithe comhréireachta gaolmhara, ina bhféadfaí úsáid as dearbhuithe comhréireachta soláthróirí a áireamh;

(iii) úsáid as caighdeáin idirnáisiúnta mar bhonn chun rialacháin theicniúla a bhunú, seachas i gcás ina mbeadh caighdeáin idirnáisiúnta den sórt sin ina modh neamhéifeachtach nó míchuí chun na cuspóirí dlisteanacha atáthar a shaothrú a bhaint amach;

(iv) rialacháin theicniúla agus gníomhaíochtaí faireachais margaidh a fhorfheidhmiú; agus

(v) sásraí agus modhanna a bhunú chun rialacháin theicniúla, caighdeáin agus nósanna imeachta measúnaithe comhréireachta a athbhreithniú;

(h) an bonneagar teicniúil is gá agus aistriú teicneolaíochta a shainaithint, tosaíocht agus tacaíocht a thabhairt dá fhorbairt i dtéarmaí méadreolaíochta, caighdeánaithe, tástála, deimhnithe agus creidiúnaithe, chun tacú leis na rialacháin theicniúla;

(i) comhar rialála, teicniúil agus eolaíoch a fheabhsú trí, *inter alia*, malartú faisnéise, taithí agus sonraí, d'fhonn cáilíocht agus leibhéal na rialachán teicniúil ábhartha a fheabhsú agus úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní rialála;

(j) comhoiriúnacht agus cóineasú na rialachán teicniúil, na gcaighdeán agus na nósanna imeachta measúnaithe comhréireachta faoi seach a fhorbairt;

(k) comhar déthaobhach a chur chun cinn agus a spreagadh idir eagraíochtaí faoi seach na bPáirtithe atá freagrach as méadreolaíocht, caighdeánú, tástáil, deimhniúchán agus creidiúnú;

(l) comhar a chur chun cinn idir na Páirtithe agus i gComhphobal na hAfraice Thoir i ndáil le hobair na n-institiúidí agus na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, agus na fóraim a bhíonn ag déileáil le saincheisteanna BTT.

TEIDEAL VIII

CUSTAIM AGUS ÉASCÚ TRÁDÁLA

AIRTEAGAL 98

Raon feidhme agus Cuspóirí

1. Admhaíonn agus aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá comhar i gcustaim agus ábhair éascaithe trádála i dtimpeallacht athraitheach na trádála domhanda.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe an comhar eatarthu a threisiú d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar leis an reachtaíocht ábhartha agus leis na nósanna imeachta ábhartha, chomh maith le hinniúlacht riaracháin na gcóras riaracháin ábhartha chomh maith, an cuspóir maidir le héascú trádála a chur chun cinn.

3. Aithníonn na Páirtithe an gá atá le hinniúlacht riaracháin cheart chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh. Comhaontaíonn siad go dteastóidh idirthréimhsí agus fothú acmhainneachta ón Stát nó ó na Stáit is Comhpháirtithe EAC chun forálacha an Teidil seo a chur chun feidhme go réidh.

4. Is iad seo a leanas cuspóirí an chomhair faoin Teideal seo:

(a) trádáil a éascú idir na Páirtithe;

(b) comhchuibhiú na reachtaíochta custaim agus nósanna imeachta custaim a chur chun cinn ar leibhéal réigiúnach;

(c) tacaíocht a sholáthar don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC chun éascú trádála a neartú;

(d) tacaíocht a sholáthar do riaracháin chustaim an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC chun an Comhaontú seo agus dea-chleachtais chustaim idirnáisiúnta eile a chur chun feidhme;

(e) comhar a fheabhsú idir údaráis chustaim na bPáirtithe agus gníomhaireachtaí teorann eile atá bainteach leo.

5. Faoi réir Airteagal 75, comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhar sna réimsí seo a leanas:

(a) malartú faisnéise maidir le reachtaíocht agus nósanna imeachta custaim;

(b) tionscnaimh chomhpháirteacha a fhorbairt i réimsí a bheidh comhaontaithe go frithpháirteach;

(c) tacaíocht dóibh seo a leanas:

(i) nuachóiriú na gcóras agus na nósanna imeachta custaim agus laghdú ar an tréimhse imréitigh custaim;

(ii) déanfaidh siad nósanna imeachta custaim agus foirmiúlachtaí trádála a shimpliú agus a chomhchuibhiú, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras;

(iii) córais idirthurais réigiúnacha a fheabhsú;

(iv) feabhas ar thrédhearcacht i gcomhréir le hAirteagal 134;

(v) fothú acmhainneachta, lena n-áirítear cúnamh airgeadais agus teicniúil don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC sa réimse seo; agus

(vi) aon réimse eile custaim de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe sa Chomhaontú seo;

(d) comhsheasaimh a bhunú, a mhéid is féidir, in eagraíochtaí idirnáisiúnta i réimse an chustaim agus an éascaithe trádála, amhail an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC), na Náisiúin Aontaithe agus Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt (UNCTAD);

(e) comhordú a chur chun cinn idir gach gníomhaireacht ghaolmhar, go hinmheánach agus thar theorainneacha.

6. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar in ábhair chustaim agus maidir le rialacha tionscnaimh mar a leanas:

(a) tabharfaidh siad nósanna imeachta agus cleachtais isteach lena léirítear ionstraimí agus caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme i réimse an chustaim agus an éascaithe trádála, lena n-áirítear rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála agus ionstraimí agus caighdeáin EDC;

(b) cuirfidh siad gníomhaíochtaí chun feidhme arb é is aidhm dóibh comhchuibhiú na gcaighdeán custaim agus na mbeart éascaithe trádála a chomhdhlúthú;

(c) cuirfidh siad teicnící custaim nua-aimseartha i bhfeidhm, lena n-áirítear measúnú riosca, rialuithe ceangailteacha, nósanna imeachta simplithe, rialuithe iarscaoilte agus modhanna iniúchta;

(d) nósanna imeachta custaim agus nósanna imeachta trádála eile a uathoibriú, lena n-áirítear malartú leictreonach ar fhaisnéis chustaim agus trádála;

(e) oifigigh chustaim agus oifigigh ábhartha eile ón earnáil phoiblí agus phríobháideach a chur faoi oiliúint maidir le custaim agus éascú trádála; agus

(f) aon réimse eile a d'fhéadfadh na Páirtithe a shainaithint.

TEIDEAL IX

BEARTA COIGEARTAITHE CCE

AIRTEAGAL 99

Raon feidhme agus Cuspóirí

1. Aithníonn na Páirtithe gur dúshlán a bheidh ann don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC deireadh a chur le taraifí agus/nó laghdú substaintiúil a dhéanamh orthu mar a leagtar amach sa Chomhaontú seo. Comhaontaíonn na Páirtithe go dtabharfar aghaidh ar an dúshlán sonrach sin trí chreat cúiteach a chruthú, faoi réir fhorálacha Iarscríbhinn VI ag a bhfuil forlámhas.

2. Aithníonn na Páirtithe freisin go bhféadfadh, de thoradh chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo dúshláin ionchasacha teacht chun cinn, *inter alia* sa réimse sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil, do gheilleagair an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC. Comhaontaíonn na Páirtithe go dtabharfar aghaidh ar na dúshláin sin trí ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus forbartha comhair.

3. Is é is aidhm don chomhar faoin Teideal seo aghaidh a thabhairt ar dhúshláin coigeartaithe iarbhír agus ionchasacha a leanann as cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 100

Réimsí Comhair

1. Maidir le caillteanais ioncaim a bhaineann leis an laghdú ar tharaifí, déanfaidh an tAontas na nithe seo a leanas, faoi réir fhorálacha Iarscríbhinn VI ag a bhfuil forlámhas:

(a) beidh sé ag gabháil d'idirphlé feabhsaithe maidir le bearta agus athchóirithe oiriúnúcháin fhioscaigh;

(b) bunóidh sé módúlachtaí comhair chun tacú leis an athchóiriú fioscach;

(c) soláthróidh sé acmhainní airgeadais chun caillteanais ioncam rialtais chomhaontaithe a chumhdach ar bhonn idirthréimhseach a thiocfaidh chun cinn tar éis deireadh a chur le taraifí custaim agus/nó laghdú substaintiúil a dhéanamh orthu.

2. Chun a áirithiú go mbainfidh geilleagair an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC buntáiste iomlán as an gComhaontú seo, comhaontaíonn an tAontas oibriú leis an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí comhair iomchuí arb é is aidhm dóibh:

(a) iomaíochas earnálacha táirgiúla a fheabhsú sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC;

(b) feabhas a chur ar inniúlachtaí táirgiúla agus gairmiúla lucht saothair an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC, lena n-áirítear oibrithe arna n-easáitiú de bharr dúnadh gnólachtaí a chur faoi oiliúint agus/nó scileanna nua a thabhairt dóibh le haghaidh gníomhaíochtaí nua etc.;

(c) tacaíocht a thabhairt do bhearta i dtreo comhshaol inbhuanaithe;

(d) acmhainneacht a fhorbairt chun disciplín maicreacnamaíoch a fheabhsú;

(e) na tionchair fhéideartha a dhéanann difear do shlándáil bia agus cothaithe, d'fhorbairt tuaithe, slándáil slite beatha agus tuilleamh ó onnmhairiúcháin sa Stát nó sna Stáit is Comhpháirtithe EAC a mhaolú;

(f) aghaidh a thabhairt ar réimsí comhair eile a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le dúshláin chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

TEIDEAL X

CUR IN ÚSÁID ACMHAINNÍ

AIRTEAGAL 101

Prionsabail agus Cuspóirí

1. Ag aithint tiomantas an Aontais tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus iarrachtaí an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC féin maidir lena riachtanais forbartha a mhaoiniú, comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhpháirt agus go neamhspleách chun acmhainní airgeadais a chur in úsáid chun tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, don lánpháirtiú réigiúnach agus do straitéisí forbartha an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC.

2. Is é is cuspóir do chur in úsáid acmhainní comhpháirteach i spiorad an idirspleáchais, iarrachtaí an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC a chomhlánú, tacú leo agus iad a chur chun cinn maidir le foinsí malartacha cistiúcháin a shaothrú chun tacaíocht a thabhairt don lánpháirtiú réigiúnach agus do straitéisí forbartha, go háirithe Maitrís Forbartha CCE, atá in Iarscríbhinn III(a), faoi réir fhorálacha Iarscríbhinn VI ag a bhfuil forlámhas.

AIRTEAGAL 102

Oibleagáidí

1. Faoi réir fhorálacha Iarscríbhinn VI ag a bhfuil forlámhas, déanfaidh an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC na nithe seo a leanas:

(a) acmhainní a thiomniú óna gcuid sásraí maoiniúcháin ar bhonn caoithiúil agus intuartha chun tacaíocht a thabhairt don lánpháirtiú réigiúnach agus do straitéisí agus do thionscadail forbartha gaolmhara CCE sa Mhaitrís Forbartha CCE;

(b) a straitéisí forbartha a fhorbairt le haird chuí ar an gceart atá ag an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC treo agus seicheamh a straitéisí agus tosaíochtaí forbartha a chinneadh;

(c) Ciste CCE a bhunú chun acmhainní a bhaineann le CCE a threorú;

(d) ionchorpróidh siad tosaíochtaí Mhaitrís Forbartha CCE i straitéisí réigiúnacha agus náisiúnta.

2. Faoi réir fhorálacha Iarscríbhinn VI ag a bhfuil forlámhas, cruthóidh an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC rialacha agus rialacháin chun an Ciste CCE a bhainistiú, chun trédhearcacht, cuntasacht agus luach ar airgead a áirithiú maidir le húsáid na n-acmhainní sin. Gan dochar do rannchuidiú comhpháirtithe eile do Chiste CCE, beidh treorú acmhainní an Aontais ar bhonn sealadach ar mheasúnú rathúil ar nósanna imeachta oibriúcháin an Chiste CCE, measúnú a dhéanfaidh an tAontas.

3. Faoi réir fhorálacha Iarscríbhinn VI ag a bhfuil forlámhas, tiomnóidh an tAontas acmhainní ar bhonn tráthúil agus intuartha agus na bacainní ar thaobh an tsoláthair don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC á gcur san áireamh go háirithe, bacainní atá nasctha le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear bearnaí maoiniúcháin a sainaithníodh i Maitrís Forbartha CCE, trí na nithe seo a leanas:

(a) buiséad an Aontais;

(b) aon ionstraim eile a úsáidfear chun cúnamh oifigiúil forbartha an Aontais a chur chun feidhme.

4. Beidh na Páirtithe tiomanta i gcomhpháirt oibriú i dtreo na hacmhainní a leanas a chur in úsáid:

(a) cistí deontóirí eile (deontóirí iltaobhacha agus déthaobhacha);

(b) deontais, iasachtaí lamháltais, comhpháirtíochtaí príobháideacha-poiblí, agus saoráidí speisialaithe;

(c) aon acmhainní cúnaimh forbartha oifigiúla eile a bheidh le fáil ó chomhpháirtithe forbartha.

CUID VI

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

AIRTEAGAL 103

Raon feidhme agus Cuspóir

1. Beidh feidhm ag forálacha na Coda seo maidir le Comhairle CCE, Coiste na nOifigeach Sinsearach, Coiste Comhairleach CCE arna bhunú faoi Airteagal 108 (dá ngairtear 'Coiste Comhairleach CCE' anseo feasta) agus maidir le haon institiúid agus coiste eile a fhéadfar a bhunú faoin gComhaontú seo.

2. Is é is cuspóir don Chuid seo institiúidí a bhunú a éascóidh baint amach chuspóirí an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 104

Comhairle CCE

1. Bunaítear Comhairle CCE leis seo ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Beidh ionadaithe na bPáirtithe ar leibhéal aireachta ar Chomhairle CCE.

3. Bunóidh Comhairle CCE a cuid rialacha nós imeachta féin laistigh de 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

4. Beidh ionadaí as gach Páirtí mar chomhchathaoirleach ar Chomhairle CCE, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos ina rialacha nós imeachta.

5. Tiocfaidh Comhairle CCE le chéile ag eatraimh thráthrialta, nach mó ná tréimhse 2 bhliain, agus ar bhonn neamhghnách, cibé uair is gá ag brath ar imthosca, le comhaontú na bPáirtithe.

6. Beidh Comhairle CCE freagrach as na nithe seo a leanas:

(a) oibriú agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh a chuid cuspóirí;

(b) scrúdú ar aon mhórcheist a thiocfaidh chun cinn faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo, chomh maith le haon cheist eile leasa choitinn a bheidh ag déanamh difear do thrádáil idir na Páirtithe, gan dochar do na cearta a thugtar faoi Chuid VII; agus

(c) scrúdú ar thograí agus ar mholtaí ó na Páirtithe ar mhaithe le hathbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 105

Cumhachtaí Chomhairle CCE

1. Beidh cumhachtaí ag Comhairle CCE chun cinntí a dhéanamh agus féadfaidh sí moltaí a ghlacadh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach i scríbhinn trí chomhaontú frithpháirteach.

2. Beidh na cinntí a ghlacfar ceangailteach ar na Páirtithe, agus déanfaidh na Páirtithe sin na bearta uile is gá chun iad a chur chun feidhme i gcomhréir lena rialacha inmheánacha faoi seach.

3. Bunóidh agus glacfaidh Comhairle CCE laistigh de 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo na rialacha nós imeachta a éilítear chun painéal eadrána a bhunú, dá ndéantar foráil in Airteagail 112 agus 113.

4. Maidir le hábhair ina ngníomhaíonn an Stát is Comhpháirtí EAC go haonarach, beidh comhaontú an Stáit is Comhpháirtí EAC lena mbaineann de dhíth chun go mbeidh Comhairle CCE in ann cinntí den sórt sin a ghlacadh.

AIRTEAGAL 106

An Coiste Oifigeach Sinsearach

1. Bunaítear Coiste Oifigeach Sinsearach leis seo ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Ar an gCoiste beidh Rúnaithe Buana nó Príomh-Rúnaithe, de réir mar a bheidh, ón Stát nó ó na Stáit is Comhpháirtithe EAC, agus ionadaithe ón Aontas ar leibhéal na nOifigeach Sinsearach.

3. Faoi réir aon treoir a fhéadfaidh Comhairle CCE a thabhairt, tiocfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad, agus féadfaidh siad cruinnithe urghnácha a thionól uair ar bith is gá, tráth ar bith a chomhaontóidh na Páirtithe. Tiocfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach le chéile freisin roimh chruinnithe Chomhairle CCE.

4. Beidh ionadaí as gach ceann de na Páirtithe mar chomhchathaoirleach ar an gCoiste.

5. Beidh Coiste na nOifigeach Sinsearach freagrach as an méid seo a leanas:

(a) cúnamh a thabhairt don Chomhairle CCE i bhfeidhmiú a chúraimí;

(b) tuarascálacha na gcoistí speisialaithe, na seisiún oibre, na dtascfhórsaí nó aon chomhlachta eile arna bhunú ag an gCoiste faoi Airteagal 107(1) a fháil agus a bhreithniú agus a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú, chomh maith le moltaí a dhéanamh lena mbreithniú ag Comhairle CCE;

(c) tuarascálacha agus moltaí maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a chur isteach chuig Comhairle CCE, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag Comhairle CCE, nó arna iarraidh sin ag Páirtí;

(d) i réimse na trádála:

(i) maoirseacht a dhéanamh, agus a bheith freagrach as, cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm ceart fhorálacha an Chomhaontaithe seo, agus réimsí comhair maidir leis sin a phlé agus a mholadh;

(ii) gníomhaíocht a dhéanamh chun díospóidí a sheachaint, agus díospóidí a réiteach, a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe, i gcomhréir le forálacha Theideal I de Chuid VII;

(iii) cúnamh a thabhairt do Chomhairle CCE i bhfeidhmiú a chúraimí, lena n-áirítear moltaí a chur isteach i gcomhair cinntí a bheidh le glacadh ag Comhairle CCE;

(iv) faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an lánpháirtithe réigiúnaigh agus ar chaidreamh eacnamaíoch agus trádála idir na Páirtithe;

(v) faireachán agus measúnú a dhéanamh ar thionchar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo ar fhorbairt inbhuanaithe na bPáirtithe;

(vi) gníomhaíochtaí a phlé agus a dhéanamh, ar gníomhaíochtaí iad a d'fhéadfadh trádáil, infheistíocht agus deiseanna gnó a éascú idir na Páirtithe; agus

(vii) aon ábhar a bhaineann leis an gComhaontú seo a phlé agus aon saincheist a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do bhaint amach a chuid cuspóirí.

(e) i réimse na forbartha:

(i) cúnamh a thabhairt don Chomhairle CCE i bhfeidhmiú a chúraimí maidir le hábhair a bhaineann le comhar forbartha a thagann faoin gComhaontú seo;

(ii) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na bhforálacha comhair a leagtar síos sa Chomhaontú seo agus gníomhaíocht den sórt sin a chomhordú le deontóirí tríú páirtí;

(iii) moltaí a dhéanamh maidir le comhar a bhaineann le trádáil idir na Páirtithe;

(iv) na réimsí comhair a leagtar amach sa Chomhaontú seo a choimeád faoi athbhreithniú tréimhsiúil, agus moltaí a dhéanamh maidir le tosaíochtaí nua a chuimsiú, de réir mar is iomchuí; agus

(v) saincheisteanna comhair a bhaineann le lánpháirtiú réigiúnach agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a athbhreithniú agus a phlé.

AIRTEAGAL 107

Cumhachtaí Choiste na nOifigeach Sinsearach

1. Agus é i mbun a chuid cúraimí, déanfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach na nithe seo a leanas:

(a) bunóidh sé de réir mar is iomchuí, aon choiste speisialaithe, seisiúin oibre, tascfhórsaí nó comhlachtaí chun déileáil le hábhair a thagann laistigh dá inniúlacht, tabharfaidh sé treoracha dóibh, déanfaidh sé maoirseacht orthu agus cinnfidh sé a gcomhdhéanamh, a ndualgais agus a rialacha nós imeachta mura ndéantar foráil dá mhalairt sa Chomhaontú seo;

(b) déanfaidh sé cinntí nó glacfaidh sé moltaí sna cásanna dá ndéantar foráil sa Chomhaontú seo nó i gcás ina bhfuil cumhacht chur chun feidhme den sórt sin tarmligthe chuige ag Comhairle CCE. I gcásanna ina bhfuil cumhacht chur chun feidhme den sórt sin tarmligthe don Choiste, déanfaidh sé cinntí nó moltaí i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 105; agus

(c) breithneoidh sé aon saincheist faoin gComhaontú seo agus déanfaidh sé beart iomchuí i bhfeidhmiú a chúraimí.

2. Tionólfaidh an Coiste seisiúin oibre shonracha chun na cúraimí dá ndéantar foráil i mír 1(a) a dhéanamh.

3. Cinnfidh an Coiste a rialacha nós imeachta féin laistigh de 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 108

Coiste Comhairleach CCE

1. Bunaítear Coiste Comhairleach CCE leis seo agus é mar chúram air cúnamh a thabhairt do Choiste na nOifigeach Sinsearach chun idirphlé agus comhar a chur chun cinn idir ionadaithe ón earnáil phríobháideach, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear an pobal acadúil, agus comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha. Áireofar le hidirphlé agus le comhar den sórt sin na hábhair uile a chumhdaítear faoin gComhaontú seo de réir mar a thagann siad chun cinn i gcomhthéacs chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

2. Cinnfidh Comhairle CEE rannpháirtíocht ar Choiste Comhairleach CCE, ar mholtaí a fháil ó Choiste na nOifigeach Sinsearach, d'fhonn ionadaíocht leathan na bpáirtithe leasmhara uile a áirithiú.

3. Déanfaidh Coiste Comhairleach CCE a chuid gníomhaíochtaí ar bhonn comhairliúcháin ón gCoiste Oifigeach Sinsearach nó ar a thionscnamh féin agus tabharfaidh sé moltaí do Choiste na nOifigeach Sinsearach. Freastalóidh ionadaithe na bPáirtithe ar chruinnithe de Choiste Comhairleach CCE.

4. Glacfaidh Coiste Comhairleach CCE lena chuid rialacha nós imeachta laistigh de 3 mhí óna bhunú, i gcomhaontú le Coiste na nOifigeach Sinsearach.

CUID VII

DÍOSPÓID A SHEACHAINT AGUS A RÉITEACH

AIRTEAGAL 109

Raon feidhme agus Cuspóir

1. Tá feidhm ag an gCuid seo maidir le haon díospóid a bhaineann le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm fhorálacha an Chomhaontaithe seo, mura bhforáiltear a mhalairt.

2. Is é is cuspóir don Chuid seo aon díospóid idir na Páirtithe a bhaineann le léiriú agus le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a sheachaint nó a réiteach de mheon macánta agus teacht ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach, i gcás inar féidir.

TEIDEAL I

DÍOSPÓID A SHEACHAINT

AIRTEAGAL 110

Comhairliúcháin

1. Rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúchán agus féachfaidh siad teacht ar réiteach de mheon macánta ar aon díospóid maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus é mar aidhm acu teacht ar réiteach a bheidh comhaontaithe go frithpháirteach.

2. Lorgóidh Páirtí comhairliúcháin trí iarraidh i scríbhinn arna soláthar don Pháirtí eile, a seolfar cóip de chuig Coiste na nOifigeach Sinsearach, ina sainaithnítear an beart i gceist agus forálacha an Chomhaontaithe a measann sé nach bhfuil an beart i gcomhréir leis.

3. Reáchtálfar comhairliúcháin, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, i gcríoch an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh agus reáchtálfar iad laistigh de 20 lá ón dáta a fhaightear an iarraidh. Measfar na comhairliúcháin a bheith tugtha chun críche laistigh de 60 lá ón dáta a fhaightear iarraidh an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, mura gcomhaontóidh na Páirtithe leanúint ar aghaidh leis na comhairliúcháin. Coimeádfar an fhaisnéis uile a nochtfar le linn na gcomhairliúchán faoi rún.

4. Reáchtálfar comhairliúcháin ar ábhair a bhfuil práinn leo, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le hearraí meatacha nó séasúracha a luaithe agus is féidir go praiticiúil agus in aon chás laistigh de 15 lá ón dáta a fhaightear an iarraidh, agus measfar go mbeidh siad tugtha chun críche laistigh de 30 lá ón dáta a fhaightear an iarraidh, mura gcomhaontóidh na Páirtithe leanúint ar aghaidh leis na comhairliúcháin.

5. Mura dtugann an Páirtí a ndéantar an iarraidh ar chomhairliúcháin chuige freagra ar an iarraidh sin laistigh de 10 lá ón dáta a fhaightear é, nó mura reáchtáiltear na comhairliúcháin laistigh de na tráthchláir faoi seach a leagtar amach i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo, nó má reáchtáladh na comhairliúcháin gan teacht ar aon chomhaontú maidir le réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí iarraidh go socrófaí an díospóid trí eadráin i gcomhréir le hAirteagal 112.

6. Féadfaidh na Páirtithe comhaontú a dhéanamh chun na teorainneacha ama dá dtagraítear i míreanna 3 go 5 a leasú, i bhfianaise dheacrachtaí nó chastacht an cháis ag ceachtar Páirtí.

AIRTEAGAL 111

Idirghabháil

1. Mura dtiocfar ar réiteach a bheidh comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach trí na comhairliúcháin, féadfaidh na Páirtithe, trí chomhaontú, féachaint dul ar iontaoibh idirghabhálaí. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, is é an t-ábhar dá dtagraítear san iarraidh ar chomhairliúcháin a bheidh i dtéarmaí tagartha na hidirghabhála.

2. Féadfaidh ceachtar de na Páirtithe dul ar aghaidh chuig eadráin faoi Airteagal 112 gan dul i muinín idirghabhála.

3. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le hidirghabhálaí laistigh de 15 lá ó dháta an chomhaontaithe chun eadránaí a iarraidh, roghnóidh Cathaoirleach Choiste na nOifigeach Sinsearach, nó a thoscaire, trí chrannchur eadránaí ón linn daoine aonair atá ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 125 agus nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad. Déanfar an roghnúchán laistigh de 25 lá ón dáta a chuirtear an comhaontú isteach chun idirghabháil a iarraidh agus déanfar é os comhair ionadaí ó gach Páirtí. Tionólfaidh an t-idirghabhálaí cruinniú leis na Páirtithe tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis a roghnaithe. Gheobhaidh an t-idirghabhálaí na haighneachtaí ó gach Páirtí tráth nach déanaí ná 15 lá roimh an gcruinniú agus tabharfaidh sé fógra maidir le tuairim tráth nach déanaí ná 45 lá tar éis a roghnaithe.

4. Féadfar a áireamh le tuairim an idirghabhálaí moladh ar conas an díospóid a réiteach i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo. Ní bheidh tuairim an idirghabhálaí ceangailteach.

5. Féadfaidh na Páirtithe comhaontú a dhéanamh na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 3 a leasú. Féadfaidh an t-idirghabhálaí cinneadh a dhéanamh freisin na teorainneacha ama sin a leasú arna iarraidh sin ag aon cheann de na Páirtithe ar a thionscnamh féin, i bhfianaise dheacrachtaí an Pháirtí lena mbaineann nó chastachtaí an cháis.

6. Na himeachtaí lena mbainfidh idirghabháil, go háirithe an fhaisnéis uile a nochtfar agus na seasaimh a ghlacfaidh na Páirtithe le linn na n-imeachtaí, beidh siad faoi rún.

TEIDEAL II

DÍOSPÓIDÍ A RÉITEACH

AIRTEAGAL 112

An Nós Imeachta Eadrána a thionscnamh

1. I gcás nach n-éireoidh leis na Páirtithe an díospóid a réiteach trí dhul i muinín comhairliúchán dá ndéantar foráil in Airteagal 110, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin fógra a thabhairt chun an nós imeachta maidir le bunú painéil eadrána a thionscnamh, rud a bhunófar i gcomhréir le hAirteagal 113.

2. Déanfar an fógra maidir le painéal eadrána a bhunú i scríbhinn chuig an bPáirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh agus chuig Coiste na nOifigeach Sinsearach. Sainaithneoidh an Páirtí is déantóir gearáin ina fhógra na bearta sonracha i gceist, agus míneoidh sé go soiléir conas gur sárú ar fhorálacha na Chomhaontaithe seo atá i gceist le bearta den sórt sin.

AIRTEAGAL 113

An Painéal Eadrána a Bhunú

1. Ar phainéal eadrána beidh triúr eadránaithe.

2. Laistigh de 10 lá ón dáta a chuirtear isteach an fógra maidir le bunú painéil eadrána chuig Coiste na nOifigeach Sinsearach, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile chun teacht ar réiteach maidir le comhdhéanamh an phainéil eadrána.

3. I gcás nach féidir leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le comhdhéanamh an phainéil eadrána laistigh den tréimhse ama a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo, roghnóidh gach Páirtí eadránaí, ón liosta eadránaithe a bhunaítear faoi Airteagal 125, laistigh de 5 lá. Mura gceapann ceachtar de na Páirtithe a eadránaí, arna iarraidh sin ag an bPáirtí eile, is é Cathaoirleach Choiste na nOifigeach Sinsearach, nó toscaire an Chathaoirligh a roghnóidh ó fholiosta an Pháirtí sin arna bhunú faoi Airteagal 125, eadránaí an Pháirtí sin trí chrannchur.

4. Mura dtagann na Páirtithe ar chomhaontú maidir le Cathaoirleach an phainéil eadrána laistigh den tréimhse ama a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo, ceapfaidh an bheirt eadránaithe ina dhiaidh sin an tríú headránaí mar Chathaoirleach ar an mbord, ón liosta arna bhunú faoi Airteagal 125, laistigh de 5 lá óna cheapachán agus tabharfaidh siad fógra do Choiste na nOifigeach Sinsearach maidir leis an gceapachán. I gcás nach ndéantar Cathaoirleach a cheapadh ar an mbord, féadfaidh gach Páirtí iarraidh ar Chathaoirleach Choiste na nOifigeach Sinsearach nó ar thoscaire an Chathaoirligh Cathaoirleach an phainéil eadrána a roghnú trí chrannchur ón bhfoliosta de Chathaoirligh, atá sa liosta a leagtar síos faoi Airteagal 125, laistigh de 5 lá.

5. An dáta a roghnaítear an triúr eadránaithe agus a ghlacfaidh siad lena gceapachán i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta arna nglacadh faoi Airteagal 120, is é sin dáta bunaithe an phainéil eadrána.

AIRTEAGAL 114

Tuarascáil Eatramhach ón mBord

1. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra do na Páirtithe maidir le tuarascáil eatramhach ina bhfuil an roinn thuairisciúil agus a torthaí agus conclúidí, mar riail ghinearálta tráth nach déanaí ná 90 lá ó dháta a bhunaithe. I gcás ina measann an Cathaoirleach an phainéil eadrána nach féidir an sprioc-am sin a chomhlíonadh, ní mór dó fógra a thabhairt do na Páirtithe agus do Choiste na nOifigeach Sinsearach i scríbhinn, ina luaitear na cúiseanna atá leis an moill agus an dáta ar a bhfuil sé beartaithe ag an mbord a thuarascáil eatramhach a eisiúint. Níor cheart in imthosca ar bith an tuarascáil eatramhach a eisiúint tráth nach déanaí ná 120 lá tar éis dáta bunaithe an phainéil eadrána. Féadfaidh aon Pháirtí barúlacha i scríbhinn a chur isteach chuig an bpainéal eadrána maidir le gnéithe beachta dá thuarascáil eatramhach laistigh de 15 lá ó thugtar fógra maidir leis an tuarascáil.

2. I gcásanna práinne, lena n-áirítear iad sin ina bhfuil earraí meatacha nó séasúracha i gceist, déanfaidh an painéal eadrána gach iarracht a thuarascáil eatramhach a eisiúint laistigh de 30 lá, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 45 lá, tar éis a bhunaithe. Féadfaidh Páirtí iarraidh i scríbhinn a chur faoi bhráid an phainéil eadrána chun gnéithe beachta den tuarascáil eatramhach a athbhreithniú, laistigh de 7 lá ó thugtar fógra maidir leis an tuarascáil eatramhach.

3. Tar éis don phainéal eadrána aon bharúil i scríbhinn ó na Páirtithe maidir leis an tuarascáil eatramhach a mheas, féadfaidh sé a thuarascáil a mhodhnú agus féadfaidh sé aon iniúchadh breise a dhéanamh a mheasann sé a bheith iomchuí. Áireofar i rialú deiridh an phainéil eadrána plé ar na hargóintí a rinneadh tráth an athbhreithnithe eatramhaigh, agus tabharfar freagra soiléir ar cheisteanna agus ar bharúlacha na bPáirtithe.

AIRTEAGAL 115

Rialú an Phainéil Eadrána

1. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra maidir lena rialú do na Páirtithe agus do Choiste na nOifigeach Sinsearach laistigh de 120 lá ó dháta a bhunaithe.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, i gcás nach féidir an sprioc-am sin a chomhlíonadh, tabharfaidh Cathaoirleach an phainéil eadrána fógra do na Páirtithe agus do Choiste na nOifigeach Sinsearach i scríbhinn, ina luaitear na cúiseanna atá leis an moill agus an dáta ar a bhfuil sé beartaithe ag an mbord a rialú a eisiúint. Ní fhógrófar an rialú faoi thosca ar bith tráth nach déanaí ná 150 lá ó dháta a bhunaithe.

2. I gcásanna práinne, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le hearraí meatacha agus séasúracha, déanfaidh an painéal eadrána an méid seo a leanas:

(a) tabharfaidh sé fógra maidir lena rialú laistigh de 60 lá ó dháta a bhunaithe;

(b) féadfaidh sé réamhrialú a thabhairt, a luaithe agus is indéanta go praiticiúil, agus in aon chás laistigh de 7 lá óna bhunú, faoi cé acu a mheasann nó nach measann sé an cás a bheith práinneach.

3. Áireofar le rialú an phainéil eadrána moltaí faoi conas a d'fhéadfadh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh a bheith comhlíontach arís.

4. D'ainneoin mhíreanna 6 go 10 maidir leis an tréimhse réasúnta ama, déanfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh aon bheart is gá chun bheith comhlíontach láithreach agus de mheon macánta le rialú an phainéil eadrána.

5. Mura féidir a bheith comhlíontach láithreach, féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir leis an tréimhse ama chun an rialú a chomhlíonadh. I gcás den sórt sin, tabharfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná 21 lá ó fhógraítear rialú an phainéil eadrána do na Páirtithe, fógra don Pháirtí is déantóir gearáin agus do Choiste na nOifigeach Sinsearach maidir leis an am a éileoidh sé le haghaidh comhlíontachta.

6. Má tá easaontú idir na Páirtithe maidir leis an tréimhse ama réasúnta chun rialú an phainéil eadrána a chomhlíonadh, iarrfaidh an Páirtí is déantóir gearáin, laistigh de 14 lá ón bhfógra a dhéanfar faoi mhír 1, i scríbhinn ar an bpainéal eadrána fad an rialaithe a chinneadh. Tabharfar fógra maidir le hiarraidh den sórt sin go comhuaineach don Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh agus do Choiste na nOifigeach Sinsearach. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra maidir lena rialú do na Páirtithe agus do Choiste na nOifigeach Sinsearach laistigh de 21 lá ón dáta a chuirtear an iarraidh isteach.

7. I gcás nach bhfuil an painéal eadrána bunaidh, nó roinnt dá chuid comhaltaí, in ann teacht le chéile an athuair, beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 113. Is é an teorainn ama a bheidh ann chun fógra a thabhairt maidir leis an rialú 35 lá ón dáta a chuirtear an iarraidh dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo isteach.

8. Agus fad na tréimhse réasúnta ama á chinneadh, cuirfidh an painéal eadrána san áireamh an t-achar ama a thógann sé de ghnáth ar an bPáirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh bearta reachtacha nó riaracháin inchomparáide a ghlacadh le hais iad sin arna sainaithint ag Páirtí den sórt sin mar bhearta is gá chun comhlíontacht a áirithiú, agus go háirithe, cuirfidh an bord san áireamh na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC i ngeall ar easpa inniúlachta riachtanaí.

9. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse réasúnta ama trí chomhaontú idir na bPáirtithe.

AIRTEAGAL 116

Athbhreithniú ar Aon Bheart a Dhéanfar chun an Rialú ón bpainéal Eadrána a Chomhlíonadh

1. Tabharfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh fógra don Pháirtí is déantóir gearáin agus do Choiste na nOifigeach Sinsearach roimh dheireadh na tréimhse réasúnta ama maidir le haon bheart a rinne sé chun rialú an phainéil eadrána a chomhlíonadh.

2. I gcás inarb amhlaidh, ag deireadh na tréimhse réasúnta ama, nár chomhlíon an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin, ar fhógra a thabhairt don Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh agus do Choiste na nOifigeach Sinsearach, bearta iomchuí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 118(2).

3. I gcás ina bhfuil easaontú idir na Páirtithe maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh ag comhlíonadh forálacha an Chomhaontaithe seo anois, féadfaidh ceachtar Páirtí iarraidh i scríbhinn a dhéanamh chuig an bpainéal eadrána rialú maidir leis an ábhar. Sainaithneofar in iarraidh den sórt sin an beart sonrach i gceist agus míneofar ann go soiléir conas atá beart den sórt neamhréireach nó comhréireach le forálacha an Chomhaontaithe agus le rialú an phainéil eadrána.

4. Féachfaidh an painéal eadrána le fógra a thabhairt faoina rialú laistigh de 45 lá ón dáta a chuirtear an iarraidh dá dtagraítear i mír 3 isteach. I gcásanna práinne, lena n-áirítear iad sin ina bhfuil earraí meatacha agus séasúracha i gceist, tabharfaidh an painéal eadrána fógra faoina rialú laistigh de 30 lá ón dáta a chuirtear an iarraidh isteach.

5. I gcás nach bhfuil an painéal eadrána bunaidh, nó roinnt dá chuid comhaltaí, in ann teacht le chéile an athuair laistigh de 15 lá, beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 113. I gcásanna den sórt sin, is é an teorainn ama chun fógra a thabhairt faoin rialú 80 lá ón dáta a chuirtear an iarraidh dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo isteach.

AIRTEAGAL 117

Leigheasanna sSealadacha i gcás Neamh-Chomhlíontachta

1. Mura dtugann an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh fógra faoi aon bheart a rinneadh chun rialú an phainéil eadrána a chomhlíonadh sula dtéann an tréimhse réasúnta ama in éag, nó má rialaíonn an painéal eadrána nach bhfuil an beart faoinar tugadh fógra faoi Airteagal 116(1) comhoiriúnach le hoibleagáidí an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh faoi fhorálacha an Chomhaontaithe seo, beidh an Páirtí is déantóir gearáin i dteideal, ar fhógra a thabhairt don Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, bearta iomchuí a dhéanamh.

2. Agus bearta den sórt sin á nglacadh ag an bPáirtí is déantóir gearáin, féachfaidh sé leis na bearta a roghnú is lú a dhéanann difear do bhaint amach chuspóirí an Chomhaontaithe seo, agus cuirfidh sé san áireamh a dtionchar ar gheilleagar an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh. Ina theannta sin, i gcás ina bhfuair an tAontas an ceart bearta den sórt sin a ghlacadh, roghnóidh sé bearta arb é is aidhm shonrach dóibh an Stát is Comhpháirtí EAC a suíodh go raibh a bhearta ag sárú an Chomhaontaithe seo a dhéanamh comhlíontach arís.

3. Tráth ar bith tar éis don tréimhse réasúnta ama dul in éag, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin iarraidh ar an bPáirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh tairiscint ar chúiteamh sealadach a sholáthar, agus cuirfidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh tairiscint den sórt sin i láthair.

4. Is bearta sealadacha a bheidh sna bearta cúitimh nó sna frithbhearta agus ní chuirfear i bhfeidhm iad ach amháin go dtí go ndéanfar aon bheart a bhfuarthas gur sháraigh se forálacha an Chomhaontaithe seo tarraingthe siar nó leasaithe ionas go mbeidh sé comhréireach leis na forálacha sin, nó go dtí go mbeidh sé comhaontaithe ag na Páirtithe an díospóid a shocrú.

AIRTEAGAL 118

Athbhreithniú ar Aon Bheart a dhéantar chun Comhlíonadh a Dhéanamh tar éis Bearta Iomchuí a Ghlacadh

1. Tabharfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh fógra don Pháirtí eile agus do Choiste na nOifigeach Sinsearach maidir le haon bheart a rinne sé chun rialú an phainéil eadrána a chomhlíonadh agus maidir leis an iarraidh a rinne sé chun deireadh a chur le cur i bhfeidhm na mbeart iomchuí ag an bPáirtí is déantóir gearáin.

2. I gcás nach dtagann na Páirtithe ar chomhaontú maidir le comhoiriúnacht an bhirt ar tugadh fógra faoi le forálacha an Chomhaontaithe seo laistigh de 30 lá ón dáta ar cuireadh an fógra isteach, déanfaidh an Páirtí is déantóir gearáin iarraidh i scríbhinn go rialóidh an painéal eadrána ar an ábhar. Tabharfar fógra maidir le hiarraidh den sórt sin don Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh agus do Choiste na nOifigeach Sinsearach. Tabharfar fógra maidir le rialú an phainéil eadrána do na Páirtithe agus do Choiste na nOifigeach Sinsearach laistigh de 45 lá ón dáta a chuirtear an iarraidh isteach.

3. Má rialaíonn an painéal eadrána nach bhfuil aon bheart a rinneadh i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo, cinnfidh sé an bhféadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin leanúint de bhearta iomchuí a chur i bhfeidhm. Má rialaíonn an painéal eadrána go bhfuil aon bheart a rinneadh chun comhlíonadh i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo, déanfar na bearta is iomchuí a fhoirceannadh láithreach tar éis dáta an rialaithe.

4. I gcás nach bhfuil an painéal eadrána bunaidh, nó roinnt dá chuid comhaltaí, in ann teacht le chéile an athuair, beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 113. Is é an tréimhse chun fógra a thabhairt maidir leis an rialú 60 lá ón dáta a chuirtear an iarraidh dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal isteach.

TEIDEAL III

FORÁLACHA COITEANNA

AIRTEAGAL 119

Réiteach a Chomhaontú ar Bhonn Frithpháirteach

Féadfaidh na Páirtithe teacht ar réiteach comhaontaithe ar dhíospóid faoin gCuid seo tráth ar bith agus tabharfaidh siad fógra do Choiste na nOifigeach Sinsearach maidir leis sin. Má éilítear formheas leis an réiteach de bhun nósanna imeachta intíre ábhartha ceachtar Páirtí, déanfar tagairt san fhógra don cheanglas sin, agus cuirfear na himeachtaí ar fionraí. Mura n-éilítear formheas den sórt sin, nó ar fhógra a thabhairt maidir le haon nós imeachta intíre den sórt sin a thabhairt i gcrích, déanfar na himeachtaí a fhoirceannadh.

AIRTEAGAL 120

Rialacha Nós Imeachta

Déanfar na nósanna imeachta chun díospóid a shocrú a rialú leis na rialacha nós imeachta a ghlacfaidh Comhairle CCE laistigh de 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 121

Faisnéis agus Comhairle Theicniúil

Arna iarraidh sin ag ceachtar Páirtí, nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an painéal eadrána faisnéis a fháil don phainéal eadrána a leanfaidh as aon fhoinse is iomchuí leis, lena n-áirítear na Páirtithe atá ag gabháil don díospóid. Beidh sé de cheart ag anb painéal eadrána freisin tuairim saineolaithe ábhartha a lorg de réir mar is iomchuí leis. Tá daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha leasmhara na bPáirtithe agus tríú páirtithe eile údaraithe chun achoimrí *amicus curiae* a chur isteach chuig an bpainéal eadrána i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta arna nglacadh faoi Airteagal 120. Ní mór aon fhaisnéis a fhaightear ar bealach den sórt sin a nochtadh do na Páirtithe, agus féadfaidh siadsan barúlacha a chur isteach ina leith.

AIRTEAGAL 122

Teanga na n-Aighneachtaí

1. Déanfar aighneachtaí i scríbhinn agus ó bhéal na bPáirtithe in aon teanga oifigiúil de chuid na bPáirtithe sin.

2. Féachfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le teanga oibre choiteann le haghaidh aon imeachta shonraigh faoin gCuid seo. Mura bhfuil na Páirtithe sin in ann teacht ar chomhaontú maidir le teanga oibre choiteann, déanfaidh gach Páirtí socrú agus seasfaidh siad na costais a bhainfidh le haistriúchán a dhéanamh ar na haighneachtaí i scríbhinn agus na hateangaireachta ag na héisteachtaí maidir leis an teanga arna roghnú ag an bPáirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, murar teanga oifigiúil de chuid an Pháirtí sin í an teanga sin ([5]).

AIRTEAGAL 123

Rialacha léirmhínithe

1. Déanfaidh na painéil eadrána forálacha an Chomhaontaithe seo a léirmhíniú i gcomhréir le gnáthrialacha i ndáil leis an dlí idirnáisiúnta poiblí a léirmhíniú, lena n-áirítear na rialacha a leagtar amach i gCoinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí arna shíniú i Vín an Bealtaine 1969.

2. Ní féidir le léirmhínithe ná rialuithe an hpainéil eadrána cur leis na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo, ná na cearta ná na hoibleagáidí sin a laghdú.

AIRTEAGAL 124

Nós Imeachta maidir le Rialuithe an Phainéil Eadrána

1. Déanfaidh an painéal eadrána gach iarracht aon chinneadh a dhéanamh de chomhthoil. I gcás nach féidir cinneadh a ghlacadh de chomhthoil, is trí vóta tromlaigh a dhéanfar cinneadh faoin ábhar i dtrácht.

2. Leagfar amach in aon rialú de chuid an phainéil eadrána na cinntí fíorais, infheidhmeacht fhorálacha ábhartha an Chomhaontaithe seo agus an réasúnaíocht is bun le haon chinneadh, moladh nó conclúid a dhéanann sé. Cuirfidh Coiste na nOifigeach Sinsearach rialuithe an phainéil eadrána ar fáil go poiblí.

3. Beidh rialuithe an phainéil eadrána críochnaitheach agus ina gceangal ar na Páirtithe.

AIRTEAGAL 125

Liosta Eadránaithe

1. Déanfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach, tráth nach déanaí ná 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, liosta de 15 dhuine aonair ar a laghad a bhunú, ar daoine aonair iad atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar eadránaithe. Beidh trí fholiosta sa liosta: foliosta amháin le haghaidh gach Páirtí chun feidhmiú mar eadránaithe; foliosta amháin de dhaoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad agus a bheidh le fáil chun feidhmiú mar Chathaoirleach an phainéil eadrána. Áireofar cúigear (5) ar a laghad ar gach foliosta. Áiritheoidh Coiste na nOifigeach Sinsearach go gcoinneofar an liosta ar an leibhéal sin i gcónaí, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta arna nglacadh faoi Airteagal 120.

2. Mura mbeidh aon cheann de na foliostaí bunaithe nó mura mbeidh dóthain ainmneacha daoine aonair orthu tráth a ndéantar fógra de bhun Airteagal 113(2), déanfar na headránaithe a tharraingt trí chrannchur as na daoine aonair a mhol Páirtí amháin nó an dá Pháirtí go foirmiúil don fholiosta faoi seach. Murar mhol ach Páirtí amháin ainmneacha, tarraingeoidh an triúr eadránaithe trí chrannchur as na hainmneacha sin.

3. I gcás nach bhfuil liosta eadránaithe ann a bunaíodh faoi mhír 1, ná ainmneacha eadránaithe a moladh faoi mhír 2, iarrfaidh an Páirtí a bhfuil an próiseas eadrána á thionscnamh aige ar Ard-Rúnaí na Buanchúirte Eadrána gníomhú mar an t-údarás ceapacháin.

4. Ní mór eolas speisialaithe, agus taithí, maidir le dlí agus trádáil idirnáisiúnta a bheith ag eadránaithe. Beidh siad neamhspleách, beidh siad ag fónamh ina gcáil aonair agus ní thógfaidh siad treoracha ó aon eagraíocht ná rialtas, ná ní bheidh siad cleamhnaithe le rialtas aon Pháirtí, agus comhlíonfaidh siad an cód iompair atá i gceangal leis na Rialacha nós imeachta arna nglacadh faoin Airteagal seo.

([5]) Chun críche an Airteagail seo, is iad teangacha oifigiúla na teangacha a liostaítear in Airteagal 146.

AIRTEAGAL 126

Caidreamh le Réiteach Díospóidí EDT

1. Ní dhéanfaidh painéil eadrána a bhunaítear faoin gComhaontú seo breithniú ar dhíospóidí maidir le cearta nó oibleagáidí ceachtar den dá Pháirtí faoi chomhaontuithe EDT.

2. Beidh an dul ar iontaoibh fhorálacha réitigh díospóidí an Chomhaontaithe seo gan dochar d'aon ghníomhaíocht i gcreat EDT, lena n-áirítear gníomhaíocht um réiteach díospóidí. Mar sin féin, i gcás inar thionscain Páirtí, maidir le beart áirithe, imeacht réitigh díospóidí, faoin Teideal seo nó faoi Chomhaontú EDT, ní thionscnóidh sé imeacht réitigh díospóidí maidir leis an mbeart céanna san fhóram eile go dtí go mbeidh deireadh leis an gcéad imeacht. Anuas air sin, ní dhéanfaidh Páirtí sásamh a lorg le haghaidh sárú oibleagáide atá comhionann faoin gComhaontú agus faoi Chomhaontú EDT sa dá fhóram. I gcás den sórt sin, nuair a tionscnaíodh imeacht réitigh díospóidí, ní dhéanfaidh Páirtí éileamh lena bhfuil sásamh á lorg aige le haghaidh shárú na hoibleagáide comhionainne faoin gcomhaontú eile go dtí an fóram eile, mura dteipeann ar an bhfóram roghnaithe ar chúiseanna nós imeachta nó dlínse cinntí a dhéanamh maidir leis an maíomh trína ndéantar sásamh na hoibleagáide sin a lorg.

3. Féadfaidh Páirtí, maidir le beart áirithe, imeacht réitigh díospóidí a thionscnamh faoin gCuid seo nó faoi Chomhaontú EDT, mar a leanas:

(a) measfar gur tionscnaíodh imeachtaí réitigh díospóidí faoin gCuid seo trí iarraidh Pháirtí painéal eadrána a bhunú faoi Airteagal 112, agus measfar go bhfuil deireadh leis nuair a thabharfaidh an painéal eadrána fógra dá rialú do na Páirtithe agus do Choiste na nOifigeach Sinsearach faoi Airteagal 115, nó i gcás gur baineadh réiteach arna gcomhaontú go frithpháirteach amach faoi Airteagal 119.

(b) measfar gur tionscnaíodh imeachtaí réitigh díospóidí faoi Chomhaontú EDT trí iarraidh ó Pháirtí painéal a bhunú faoi Airteagal 6 den Chomhaontú um Réiteach Díospóidí (CRD), agus measfar go bhfuil deireadh leis nuair a ghlacfaidh an Comhlacht EDT um Réiteach Díospóidí tuarascáil phainéail EDT, nó de chuid an Bhuanchomhlachta Achomhairc de réir mar a bheidh, faoi Airteagail 16 agus 17(14) den Chomhaontú um Réiteach Díospóidí.

4. Ní choiscfidh aon ní sa Chomhaontú seo ar Pháirtí fionraí na n-oibleagáidí arna n-údarú ag Comhlacht EDT um Réiteach Díospóidí a chur chun feidhme. Ní chuirfear le Comhaontú EDT bac ar Pháirtí oibleagáidí faoin gComhaontú seo a chur ar fionraí.

AIRTEAGAL 127

Teorainneacha Ama

1. Déanfar aon teorainn ama a leagtar síos sa Chuid seo, lena n-áirítear teorainneacha le haghaidh na bpainéal eadrána fógra a thabhairt faoina rialuithe, a chomhaireamh i laethanta féilire ón lá tar éis an ghnímh nó an fhíorais dá dtagraíonn siad.

2. Aon teorainn ama dá dtagraítear sa Chuid seo, féadfar síneadh a chur léi trí chomhaontú frithpháirteach na bPáirtithe.

CUID VIII

EISCEACHTAÍ GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 128

Clásal Eisceachta Ginearálta

Faoi réir an cheanglais nach gcuirfear bearta den sórt sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar idir na Páirtithe i gcás ina mbeidh na dálaí céanna i réim, nó a bheadh ina shrianadh faoi cheilt ar thrádáil idirnáisiúnta, ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo le cosc a chur ar an Aontas nó ar an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC bearta mar a leanas a ghlacadh nó a fhorfheidhmiú:

(a) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun slándáil an phobail nó moráltacht an phobail a chosaint nó an t-ord poiblí a choimeád;

(b) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint;

(c) ar bearta iad a bhaineann le hallmhairiú nó le honnmhairiú óir nó airgid;

(d) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe nó rialacháin nach bhfuil ar neamhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le forfheidhmiú custaim, forfheidhmiú monaplachtaí a oibrítear faoi Airteagal II(4) agus Airteagal XVII CGTT, cosaint paitinní, trádmharcanna agus cóipcheart, agus cosc ar chleachtais mheabhlacha;

(e) ar bearta iad a bhaineann le táirgí saothair príosúin;

(f) ar bearta iad a fhorchuirtear le haghaidh cosaint seod náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta de;

(g) ar bearta iad a bhaineann le caomhnú acmhainní nádúrtha neamh-inathnuaite má thugtar éifeacht le bearta den sórt sin i gcomhar le srianta ar tháirgeadh nó ar thomhaltas intíre;

(h) ar bearta iad a dhéantar de bhun oibleagáidí faoi aon chomhaontú idir-rialtasach faoi thráchtearraí atá i gcomhréir le critéir a cuireadh faoi bhráid na bPáirtithe Conarthacha CGTT agus nár chuir siad ina gcoinne nó ar cuireadh faoi bhráid ar an dóigh sin é agus nár cuireadh ina choinne ar an dóigh sin ([6]);

(i) ar bearta iad lena mbaineann srianta ar onnmhairí ábhar intíre is gá chun cainníochtaí fíor-riachtanacha ábhar den sórt sin a áirithiú do thionscal próiseála intíre le linn tréimhsí nuair a choinnítear praghas intíre ábhar den sórt sin faoin bhun an phraghais dhomhanda mar chuid de phlean cobhsúcháin rialtais. Mar sin féin, ní oibreoidh bearta den sórt sin chun onnmhairí tionscail den sórt sin ná an chosaint a thugtar dó a mhéadú, agus ní sháróidh siad forálacha an Chomhaontaithe seo a bhaineann le neamh-idirdhealú;

(j) ar bearta iad atá fíor-riachtanach d'éadáil nó do dháileadh na dtáirgí go ginearálta nó soláthar gairid áitiúil, ar choinníoll go mbeidh aon bheart den sórt sin i gcomhréir leis an bprionsabal go bhfuil an tAontas nó an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC i dteideal sciar cothromasach an tsoláthair idirnáisiúnta táirgí den sórt sin, agus go ndíbreofar aon bheart den sórt sin a bhfuil ar neamhréir le forálacha eile an Chomhaontaithe seo, chomh luath agus nach mbeidh na coinníollacha as ar eascraíodh iad ann a thuilleadh.

AIRTEAGAL129

Eisceachtaí Slándála

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo:

(a) mar ní lena gceanglaítear ar an Aontas nó ar an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC rochtain ar aon fhaisnéis a sholáthar, ar faisnéis í a mheasann sé go mbeadh a nochtadh in aghaidh a leasanna bunúsacha slándála; nó

(b) mar ní lena gcuirtear bac ar an Aontas nó ar an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC aon ghníomhaíocht a dhéanamh a mheasann sé a bhfuil gá leis chun a leasanna bunúsacha slándála a chosaint, ar gníomhaíocht í:

(i) a bhaineann le hábhair ineamhnaithe nó na hábhair óna ndíorthaítear iad;

(ii) a bhaineann le hairm, armlón agus ábhair chogaidh a gháinneáil agus le gáinneáil den sórt sin ar earraí agus ábhair a dhéantar go díreach nó go hindíreach chun críche bunaíocht mhíleata a sholáthar;

(iii) a bhaineann le soláthar rialtais atá fíor-riachtanach le haghaidh cuspóirí slándála náisiúnta nó cosanta náisiúnta;

(iv) arna dhéanamh le linn cogaidh nó le linn éigeandáil eile sa chaidreamh idirnáisiúnta; nó

(c) mar ní lena gcuirtear bac ar an Aontas nó ar an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC aon ghníomhaíocht a dhéanamh de bhun a oibleagáidí faoi Chairt na Náisiún Aontaithe arna síniú in San Francisco an 26 Meitheamh 1945 chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.

2. Cuirfear Coiste na nOifigeach Sinsearach ar an eolas a mhéid is féidir maidir le bearta a dhéantar faoi mhíreanna 1(b) agus (c) agus maidir lena bhfoirceannadh.

([6]) Baineann an eisceacht dá ndéantar foráil san fhomhír seo le haon chomhaontú faoi thráchtearraí atá i gcomhréir leis na prionsabail arna bhformheas ag an gComhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta GATT ina Rún 30 (IV) an 28 Márta 1947.

AIRTEAGAL 130

Cánachas

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo, ná in aon socrú a ghlacfar faoin gComhaontú seo, ionas go gcoiscfear ar Pháirtí idirdhealú a dhéanamh, le linn fhorálacha ábhartha a reachtaíochta fioscaí a bheith á bhfeidhmiú, idir cáiníocóirí nach bhfuil sa chor céanna, go háirithe maidir lena n-áit chónaithe, nó maidir leis an áit ina bhfuil a gcuid caipitil infheistithe.

2. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo, ná in aon socrú a ghlacfar faoin gComhaontú seo, ionas go gcoiscfear glacadh nó forfheidhmiú aon bhirt arb é is aidhm dó cosc a chur ar sheachaint nó imghabháil cánach de bhun fhorálacha cánach na gcomhaontuithe chun cánachas dúbailte nó socruithe cánach eile nó reachtaíocht fhioscach intíre a sheachaint.

3. Ní dhéanfaidh aon ní sa Chomhaontú seo difear do chearta ná d'oibleagáidí na bPáirtithe faoi aon choinbhinsiún cánach. I gcás ina mbeidh aon neamhréir ann idir an Comhaontú seo agus aon choinbhinsiún cánach den sórt sin, beidh forlámhas ag an gcoinbhinsiún cánach sin a mhéid a bheidh neamhréir ann.

CUID IX

FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 131

Deacrachtaí Chomhardú na nÍocaíochtaí

1. I gcás ina mbíonn deacrachtaí tromchúiseacha maidir le comhardú na n-íocaíochtaí agus airgeadas seachtrach ag Páirtí, nó má bhíonn an baol ann gur ann dóibh, féadfaidh sé bearta sriantacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le trádáil earraí.

2. Féachfaidh na Páirtithe le cur i bhfeidhm na mbeart sriantach dá dtagraítear i mír 1 a sheachaint.

3. Beidh aon bheart sriantach a ghlacfar nó a choinneofar ar bun faoin Airteagal seo neamh-idirdhealaitheach agus de thréimhse theoranta agus ní rachaidh sé thar a bhfuil gá leis chun comhardú na n-íocaíochtaí agus an staid airgeadais sheachtrach a leigheas. Beidh sé i gcomhréir leis na coinníollacha a bunaíodh i gcomhaontuithe EDT agus i gcomhréir le hAirteagail Chomhaontaithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), mar is infheidhme.

4. Aon pháirtí a bhfuil bearta sriantacha á gcoinneáil ar bun aige nó a ghlac iad, nó aon athrú orthu, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile agus do Chomhairle CCE iad go pras agus clár ama le haghaidh a mbainte a chur i láthair a luaithe is féidir.

5. Déanfar comhairliúcháin laistigh de Chomhairle CCE go pras, agus déanfar le comhairliúcháin den sórt sin measúnú ar staid chomhardú na n-íocaíochtaí de chuid an Pháirtí lena mbaineann agus na srianta a glacadh nó a cuireadh ar bun faoin Airteagal seo, agus tosca á gcur san áireamh, *inter alia*, amhail:

(a) cineál agus méid na ndeacrachtaí maidir le comhardú na n-íocaíochtaí agus leis an airgeadas seachtrach;

(b) an timpeallacht sheachtrach eacnamaíoch agus trádála;

(c) bearta ceartaitheacha malartacha a d'fhéadfadh a bheith ar fáil.

6. Tabharfar aghaidh sna comhairliúcháin ar chomhlíonadh mhíreanna 3 agus 4 i gcás aon bheart sriantach. Glacfar leis na torthaí uile de chineál staidrimh nó fíorasach a chuirfidh an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) i láthair i ndáil le malairt eachtrach, cistí cúltaca agus comhardú na n-íocaíochtaí, agus beidh conclúidí bunaithe ar mheasúnú CAIe ar chomhardú na n-íocaíochtaí agus ar staid airgeadais sheachtrach an Pháirtí lena mbaineann a bhfuil an beart á ghlacadh nó á choinneáil ar bun aige.

AIRTEAGAL 132

Sainmhíniú ar na Páirtithe agus Oibleagáidí a Chomhlíonadh

1. Is iad Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú seo, Poblacht na Céinia agus aon Pháirtí Conarthach eile sa Chonradh lena mbunaítear Comhphobal na hAfraice Thoir a aontaíonn don Chomhaontú seo i gcomhréir le hAirteagal 144 den Chomhaontú seo, dá ngairtear 'an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC' anseo feasta, de pháirt, agus an tAontas Eorpach, dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta, den pháirt eile.

2. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tagróidh an téarma 'Páirtí' don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC nó don Aontas Eorpach de réir mar a bheidh. Tagróidh an téarma 'Páirtithe' don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC, agus don Aontas Eorpach.

3. Féadfaidh an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC ceann dá n-ionadaithe a shainordú le gníomhú thar a gceann maidir le gach ábhar faoin gComhaontú seo ar aontaigh siad gníomhú i gcomhpháirt ina leith.

4. Glacfaidh na Páirtithe aon bheart ginearálta nó sonrach a cheanglaítear orthu chun a n-oibleagáidí faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh, agus áiritheoidh siad go gcomhlíonfaidh siad na cuspóirí a leagtar síos sa Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 133

Pointí Teagmhála

1. Chun cumarsáid a bhaineann le cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe seo a éascú, ainmneoidh na Páirtithe pointe teagmhála araon le haghaidh mhalartú na faisnéise ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ní dochar ainmniú pointí teagmhála le haghaidh malartú faisnéise d'ainmniú sonrach na n-údarás inniúil faoi fhorálacha sonracha an Chomhaontaithe seo.

2. Ar iarraidh sin ag na pointí teagmhála le haghaidh malartú faisnéise, sonróidh gach Páirtí an oifig nó an t-oifigeach atá freagrach as aon ábhar a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus soláthróidh siad an tacaíocht is gá chun cumarsáid leis an bPáirtí is iarrthóir a éascú.

3. Soláthróidh gach Páirtí, de réir mar a bheidh, arna iarraidh sin ag an bPáirtí eile, agus a mhéid agus is féidir de réir an dlí, faisnéis agus freagróidh siad go pras ar aon cheist ón bPáirtí eile a bhaineann le beart iarbhír nó beartaithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil idir na Páirtithe.

AIRTEAGAL 134

Trédhearcacht agus Rúndacht

1. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfoilseofar aon dlí, rialachán, nós imeachta agus rialú riarthach a bhfuil feidhm ghinearálta acu, chomh maith le haon ghealltanas idirnáisiúnta atá bainteach le haon ábhar trádála a chumhdaítear leis an gComhaontú seo go pras nó go gcuirfear ar fáil go poiblí iad agus go gcuirfear in iúl don Pháirtí eile iad.

2. Gan dochar d'fhorálacha trédhearcachta sonracha sa Chomhaontú seo, measfar go soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear faoin Airteagal seo nuair a chuirfear an fhaisnéis ar fáil do rialtas an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC agus don Choimisiún Eorpach nó do EDT nó ar shuíomhanna gréasáin oifigiúla na bPáirtithe a mbeidh rochtain saor in aisce ag an bpobal orthu.

3. Ní cheanglóidh aon ní sa Chomhaontú seo ar aon Pháirtí faisnéis rúnda a sholáthar, a chuirfeadh a nochtadh bac ar fhorfheidhmiú an dlí, nó a bheadh contrártha ar bhealach eile do leas an phobail, nó a dhéanfadh dochar do leasanna dlisteanacha tráchtála fiontar áirithe, ar fhiontair phoiblí nó phríobháideacha iad, seachas a mhéid ba ghá a nochtadh i gcomhthéacs imeacht réitigh díospóidí faoi Chuid VII. I gcás ina measann bord a bunaíodh faoi Airteagal 113 go bhfuil gá le nochtadh den sórt sin, áiritheoidh an bord go gcosnófar an rúndacht go hiomlán.

AIRTEAGAL 135

Na Réigiúin is forimeallaí de chuid an Aontais

1. Fogasacht gheografach réigiúin is forimeallaí áirithe den Aontas agus an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC á gcur san áireamh agus chun naisc eacnamaíocha agus shóisialta idir na réigiúin sin agus an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC a threisiú, féachfaidh na Páirtithe le comhar a éascú sna réimsí uile a chumhdaítear leis an gComhaontú seo idir na réigiúin is forimeallaí den Aontas agus an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC.

2. Saothrófar na cuspóirí a leagtar amach i mír 1 freisin, i ngach cás inar féidir, trí chomh-rannpháirtíocht an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC agus na réigiúin sin is forimeallaí den Aontas i gcreat agus i gcláir shonracha an Aontais sna réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a chothú.

3. Féachfaidh an tAontas le comhordú idir ionstraimí éagsúla airgeadais maidir le beartais chomhtháthaithe agus forbartha an Aontais a áirithiú chun comhar idir an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC agus na réigiúin sin is forimeallaí den Aontas a chothú sna réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo.

4. Ní chuirfidh aon ní sa Chomhaontú seo cosc ar an Aontas bearta atá ann cheana a chur i bhfeidhm atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar staid struchtúrach shóisialta agus eacnamaíoch a réigiún is forimeallaí de bhun Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

AIRTEAGAL 136

Caidreamh le Comhaontuithe eile

2. TALMHAÍOCHT AGUS BEOSTOC						
	Táirgeacht agus táirgiúlacht a fheabhsú	(Feabhas a chur ar tháirgeacht agus táirgiúlacht na mórbharr (caife, tae, agus cána siúcra) ó 10,95 milliún tona	Táirgeacht agus táirgiúlacht barr agus beostoic a mhéadú 15 %	Táirgeacht agus táirgiúlacht barr agus beostoic a mhéadú 25 %	Táirgeacht agus táirgiúlacht barr agus beostoic a mhéadú 30 %	Slándáil bia réigiúnach mhéadaithe Méid méadaithe onnmhairiúchán talmhaíochta % de mhéadú ar tháirgeacht talmhaíochta sa réigiún Deireadh curtha le NTBanna in EAC
		Táirgeacht agus táirgiúlacht a mhéadú maidir le beostoc (eallach, caoirigh, gabhair, muca, éanlaith chlóis) ó 56,6 milliún, 32,3 milliún, 61,9 milliún, 7,9 milliún agus 143 milliún faoi seach	Táirgeadh agus táirgiúlacht mhéadaithe beostoic (eallach 10 %, caoirigh 25 %, gabhair 4 %, muca 20 %, éanlaith 10 %	Táirgeadh agus táirgiúlacht mhéadaithe beostoic (eallach 15 %, caoirigh 30 %, gabhair 10 %, muca 25 %, éanlaith 15 %	Táirgeadh agus táirgiúlacht mhéadaithe beostoic (eallach 20 %, caoirigh 35 %, gabhair 15 %, muca 30 %, éanlaith 20 %	Slándáil bia réigiúnach mhéadaithe % de mhéadú ar tháirgeadh beostoic sa réigiún Méid méadaithe onnmhairiúchán beostoic
	Chun agrai-thionscal a fheabhsú agus a fhorbairt (breisiú luacha)	Tá an % d'onnmhairiúcháin bhreisluacha faoi 10 % faoi láthair	Mhéadaigh an % d'onnmhairiúcháin bhreisluacha chuig 20 % ar a laghad	Mhéadaigh an % d'onnmhairiúcháin bhreisluacha chuig 50 % ar a laghad	Mhéadaigh an % d'onnmhairiúcháin bhreisluacha chuig 75 % ar a laghad	% de mhéadú ar bhreisiú luacha na bpríomhtháirgí arna dtrádáil le honnmhairí foriomlána Líon tionscal agra-bhunaithe atá nua-aimseartha agus iomaíoch arna mbunú

Réimse Comhair	Spriocanna	Bunlíne (2013)	Spriocanna			Táscairí feidhmíochta
			Gearrthéarmach (3 bliana)	Meántéarmach (5 bliana)	Fadtéarmach (2033)	
	Chun feabhas a chur ar rochtain trádála agus margaidh le haghaidh tráchtearraí talmhaíochta	Faoi láthair, tá sciar den trádáil laistigh den réigiún sa mhargadh réigiúnach foriomlán timpeall ar 10 % do na táirgí is mó trádáil	Sciar trádála laistigh den réigiún méadaithe chuig 30 % Forbairt bhreisithe 30 % ar mhargaí airgeadais chun tacú le hárachas agus maoiniú talmhaíochta Córas faisnéise margaíochta réigiúnach bunaithe agus comhordaithe	Sciar trádála laistigh den réigiún méadaithe chuig 50 % Forbairt bhreisithe 50 % ar mhargaí airgeadais chun tacú le hárachas agus maoiniú talmhaíochta Cumhdach an chórais faisnéise margaíochta feabhsaithe chuig 20 %	Sciar trádála laistigh den réigiún méadaithe chuig 80 % Forbairt bhreisithe 80 % ar mhargaí airgeadais chun tacú le hárachas agus maoiniú talmhaíochta Cumhdach an chórais faisnéise margaíochta feabhsaithe chuig 100 %. Infheistíocht i dTaighde agus i bhForbairt.	% de mhéadú ar ranníocaíocht onnmhairí talmhaíochta le OTI An líon institiúidí airgeadais agus scéimeanna árachais arna bhunú. An líon infheistíochtaí i dtalmhaíocht faoi árachas. Córas margaíochta agus faisnéise talmhaíochta réigiúnach curtha i bhfeidhm Comhchuibhiú caighdeán talmhaíochta in EAC Dearbhú cáilíochta, gráid agus deimhniúchán.
	Chun bonneagar talmhaíochta a fheabhsú agus a fhorbairt	Bonneagar margaidh neamhleor	Bonneagar margaidh nua a bhunú agus cinn atá ann cheana a uasghrádú chuig saoráidí nua-aimseartha faoi 20 %	Bonneagar margaidh a uasghrádú chuig saoráidí nua-aimseartha faoi 40 %	Bonneagar margaidh a uasghrádú chuig saoráidí nua-aimseartha faoi 100 %	An líon saoráidí margaidh do tháirgí talmhaíochta arna thógáil agus arna n-atógáil. Bonneagar margaidh arna bhunú agus arna uasghrádú % de mhéadú i méid agus luach na trádála laistigh den EAC trí leas a bhaint as an mbonneagar atá bunaithe

Réimse Comhair	Spriocanna	Bunlíne (2013)	Spriocanna			Táscairí feidhmíochta
			Gearrthéarmach (3 bliana)	Meántéarmach (5 bliana)	Fadtéarmach (2033)	
3. IASCACH						
	Chun trádáil réigiúnach agus idirnáisiúnta ar éisc agus táirgí éisc a chur chun cinn agus a fhorbairt	Tá easpa forbartha ar an tionscal éisc. Is ionann an cóimheas idir breisluach iascaigh agus OTI agus 1,3 %	Déantar an cóimheas idir breisluach iascaigh agus OTI a mhéadú go 4 % Cainníocht na n-iasc agus na dtáirgí iascaigh a mhargaítear méadaithe 30 %	Déantar an cóimheas idir breisluach iascaigh agus OTI a mhéadú go 6 % Cainníocht na n-iasc agus na dtáirgí iascaigh a mhargaítear méadaithe 60 %	Déantar an cóimheas idir breisluach iascaigh agus OTI a mhéadú go 13 % Cainníocht na n-iasc agus na dtáirgí iascaigh a mhargaítear méadaithe 85 %	% de mhéadú ar sciar an bhreisluacha iascaigh le OTI % de mhéadú ar chainníocht na n-iasc agus na dtáirgí iascaigh a tháirgtear agus a mhargaítear méadú ar líon na n-asraonta dáilte éisc arna mbunú méadú ar líon na margadh urraithe.
	Bonneagar iascaigh agus dobharshaothraithe a fhorbairt, a uasghrádú agus a nuachóiriú	Bonneagar iascaigh nua-aimseartha neamhleor	Bonneagar iascaigh, láimhseála agus próiseála éisc atá ann cheana arna n-uasghrádú agus arna nuachóiriú	Bonneagar iascaigh nua-aimseartha nua arna bhunú agus arna fheistiú: 3 chuan iascaireachta 15 bhádchlós nua 200 láithreán ag a dtugtar iasc i dtír, 30 margadh éisc nua, 15 thionscal próiseála éisc agus 300 saoráid slabhra fhuair Líon na ndobharlach intíre agus na hiascaireachta domhainfharraige méadaithe 40 %	Lon na ndobharlach intíre agus na hiascaireachta domhainfharraige méadaithe 60 %; 5 chuan iascaireachta nua 25 bhádchlós nua 400 láithreán ag a dtugtar iasc i dtír 60 margadh éisc nua 40 tionscal próiseála éisc 500 saoráid slabhra fhuair	Líon na mbonneagar láimhseála agus próiseála éisc atá ann cheana arna n-uasghrádú agus arna nuachóiriú Líon na gcuan iascaireachta nua arna mbunú Líon na láithreán nua ag a dtugtar iasc i dtír arna mbunú Méadú ar líon na ndobharlach intíre agus na gceadúnas iascaireachta domhainfharraige méadú ar líon na saoráidí slabhra fhuair Méadú ar líon agus ar chineál na n-iasc agus na dtáirgí iascaigh breisluacha éagsúlaithe Líon na soithí iascaireachta nua-aimseartha a fuarthas

ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1648/oj

Réimse Comhair	Spriocanna	Bunlíne (2013)	Spriocanna			Táscairí feidhmíochta
			Gearrthéarmach (3 bliana)	Meántéarmach (5 bliana)	Fadtéarmach (2033)	
		Bonneagar dobharshaothraithe nua-aimseartha neamhleor	Feirmeacha, gorlanna agus ionaid phórúcháin san uisce atá ann cheana a uasghrádú agus a nuachóiriú chun táirgeadh dobharshaothraithe a mhéadú 10 % Teicneolaíochtaí dobharshaothraithe iomchuí a ghlacadh	Feirmeacha, gorlanna agus ionaid phórúcháin uisce atá ann cheana a nuachóiriú chun táirgeadh dobharshaothraithe a mhéadú 20 %	Táirgeadh dobharshaothraithe méadaithe 30 % de tháirgeadh iascaigh	Líon na bhfeirmeacha nua uisce arna dtógáil Líon na ngorlann agus na lárionad pórúcháin nua arna dtógáil Líon na bhfeirmeacha, na ngorlann agus na lárionad pórúcháin uisce atá ann cheana arna n-uasghrádú agus arna nuachóiriú Teicneolaíochtaí dobharshaothraithe iomchuí arna nglacadh agus arna bhforbairt
	Bainistiú, cosaint agus caomhnú éifeachtach acmhainní iascaigh a áirithiú	Sonraí teoranta maidir le hacmhainneacht stoic éisc agus faisnéis iascaigh.	Creat beartais, dlíthiúil agus rialála maidir le comhroinnt faisnéise iascaigh arna fhorbairt Acmhainneacht stoic éisc in uiscí cladaigh agus lochanna móra arna gcinneadh.	Saoráidí a fháil maidir le bailiú, próiseáil & scaipeadh sonraí Acmhainneacht stoic éisc in uiscí teorann agus limistéir eacnamaíoch eisiach arna gcinneadh	Bunachar sonraí iascaigh agus córas bainistíochta faisnéise iascaigh atá iontaofa, oibríochtúil agus cuimsitheach a chruthú Acmhainneacht stoic éisc i ndobharlaigh mhara agus intíre arna gcinneadh.	FIS feidhmeach atá i bhfeidhm; Bunachar sonraí iascaigh arna bhunú agus atá oibríochtúil Líon agus cineál an trealaimh arna sholáthar; Líon na bhfoilseachán arna léiriú agus arna scaipeadh Líon na ndobharlach a bhfuil acmhainneacht stoic éisc aitheanta acu

Réimse Comhair	Spriocanna	Bunlíne (2013)	Spriocanna			Táscairí feidhmíochta
			Gearrthéarmach (3 bliana)	Meántéarmach (5 bliana)	Fadtéarmach (2033)	
		Faisnéis atá ann cheana faoi chleachtais iascaireachta neamhdhleathacha agus trádáil neamhdhleathach	Córas Faireacháin, Rialaithe agus Faireachais a bhunú sa réigiún	Córais Faireacháin, Rialaithe agus Faireachais réigiúnacha a oibríochtú	Gnáthóga criticiúla agus bithéagsúlacht uisceach a chosaint agus a chaomhnú	% de laghdú ar na cleachtais iascaireachta neamhdhleathacha & trádála neamhdhleathaí Líon na ngnáthóg criticiúil feabhsaithe; Líon. & cineál speiceas éisc atá i mbaol agus faoi bhagairt arna gcaomhnú Líon agus cineál an trealaimh Faireacháin, Rialaithe agus Faireachais arna sholáthar Bithéagsúlacht uisceach fheabhsaithe
4. BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ UISCE						
4.1. Acmhainní Uisce	Úsáid agus bainistíocht inbhuanaithe acmhainní uisce sa réigiún a fhorbairt	Tá an úsáid a bhaintear as uisce le haghaidh táirgeadh talmhaíochta san EAC íseal	Creat beartais, dlíthiúil agus rialála arna fhorbairt	Forbairt acmhainne arna déanamh creat institiúideach arna fhorbairt.	Úsáid agus bainistíocht inbhuanaithe acmhainní uisce arna bhforfheidhmiú	Creat beartais, dlíthiúil, rialála agus institiúideach atá i bhfeidhm.
	Bonneagar soláthair uisce a fhorbairt chun críoch uiscithe agus chun críoch táirgeachta eile	Tá bonneagar soláthair uisce chun críche uiscithe íseal i réigiún EAC	Staidéir indéantachta maidir le bonneagar soláthair uisce, dearadh agus soláthar arna ndéanamh.	5 scéim soláthair uisce ar a laghad arna dtógáil agus arna n-oibríochtú	10 scéim soláthair uisce ar a laghad arna dtógáil agus arna n-oibríochtú	líon na staidéar indéantachta arna ndéanamh Líon na ngléasraí soláthair uisce arna dtógáil agus arna n-oibríochtú
	Comhar réigiúnach a chur chun cinn ar mhaithe le húsáid inbhuanaithe acmhainní uisce trasteorann	Comhar réigiúnach EAC maidir le húsáid acmhainní coiteanna uisce atá i bhfeidhm	Athbhreithniú ar an gcreat beartais, dlíthiúil agus rialála	Forbairt acmhainne maidir le creat institiúidí a ghabháil de láimh	Beartais oibríochtaithe	Creat beartais, dlíthiúil, rialála agus institiúideach atá i bhfeidhm agus i mbun feidhme.

Réimse Comhair	Spriocanna	Bunlíne (2013)	Spriocanna			Táscairí feidhmíochta
			Gearrthéarmach (3 bliana)	Meántéarmach (5 bliana)	Fadtéarmach (2033)	
5. FORBAIRT NA hEARNÁLA PRÍOBHÁIDÍ						
	Forbairt, infheistíocht, acmhainneachtaí soláthair agus iomaíochas na hearnála príobháidí a fheabhsú	Straitéis Forbartha na hEarnála Príobháidí EAC	Athchóirithe ábhartha sna creataí institiúideacha, beartais, dlíthiúla agus rialála arna ndéanamh;	Méadú ar MFBManna (%) atá comhtháite sna príomhghníomhaíochtaí gnó;	Méadú (%) ar líon na gcuideachtaí EAC a onnmhairíonn táirgí a rinneadh i réigiún EAC chuig margadh an Aontais	Cód Infheistíochta EAC atá ag feidhmiú.
		Samhail de Chód Infheistíochta EAC	Acmhainneacht maidir le tacaíocht institiúideach d'fhorbairt na hearnála príobháidí agus do chur chun cinn na hinfheistíochta arna tógáil	Tionscail nua arna dtabhairt isteach agus tionscail atá ann cheana arna gclaochlú	Sreafaí IDC méadaithe.	cur chun cinn infheistíochta feabhsaithe agus forbairt fiontraíochta fheabhsaithe Acmhainneachtaí soláthair, iomaíochas, éagsúlú agus breisiú luacha méadaithe
		Beartas Iomaíochta Réigiúnaí	Creat chun comhpháirtíochtaí, comhfhiontair, fochonraitheoireacht, seachfhoinsiú agus naisc arna gcruthú a chruthú agus a neartú. Struchtúir riaracháin iomchuí a bhunú, lena n-áirítear ionaid ilfhreastail chun tacú le hinfheistíochtaí; Creat Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí EAC arna bhunú	Rochtain na hEarnála Príobháidí EAC ar acmhainní ó institiúidí maoiniúcháin CE amhail BEI, CDE agus CTA arna feabhsú Rochtain ar chreidmheas inacmhainne ag rátaí úis níos ísle	Méadú ar mhéideanna onnmhairiúcháin agus ar thuilleamh	Beartas Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí agus creat rialála % de mhéadú ar IDC agus méadú % ar chomhpháirtíochtaí a baineadh amach % de mhéadú i dtuilleamh onnmhairiúcháin bliantúil % de mhéadú in infheistíocht agus i maoiniú gnó a fhaightear ó institiúidí airgeadais an Aontais Cistí speisialta arna gcruthú agus arna rochtain ag an earnáil phríobháideach chun tionscadail infheistíochta a mhaoiniú % de mhéadú ar infheistíochtaí an Aontais i gComhphobal na hAfraice Thoir; % de mhéadú ar úsáid acmhainneachta gnóthais; % de mhéadú ar onnmhairí EAC chuig margadh an Aontais

Réimse Comhair	Spriocanna	Bunlíne (2013)	Spriocanna			Táscairí feidhmíochta
			Gearrthéarmach (3 bliana)	Meántéarmach (5 bliana)	Fadtéarmach (2033)	
6. FADHBANNA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH						
6.1. SPS, BTT	Acmhainneacht a fhorbairt maidir le comhlíontacht le comhaontuithe a bhaineann le trádáil	Prótacal EAC SPS arna chur i gcrích	Prótacal EAC SPS agus bearta arna n-úsáid ag na Stáit is Comhpháirtithe EAC uile. Córais sainaitheanta, clárúcháin agus inrianaitheachta táirgí talmhaíochta arna mbunú Sciar trádála EAC laistigh den réigiún méadaithe chuig 30 %	Prótacal EAC SPS oibríochtaithe Sciar trádála EAC laistigh den réigiún méadaithe chuig 50 %	Lárionaid Barr Feabhais SPS a bhunú maidir le sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus plandaí Sciar trádála EAC laistigh den réigiún méadaithe chuig 80 %	% de mhéadú ar shábháilteacht Ainmhithe, Plandaí agus Bia trí chórais foláirimh éifeachtacha % de mhéadú ar sciar trádála laistigh den réigiún EAC
		1500 caighdeán EAC a thagarmharcáiltear go dtí an leibhéal idirnáisiúnta arna gcomhchuibhiú as 2500	1000 caighdeán comhchuibhithe Rannpháirtíocht EAC i gcomhlachtaí a leagann síos caighdeáin Córas Rialacháin Theicniúla EAC a fhorbairt Comhchoistí faireacháin BTT arna mbunú laistigh de 2 bhliain ó chur chun feidhme CCE Forbairt acmhainne i mbonneagar bog agus crua BTT agus SPS, lena n-áirítear an méid seo a leanas: inrianaitheacht, cigireacht, creidiúnú, anailís riosca, caighdeáin agus deimhniúchán Rialacháin Theicniúla EAC a chomhchuibhiú agus fógra a thabhairt ina leith Malartú faisnéise	Caighdeáin Idirnáisiúnta a ghlacadh Deimhniúchán córais agus táirge Aistriú Teicneolaíochta	Institiúidí creidiúnaithe um measúnú comhréireachta	an líon bacainní teicniúla arna laghdú Tástálacha agus Deimhniúcháin um aitheantas frithpháirteach. Méadú ar nochtadh faisnéise i dTairseach EAC

ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1648/oj

Réimse Comhair	Spriocanna	Bunlíne (2013)	Spriocanna			Táscairí feidhmíochta
			Gearrthéarmach (3 bliana)	Meántéarmach (5 bliana)	Fadtéarmach (2033)	
6.2. Éascú custaim agus trádála	Comhchuibhiú & cur chun feidhme na reachtaíochta & na nósanna imeachta custaim	An tAcht um Bainistíocht Custaim EAC atá i bhfeidhm Is comhaltaí de chuid EDC iad na Stáit is Comhpháirtithe EAC uile	Forbairt acmhainne i mbonneagar bog custaim, córais agus próisis arna ndéanamh Laghdú ar an seal fuirigh le haghaidh long ó 11-14 lá in 2011 go 6 lá in 2017 Tháinig laghdú ar an meán-am aga de choimeádán allmhairithe luchtaithe go 4 lá	Nósanna imeachta agus próisis arna gcomhchuibhiú Poist teorann ilfhreastail arna mbunú Laghdú ar an seal fuirigh le haghaidh long go 3 lá Tháinig laghdú ar an meán-am aga de choimeádán allmhairithe luchtaithe go 2 lá	tháinig laghdú ar an am aga athluchtaithe ag pointí iontrála teorann go 1 lá amháin. Tháinig laghdú ar an meán-am aga de choimeádán allmhairithe luchtaithe go 1 lá	Méadú ar an líon coimeádán a luchtaítear/a dhíluchtaítear in aghaidh na huaire Am aga athluchtaithe loinge a laghdú reachtaíocht agus nósanna imeachta custaim atá comhchuibhithe agus curtha chun feidhme go hiomlán
7. COSTAS COIGEARTAITHE CCE						
7.1. Bearta coigeartaithe CCE	Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin coigeartaithe iarbhír agus ionchasacha CCE a leanann as cur chun feidhme CCE	Ní raibh Ciste CCE um Choigeartú bunaithe	Ciste CCE um Choigeartú a bheith bunaithe chun caillteanais ioncam rialtais ionchasacha a chumhdach ar bhonn idirthréimhseach a eascróidh as díothú taraifí custaim agus/nó laghdú substaintiúil a dhéanamh orthu.	Staidéar measúnaithe a bheith déanta ar chaillteanais ionchasacha ioncaim rialtais Caillteanais chomhaontaithe a bheith cúititheo Measúnú a bheith déanta ar chúiteamh as NFIC Measúnú a bheith déanta ar chúiteamh as caillteanas tuillimh onnmhairiúcháin in EAC	Acmhainneacht fheabhsaithe le haghaidh cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch.	Méid na gcistí coigeartaithe arna n-eisíoc chun caillteanais ioncaim rialtais a chumhdach Comhlíontacht le táscairí maicreacnamaíocha maidir le fás OTI os cionn 7 %, easnamh buiséid inbhuanaithe agus rátaí boilscithe
7.2. Slógadh acmhainní	Cistiú a shlógadh i gcomhpháirt agus go haonarach le haghaidh lánpháirtiú réigiúnach agus straitéisí forbartha CCE	CEF, Ballstáit an Aontais, Comhpháirtithe forbartha eile, an earnáil phríobháideach, agus ranníocaíochtaí ó Stáit is Comhpháirtithe EAC	Ciste CCE arna bhunú. Cistí arna slógadh i gcomhpháirt agus go haonarach Staidéir indéantachta arna ndéanamh	Tionscadail forbartha EAC CCE (atá i Maitrís Forbartha CCE) arna maoiniú agus arna gcur chun feidhme	Bonneagar a bhaineann le trádáil arna fhorbairt	Méid na n-acmhainní airgeadais a gheall Stáit is Comhpháirtithe EAC, an tAontas Eorpach, Comhpháirtithe forbartha eile, agus an earnáil phríobháideach. Méid na n-acmhainní arna n-úsáid An líon tionscadal agus clár arna gcur chun feidhme

Tábla na ngiorrúchán a úsáidtear in Iarscríbhinn III(a) agus III(b)

Giorrúchán	
WB	An Banc Domhanda
TMEA	TradeMark East Africa
GoR	Rialtas Ruanda
ToR	Téarmaí Tagartha
BAD	Banque Africaine de Développement (mar an gcéanna le AfDB)
AfDB	Banc Forbartha na hAfraice
BNSF	Iarnród BNSF (Burlington Northern and Santa Fe Railway roimhe sin)
USTDA	Gníomhaireacht Trádála agus Forbartha na Stát Aontaithe
CSPS	CPCS – Canadian Pacific Consulting Services
EoI	Léirithe Spéise
Tz	An Tansáin
GOT/GoT	Rialtas na Tansáine
JICA	Gníomhaireacht na Seapáine um Chomhar Idirnáisiúnta
NEPAD-IPPF	Comhpháirtíocht Nua d'Fhorbairt na hAfraice — Saoráid Ullmhúcháin do Thionscadal Bonneagair
CDE	An tIonad um Fhorbairt Fiontraíochta
CTA	An Lárionad Teicniúil um Chomhar Talmhaíochta agus Tuaithe
NFIC	Tíortha is Glan-allmhaireoirí Bia
TPA	Údarás Calafort na Tansáine
HLI	Institiúidí Ardfhoghlama

IARSCRÍBHINN IV

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE TÍORTHA A BHUNAIGH AONTAS CUSTAIM LEIS AN AONTAS EORPACH

Meabhraíonn an tAontas na hoibleagáidí atá ar na Stáit sin a bhunaigh aontas custaim leis an Aontas a gcóras trádála a ailíniú le córas trádála an Aontais agus, i gcás Stáit áirithe díobh, comhaontuithe fabhracha a thabhairt i gcrích leis na tíortha sin a bhfuil comhaontuithe fabhracha acu leis an Aontas.

Sa chomhthéacs seo, tugann na Páirtithe dá n-aire go gcuirfidh an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC tús le caibidlíocht d'fhonn comhaontú déthaobhach a thabhairt i gcrích lena mbunófar limistéar saorthrádála i gcomhréir le hAirteagal XXIV de GATT leis na Stáit seo a leanas:

(a) na Stáit a bhfuil aontas custaim bunaithe acu leis an Aontas; agus

(b) na Stáit nach mbaineann a dtáirgí aon tairbhe as na lamháltais taraife faoin gComhaontú seo,

Comhaontaíonn an Stát nó na Stáit is Comhpháirtithe EAC an méid sin a chaibidliú amach anseo.

IARSCRÍBHINN V

TRÁDÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE

AIRTEAGAL 1

Comhthéacs agus Cuspóirí

1. Meabhraíonn na Páirtithe Clár 21 agus Dearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt, arna ghlacadh ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an gChomhshaol agus leis an bhForbairt, a reáchtáladhin Rio de Janeiro, ón 3 go dtí an 14 Meitheamh 1992, Plean Chur Chun Feidhme an Chruinnithe Mhullaigh Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe, a reáchtáladh in Johannesburg ón 26 Lúnasa go dtí an 4 Meán Fómhair 2002, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ('EIS') maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom, arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair ag a 97ú Seisiún, a reáchtáladh sa Ghinéiv an 10 Meitheamh 2008 (Dearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom), an Doiciméad Toraidh ó Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe 2012 dar teideal '*The Future We Want*' [An Todhchaí atá Uainn], arna fhormhuiniú ag Rún 66/288 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a glacadh an 27 Iúil 2012, an Doiciméad Toraidh dar teideal '*Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development and the 17 Sustainable Development Goals*' [I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe] (Clár Oibre 2030), arna fhormhuiniú le Rún 70/1 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a glacadh an 25 Meán Fómhair 2015 agus Dearbhú Céad Bliain EIS maidir le Todhchaí na hOibre, arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair ag a 108ú Seisiún a reáchtáladh sa Ghinéiv an 21 Meitheamh 2019.

2. Aithníonn na Páirtithe gurb é a chuimsítear leis an bhforbairt inbhuanaithe forbairt eacnamaíoch, forbairt shóisialta agus cosaint an chomhshaoil, go bhfuil na trí ní spleách ar a chéile agus go dtreisíonn siad a chéile, agus athdhearbhaíonn siad a dtiomantas chun forbairt na trádála agus na hinfheistíochta idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach lena gcuidítear le cuspóir na forbartha inbhuanaithe.

3. Aithníonn na Páirtithe an géarghá aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, mar a léirítear sa tuarascáil speisialta ar 'Théamh Domhanda 1,5 °C' de chuid an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC), mar rannchuidiú leis na cuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil i ndáil le forbairt inbhuanaithe.

4. I bhfianaise a bhfuil thuas, is é is cuspóir don Iarscríbhinn seo comhtháthú na forbartha inbhuanaithe a fheabhsú, go háirithe na gnéithe saothair ([1]) agus comhshaoil, i gcaidreamh trádála agus infheistíochta na bPáirtithe, lena n-áirítear trí idirphlé agus comhar a neartú.

AIRTEAGAL 2

An Ceart chun Rialála agus Leibhéil Chosanta

1. Aithníonn na Páirtithe an ceart atá ag gach Páirtí a bheartais agus a thosaíochtaí forbartha inbhuanaithe a chinneadh, na leibhéil cosanta intíre don chomhshaol agus don lucht saothair a mheasann sé a bheith iomchuí a bhunú agus a dhlíthe agus a bheartais ábhartha a ghlacadh nó a mhodhnú. Beidh leibhéil, dlíthe agus beartais den sórt sin i gcomhréir le gealltanas gach Páirtí do na caighdeáin agus na comhaontuithe a aithnítear go hidirnáisiúnta dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo.

2. Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall chun a áirithiú go ndéanfar foráil ina dhlí agus ina bheartais ábhartha maidir le leibhéil arda cosanta comhshaoil agus saothair, agus spreagfaidh sé a leithéid, agus déanfaidh sé gach iarracht chun feabhas a chur ar na leibhéil, na dlíthe agus na beartais sin.

3. Ní dhéanfaidh Páirtí na leibhéil chosanta a thugtar ina dhlí comhshaoil nó saothair a lagú ná a laghdú agus é ar intinn aige trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

4. Ní dhéanfaidh Páirtí a dhlí comhshaoil ná saothair a tharscaoileadh ná maolú uaidh ar bhealach eile, ná ní dhéanfaidh sé a leithéid a thairiscint, agus é ar intinn aige trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

5. Ní mhainneoidh Páirtí, trí ghníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht leanúnach nó athfhillteach, a dhlí comhshaoil ná a dhlí saothair a fhorfheidhmiú go héifeachtach chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

([1]) Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn an téarma 'saothar' cuspóirí straitéiseacha EIS faoin gClár Oibre um Obair Chuibhiúil, a léirítear i nDearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom.

6. Aithníonn na Páirtithe beartais agus tosaíochtaí forbraíochta a chéile maidir lena dtoilmhianta trádála agus infheistíochta i gcomhréir leis na forálacha Ionramhála Speisialta agus Difreálaí faoi Chomhaontú EDT agus i gcomhréir le gealltanais gach Páirtí do na caighdeáin agus na comhaontuithe a aithnítear go hidirnáisiúnta faoin Iarscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 3

Caighdeáin agus Comhaontuithe Iltaobhacha Saothair

1. Dearbhaíonn na Páirtithe a thiomanta atá siad forbairt na trádála idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach a gcuideoidh le hobair chuibhiúil do chách, mar a cuireadh in iúl i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom.

2. I gcomhréir le Bunreacht EIS a glacadh mar Chuid XIII de Chonradh Versailles a síníodh an 28 Meitheamh 1919, agus le Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus an Obair Leantach a ghabhann leis, arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair ag a 86ú Seisiún sa Ghinéiv an 18 Meitheamh 1998 (Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair), arna leasú ag a 110ú Seisiún in 2022, déanfaidh gach Páirtí na prionsabail maidir le cearta bunúsacha san obair a urramú, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm, mar a shainmhínítear sna Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS, eadhon:

(a) an tsaoirse comhlachais agus aitheantas éifeachtach a thabhairt don cheart cómhargála;

(b) gach cineál saothair éignithe nó éigeantaigh a dhíothú ([2]);

(c) cealú éifeachtach saothair leanaí;

(d) idirdhealú i leith fostaíochta agus gairm bheatha a dhíothú; agus

(e) timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil.

3. Déanfaidh gach Páirtí iarrachtaí leanúnacha seasta chun Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS a dhaingniú mura bhfuil sé sin déanta acu go fóill.

4. Malartóidh na Páirtithe faisnéis go tráthrialta ar a staideanna agus a ndul chun cinn faoi seach maidir le daingniú Choinbhinsiúin nó phrótacail EIS arna n-aicmiú de bheith cothrom le dáta ag EIS.

5. Cuirfidh gach Páirtí chun feidhme go héifeachtach Coinbhinsiúin EIS faoi seach atá daingnithe ag an Stát nó ag na Stáit is Comhpháirtí EAC agus ag Ballstáit an Aontais.

6. Ag meabhrú dóibh Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom, tugann na Páirtithe faoi deara nach féidir sárú ar chearta agus prionsabail bhunúsacha ag an obair a agairt ná a úsáid ar bhealach eile mar bhuntáiste inchomparáide dlisteanach agus nár cheart caighdeáin saothair a úsáid chun críoch cosantaíoch trádála.

7. Déanfaidh gach Páirtí, trína dhlíthe agus a chleachtais, Clár Oibre de chuid EIS um Obair Chuibhiúil a chur chun cinn mar a leagtar amach i nDearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) dálaí cuibhiúla oibre do chách, i ndáil le, *inter alia*, pá agus tuilleamh, uaireanta oibre, slándáil shóisialta a fheabhsú, dálaí oibre eile agus cosaint shóisialta;

(b) idirphlé sóisialta faoi chúrsaí saothair i measc oibrithe agus fostóirí, agus a n-eagraíochtaí faoi seach, agus le húdaráis rialtais ábhartha.

8. Comhsheasmhach lena ghealltanais faoi EIS, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:

(a) bearta agus beartais a ghlacadh agus a chur chun feidhme maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, agus sábháilteacht agus sláinte cheirde, lena n-áirítear cúiteamh i gcásanna díobháil cheirde nó tinnis;

([2]) Sa chomhthéacs sin, dearbhaíonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le daingniú Phrótacal 2014 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais arna glacadh ag Comhdháil Ghinearálta EIS ag a 103ú Seisiún sa Ghinéiv an 11 Meitheamh 2014.

(b) córas cigireachta saothair éifeachtach a choinneáil ar bun.

9. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe de bheartais agus de bhearta a bhaineann leis an trádáil, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear laistigh de EIS. Féadfaidh comhar den sórt sin, *inter alia*, an méid a leanas a chumhdach:

(a) Coinbhinsiúin EIS bunúsacha, tosaíochta agus eile a bhfuil cothrom le dáta a chur chun feidhme;

(b) obair chuibhiúil, lena n-áirítear na hidirnaisc idir trádáil agus fostaíocht iomlán agus tháirgiúil, coigeartú an mhargaidh saothair, croí-chaighdeáin saothair, obair chuibhiúil sna slabhraí soláthair domhanda, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta, idirphlé sóisialta agus comhionannas inscne;

(c) tionchar an dlí saothair agus na gcaighdeán saothair ar thrádáil agus ar infheistíocht; nó tionchar an dlí trádála agus infheistíochta ar an saothar.

10. Breithneoidh na Páirtithe go cuí, de réir mar is iomchuí, aon tuairim a sholáthróidh ionadaithe de chuid oibrithe, fostóirí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus réimsí comhair á sainaithint acu agus gníomhaíochtaí comhair á ndéanamh acu.

AIRTEAGAL 4

Trádáil agus Comhionannas Inscne

1. Aithníonn na Páirtithe go gcuireann beartais trádála ionchuimsitheacha le cumhachtú eacnamaíoch na mban agus comhionannas inscne a chur chun cinn, i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5 an Chláir Oibre 2030 agus le cuspóirí an Dearbhaithe Chomhpháirtigh ar Thrádáil agus Cumhachtú Eacnamaíoch na mBan Tráth na Comhdhála Aireachta EDT a reáchtáladh in Buenos Aires i mí na Nollag 2017. Aithníonn na Páirtithe go gcuireann mná go mór leis an bhfás eacnamaíoch trína rannpháirtíocht i ngníomhaíocht eacnamaíoch, lena n-áirítear trádáil idirnáisiúnta. Tugann na Páirtithe gealltanas go gcuirfidh siad forálacha an Chomhaontaithe seo chun feidhme ar bhealach lena gcuirtear comhionannas inscne chun cinn agus lena bhfeabhsaítear é.

2. Tá sé d'aidhm ag na Páirtithe a gcaidreamh trádála agus comhar a neartú ar bhealaí a sholáthraíonn go héifeachtach chomhionannas deiseanna agus cóir chomhionann do mhná agus fir chun tairbhiú d'fhorálacha an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear in ábhair fostaíochta agus cheirde, i gcomhréir lena ngealltanais idirnáisiúnta.

3. Cuirfidh gach Páirtí a oibleagáidí chun feidhme go héifeachtach faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil sé ina pháirtí iontu ina dtugtar aghaidh ar chomhionannas inscne agus ar chearta na mban, lena n-áirítear an Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú, a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 18 Nollaig 1979, agus aird á tabhairt go háirithe ar a fhorálacha a bhaineann le hidirdhealú in aghaidh na mban a dhíothú sa saol eacnamaíoch agus i réimse na fostaíochta. I dtaca leis sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais faoi seach de bhun Airteagal 3 den Iarscríbhinn seo lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme éifeachtach Choinbhinsiúin EIS a bhaineann le comhionannas inscne agus deireadh a chur le hidirdhealú i leith fostaíochta agus gairm bheatha.

4. Déanfaidh gach Páirtí iarracht a áirithiú go ndéantar foráil ina dhlí agus ina bheartais ábhartha, agus go spreagann siad cearta comhionanna, cóir chomhionann agus comhionannas deiseanna idir fir agus mná. Déanfaidh gach Páirtí iarracht feabhas a chur ar a dhlí agus a bheartais den sórt sin gan dochar do cheart gach Pháirtí a raon feidhme agus a leibhéil chosanta féin a bhunú le haghaidh comhionannas deiseanna d'fhir agus do mhná. Beidh dlí agus beartais den sórt sin i gcomhréir le gealltanais gach Pháirtí do na caighdeáin agus na comhaontuithe a aithnítear go hidirnáisiúnta dá dtagraítear san Airteagal seo.

5. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais de bhun Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo i ndáil lena ndlí faoi seach atá dírithe ar chomhionannas inscne nó comhionannas deiseanna do mhná agus fir a áirithiú.

6. Oibreoidh na Páirtithe le chéile go déthaobhach agus i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha eile de réir mar is iomchuí chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe de bhearta agus beartais comhionannais inscne a bhaineann le hinfheistíocht, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna gceapadh chun feabhas a chur ar acmhainneacht agus coinníollacha na mban, lena n-áirítear oibrithe, mná gnó agus fiontraithe, chun rochtain a fháil ar na deiseanna a chruthaítear leis an gComhaontú seo agus chun tairbhiú díobh. D'fhéadfaí go gcumhdófaí le comhar den sórt sin *inter alia* malartú faisnéise agus dea-chleachtas a bhaineann le sonraí imdhealaithe de réir gnéis a bhailiú agus anailís bunaithe ar inscne a dhéanamh ar bheartais trádála.

7. Comhaontaíonn na Páirtithe ar a thábhachtaí atá sé faireachán agus measúnú a dhéanamh, i gcomhréir lena nósanna imeachta intíre, ar thionchar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo maidir le comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna a thugtar do mhná i ndáil le trádáil.

AIRTEAGAL 5

Rialachas agus Comhaontuithe Comhshaoil Iltaobhacha

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le rialachas comhshaoil idirnáisiúnta, go háirithe ról Comhthionóil Chomhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA) maidir le Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) chomh maith le comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha (MEAnna) mar fhreagairt ón gcomhphobal idirnáisiúnta ar dhúshláin chomhshaoil dhomhanda nó réigiúnacha agus leagann siad béim ar an ngá atá ann an chomhthacaíocht fhrithpháirteach idir beartais, rialacha agus bearta trádála agus comhshaoil a fheabhsú.

2. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí na MEAnna, na prótacail agus na leasuithe atá daingnithe aige a chur chun feidhme go héifeachtach.

3. Déanfaidh na Páirtithe faisnéis a mhalartú go tréimhsiúil, maidir lena staideanna faoi seach a mhéid a bhaineann le deimhniú MEAnna, lena n-áirítear a bprótacail agus a leasuithe.

4. Dearbhaíonn na Páirtithe ceart gach Páirtí bearta a dhéanamh nó a choinneáil ar bun chun cuspóirí comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil ar páirtí iontu é a chur chun cinn. Meabhraíonn na Páirtithe go bhféadfadh údar a bheith le bearta arna nglacadh nó arna bhforfheidhmiú chun MEAnna den sórt sin a chur chun feidhme de bhun Chuid VIII den Chomhaontú seo.

5. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe de bheartais agus de bhearta comhshaoil a bhaineann leis an trádáil, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i bhFóram Ardleibhéil Polaitíochta um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, UNEP, UNEA, MEAnna, agus EDT. Féadfaidh comhar den sórt sin a mhéid a leanas a chumhdach *inter alia*:

(a) beartais agus bearta a chothaíonn an tacaíocht fhrithpháirteach do thrádáil agus an comhshaol, lena n-áirítear:

— faisnéis a chomhroinnt maidir le beartais agus cleachtais agus tionscnaimh a chur chun cinn chun an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach a spreagadh;

— tionscnaimh maidir le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe, fás glas agus laghdú ar thruailliú a chur chun cinn;

— faisnéis maidir le beartais agus cleachtais a mhalartú, agus comhsheasaimh a chur chun cinn, faoi chuimsiú MEAnna;

(b) tionscnaimh chun trádáil agus infheistíocht in earraí agus seirbhísí comhshaoil a spreagadh, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní gaolmhara taraife agus neamhtharaife;

(c) tionchar an dlí comhshaoil agus na gcaighdeán comhshaoil ar thrádáil agus ar infheistíocht, nó tionchar dhlí na trádála agus na hinfheistíochta ar an gcomhshaol;

(d) gnéithe eile MEAnna a bhaineann le trádáil, lena n-áirítear a bprótacail, a leasuithe agus a gcur chun feidhme.

6. Tabharfaidh na Páirtithe aird chuí, de réir mar is iomchuí, ar thuairimí nó ionchur ón bpobal ábhartha agus ó gheallsealbhóirí leasmhara maidir lena ngníomhaíochtaí comhair a shainmhíniú agus a chur chun feidhme, agus féadfaidh siad ról breise a thabhairt do na geallsealbhóirí leasmhara sin sna gníomhaíochtaí sin, de réir mar is iomchuí.

AIRTEAGAL 6

Trádáil agus Athrú Aeráide

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun an t-athrú aeráide agus a thionchair a chomhrac, agus aithníonn siad ról na trádála chun an cuspóir sin a shaothrú, rud atá comhsheasmhach le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, a rinneadh i Nua-Eabhrac an 9 Bealtaine 1992 (UNFCCC), Comhaontú Páras faoi UNFCCC, a rinneadh i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Páras), agus le MEAnna eile agus le hionstraimí iltaobhacha eile i réimse an athraithe aeráide.

2. I bhfianaise mhír 1, cuirfidh gach Páirtí UNFCCC agus Comhaontú Páras chun feidhme go héifeachtach.

3. Le gealltanas gach Páirtí chun Comhaontú Páras a chur chun feidhme go héifeachtach de bhun mhír 2, áirítear oibleagáid chun staonadh ó aon ghníomh nó neamhghníomh a chuireann cuspóir agus críoch Chomhaontú Páras ar neamhní go hábhartha.

4. Féadfaidh Páirtí bearta iomchuí a bhaineann leis an gComhaontú seo a dhéanamh i gcás sárú na hoibleagáide faoi mhír 3. Déanfar bearta iomchuí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 96 de Chomhaontú Cotonou nó forálacha comhfhreagracha a chomhaontaithe comharba, dá bhforáiltear le hAirteagal 136.3 den Chomhaontú seo.

5. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:

(a) déanfaidh sé tacaíocht fhrithpháirteach a chur chun cinn i gcás beartas agus beart trádála agus aeráide agus, ar an gcaoi sin, cuirfear leis an aistriú i dtreo geilleagair d'astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa, i dtreo geilleagar atá tíosach ar acmhainní agus geilleagar ciorclach, agus i dtreo forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de;

(b) éascóidh sé deireadh a chur le bacainní ar thrádáil agus ar infheistíocht in earraí agus i seirbhísí, ar earraí agus seirbhísí iad a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, amhail fuinneamh in-athnuaite, agus táirgí agus seirbhísí atá tíosach ar fhuinneamh.

6. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun an comhar eatarthu a neartú maidir le gnéithe de bheartais agus de bhearta don athrú aeráide a bhaineann le trádáil go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear faoi UNFCCC, faoi Chomhaontú Páras, faoi Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin, a tugadh i gcrích in Montréal an 16 Meán Fómhair 1987 (Prótacal Montréal), agus in EDT agus san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO). Féadfaidh comhar den sórt sin *inter alia* an méid a leanas a chumhdach:

(a) idirphlé beartais agus comhar maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Páras, amhail idirphlé agus comhar faoi bhealaí chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, fuinneamh in-athnuaite, teicneolaíochtaí ísealcharbóin, éifeachtúlacht fuinnimh, ullmhú agus glacadh gníomhaíochta praghsála carbóin lena n-áirítear córas trádála astaíochtaí, iompar inbhuanaithe, forbairt bonneagair inbhuanaithe agus aeráid-díonach, agus faireachán ar astaíochtaí a chur chun cinn;

(b) tacú le IMO bearta chun laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheidh uaillmhianach agus éifeachtach a ghlacadh agus a fhorbairt, ar bearta iad a bheidh le cur chun feidhme ag longa atá i mbun trádáil idirnáisiúnta;

(c) tacú le deireadh uaillmhianach a chur le substaintí ídithe ózóin (ODSanna) agus hidreafluaracarbóin (HFCanna) a laghdú de réir a chéile faoi Phrótacal Montréal trí bhearta chun a dtáirgeadh, a dtomhaltas agus a dtrádáil a rialú, táirgí malartacha ar ODSanna agus HFCanna nach ndéanann díobháil don chomhshaol a thabhairt isteach, agus sábháilteacht agus caighdeáin ábhartha eile a thabhairt cothrom le dáta chomh maith le trí thrádáil neamhdhleathach substaintí atá rialaithe ag Prótacal Montréal a chomhrac.

AIRTEAGAL 7

Trádáil agus Bithéagsúlacht

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid ar bhonn inbhuanaithe agus ról na trádála chun na cuspóirí sin a shaothrú, i gcomhréir leis na comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil ábhartha ar páirtí iontu iad, lena n-áirítear an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, a rinneadh in Rio de Janeiro an 5 Meitheamh 1992 agus na Prótacail a ghabhann leis, an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine

i mBaol a rinneadh in Washington, D.C. an 3 Márta 1973 ('CITES'), agus na cinntí arna nglacadh faoi na Coinbhinsiúin sin.

2. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:

(a) bearta éifeachtacha a chur chun feidhme chun gáinneáil neamhdhleathach ar fhiadhúlra a chomhrac, lena n-áirítear i leith tríú tíortha, de réir mar is iomchuí;

(b) caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe na speiceas a liostaítear in CITES agus cuimsiú speiceas ainmhithe agus plandaí sna Foscríbhinní a ghabhann le CITES a chur chun cinn i gcás ina meastar stádas caomhnaithe an speicis sin a bheith i mbaol mar gheall ar thrádáil idirnáisiúnta chomh maith le hathbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh, as a bhféadfaí moladh a dhéanamh chun na Foscríbhinní a ghabhann le CITES a leasú, chun a áirithiú go léirítear go hiomchuí iontu riachtanais chaomhnaithe na speiceas a bhfuil trádáil idirnáisiúnta ina mbagairt orthu;

(c) trádáil i dtáirgí a chur chun cinn, i ndáil le táirgí a fhaightear ó úsáid inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha chun rannchuidiú le caomhnú na bithéagsúlachta;

(d) comhroinnt chóir agus chothromasach na dtairbhí a eascraíonn as úsáid na n-acmhainní géiniteacha agus an eolais thraidisiúnta atá bainteach le hacmhainní géiniteacha a chur chun cinn, i gcomhréir le Prótacal Nagoya a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, a rinneadh in Nagoya an 29 Deireadh Fómhair 2010 (Prótacal Nagoya);

(e) bearta a dhéanamh chun bithéagsúlacht a chaomhnú agus í faoi réir brúnna atá nasctha le trádáil agus infheistíocht, go háirithe chun cosc a chur ar leathadh zónóise agus speiceas coimhthíoch ionrach.

3. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe de bhearta agus beartais bithéagsúlachta a bhaineann le trádáil, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear faoin Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus CITES. Féadfaidh comhar den sórt sin *inter alia* an méid a leanas a chumhdach:

(a) tionscnaimh agus dea-chleachtais maidir le trádáil táirgí agus seirbhísí arna ndíorthú ó úsáid inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha agus é mar aidhm acu an bhithéagsúlacht a chaomhnú;

(b) trádáil fhreagrach agus caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, lena n-áirítear caipiteal nádúrtha agus modhanna cuntasaíochta éiceachórais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, luacháil a dhéanamh ar éiceachórais agus ar a seirbhísí agus ionstraimí eacnamaíocha gaolmhara, agus príomhshruthú na bithéagsúlachta i dtrádáil agus i bpróisis trádála;

(c) gáinneáil neamhdhleathach ar fhiadhúlra a chomhrac, lena n-áirítear trí thionscnaimh chun an t-éileamh ar tháirgí neamhdhleathacha fiadhúlra a laghdú agus trí thionscnaimh chun feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise agus ar chomhar, forfheidhmiú an dlí, aistriú deonach teicneolaíochta, cláir mhalartaithe agus forbairt acmhainneachta;

(d) rochtain ar acmhainní géiniteacha chomh maith leis na tairbhí a eascraíonn óna n-úsáid a chomhroinnt go cóir agus go cothromasach i gcomhréir le Prótacal Nagoya.

AIRTEAGAL 8

Trádáil agus Foraoisí

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le caomhnú agus le bainistíocht inbhuanaithe foraoisí chun feidhmeanna comhshaoil agus deiseanna eacnamaíocha agus sóisialta a sholáthar don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht, agus aithníonn siad ról na trádála chun an cuspóir sin a shaothrú.

2. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) bearta a chur chun feidhme chun an lománaíocht neamhdhleathach agus an trádáil ghaolmhar a chomhrac, lena n-áirítear maidir le tríú tíortha, de réir mar is iomchuí, agus an trádáil i dtáirgí foraoise a baineadh go dleathach a chur chun cinn;

(b) caomhnú agus bainistíocht inbhuanaithe foraoisí, agus trádáil agus tomhailt adhmaid agus táirgí adhmaid a lománaíodh de réir dhlí thír na lománaíochta agus a lománaíodh ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe, a chur chun cinn;

(c) faisnéis a mhalartú leis an bPáirtí eile faoi thionscnaimh a bhaineann le trádáil maidir le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, caomhnú foraoisí, rialachas foraoise, tionscnaimh a dheartar chun lománaíocht neamhdhleathach a chomhrac, agus beartais ábhartha eile ar beartais leasa choitinn iad agus dul i gcomhar chun tionchar agus tacaíocht fhrithpháirteach a uasmhéadú maidir lena mbeartais leasa choitinn faoi seach.

3. Ag aithint dóibh go bhfuil an dífhoraoisiú ina phríomhchúis le téamh domhanda agus cailliúint na bithéagsúlachta, déanfaidh na Páirtithe eolas agus taithí a mhalartú ar bhealaí chun tomhaltas agus trádáil táirgí ó shlabhraí soláthair gan dífhoraoisiú a spreagadh, chun an riosca a íoslaghdú go gcuirfear táirgí atá bainteach le dífhoraoisiú nó le díghrádú foraoisí ar an margadh.

4. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe a bhaineann leis an trádáil i leith bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, feabhas a chur ar chaomhnú foraoisí, gach cineál dífhoraoisithe agus díghrádaithe foraoisí a íoslaghdú, feabhas a chur ar inrianaitheacht agus líne chúraim táirgí foraoise, tionscnaimh chun comhroinnt faisnéise a fheabhsú a chur chun cinn, lománaíocht neamhdhleathach a chomhrac, agus ról na bhforaoisí a neartú i maolú ar an athrú aeráide, sa chomhrac in aghaidh cailliúint bithéagsúlachta agus sa gheilleagar ciorclach agus sa bhith-gheilleagar, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí.

AIRTEAGAL 9

Trádáil agus Bainistíocht Inbhuanaithe Acmhainní Bitheolaíocha na Mara agus an Dobharshaothraithe

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé acmhainní bitheolaíocha na mara agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe chomh maith le dobharshaothrú freagrach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, mar aon leis an ról atá ag an trádáil chun na cuspóirí sin a shaothrú.

2. Aithníonn na Páirtithe go ndéanann iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) dochar do chaomhnú agus bainistíocht inbhuanaithe ar stoic éisc, go mbíonn tionchar diúltach aici ar shlí bheatha na bpobal iascaireachta agus orthu siúd a dhéanann trádáil in éisc agus i dtáirgí iascaigh. Deimhnítear leis sin an gá atá le gníomhaíocht chun iascaireacht NNN a chomhrac agus deireadh a chur léi agus chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna na ró-iascaireachta agus ar úsáid neamh-inbhuanaithe acmhainní iascaigh.

3. I bhfianaise mhíreanna 1 agus 2, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) bearta caomhnúcháin agus bainistíochta fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara a chur chun feidhme mar a shainmhínítear i gComhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach (Comhaontú Stoc Éisc) arna dhéanamh i Nua-Eabhrac an 4 Lúnasa 1995, agus sa Chomhaontú chun Comhlíontacht Bád Iascaireachta ar an Mórmhuir i dtaca le Bearta Idirnáisiúnta Caomhantais agus Bainistíochta a chur chun cinn ó Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), arna dhéanamh sa Róimh an 24 Samhain 1993 (Comhaontú maidir le Comhlíontacht FAO), agus Comhaontú FAO maidir le Bearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú, a rinneadh arna dhéanamh sa Róimh an 22 Samhain 2009;

(b) gníomhú go comhsheasmhach le prionsabail UNCLOS, an Chomhaontaithe Stoc Éisc, Comhaontú maidir le Comhlíontacht FAO, Chód Iompair d'Iascaigh Fhreagracha FAO, arna glacadh le Rún 4/95 an 31 Deireadh Fómhair 1995, agus prionsabail Chomhaontú FAO maidir le Bearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú, agus a bheith rannpháirteach, de réir mar is iomchuí, i dtionscnamh FAO maidir le Taifead Domhanda na Soithí Iascaireachta, Soithí Iompair Cuisnithe agus Soithí Soláthair;

(c) páirt ghníomhach a ghlacadh in obair na nEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna) ina bhfuil siad ina gcomhaltaí, ina mbreathnóirí, nó ina bpáirtithe comhoibríocha neamhchonarthacha, arb é is aidhm dóibh dea-rialachas iascaigh agus iascaigh inbhuanaithe a bhaint amach, amhail trí thaighde eolaíochta a chur chun cinn agus bearta caomhnaithe a ghlacadh bunaithe ar an eolaíocht is fearr atá le fáil, trí shásraí comhlíontachta a neartú, athbhreithnithe tréimhsiúla ar fheidhmíocht a dhéanamh agus rialú, faireachán agus forfheidhmiú éifeachtach ar bhearta bainistithe de chuid ERBInna a ghlacadh agus, i gcás inarb infheidhme, doiciméadacht ghabhála nó scéimeanna deimhniúcháin bearta stát an chalafoirt a ghlacadh agus a chur chun feidhme;

(d) bearta éifeachtacha a chur chun feidhme chun iascaireacht NNN a chomhrac, lena n-áirítear bearta chun táirgí NNN a eisiamh ó shreafaí trádála agus dul i gcomhar chun malartú faisnéise a éascú chun forfheidhmiú inrianaitheachta a áirithiú;

(e) forbairt dobharshaothraithe inbhuanaithe agus fhreagraigh a chur chun cinn, agus na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de á gcur san áireamh, lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme na gcuspóirí agus na bprionsabal atá i gCód Iompair FAO d'iascaigh Fhreagracha;

(f) caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe na speiceas a liostaítear in CITES agus cuimsiú speiceas ainmhithe agus plandaí uisceacha sna Foscríbhinní a ghabhann le CITES a chur chun cinn i gcás ina meastar stádas caomhnaithe an speicis sin a bheith i mbaol mar gheall ar thrádáil idirnáisiúnta;

(g) an Coinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine arna dhéanamh in Bonn an 23 Meitheamh 1979 (Coinbhinsiún Bonn) a chomhlíonadh, agus ionstraimí faoin gcoinbhinsiún sin, le haghaidh caomhnú inbhuanaithe speiceas imirceach, bainistíocht fo-ghabhála agus sonraí maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír.

4. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar agus a leasanna frithpháirteacha a neartú maidir le gnéithe a bhaineann le trádáil i mbeartais agus bearta iascaigh agus dobharshaothraithe, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear in EDT, ERBInna, FAO agus ionstraimí iltaobhacha eile sa réimse sin, agus é mar aidhm acu cleachtais inbhuanaithe iascaireachta agus dobharshaothraithe agus trádáil i dtáirgí éisc agus bia mara a chur chun cinn ó iascaigh a bhainistítear go hinbhuanaithe agus ón dobharshaothrú. Oibreoidh na Páirtithe go dlúth le chéile agus cuirfidh siad dlús lena n-iarrachtaí Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 (saol faoin uisce) de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, a bhfuil sé mar aidhm di na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid ar shlí inbhuanaithe ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe lena n-áirítear truailliú mara de gach cineál a chosc agus a laghdú go mór, ó ghníomhaíochtaí talamh-bhunaithe go háirithe, lena n-áirítear bruscar muirí agus truailliú cothaitheach, agus trí chaomhnú éiceachóras muirí a phríomhshruthú i mbeartais inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm.

AIRTEAGAL 10

Trádáil agus Infheistíocht a Thacaíonn le Forbairt Inbhuanaithe

1. Aithníonn na Páirtithe maidir le trádáil agus infheistíocht in earraí agus seirbhísí a bhaineann le cosaint an chomhshaoil nó a chuireann le dálaí sóisialta a fheabhsú agus maidir le húsáid scéimeanna inbhuanaitheachta nó tionscnaimh dheonacha eile a chothú, gur féidir leo cuidiú go suntasach leis an bhforbairt inbhuanaithe.

2. Chuige sin, dhíchuir na Páirtithe dleachtanna custaim ar earraí comhshaoil de thionscnamh an Pháirtí eile de bhun Airteagail 10 agus 11 den Chomhaontú seo.

3. Thairis sin, rinne na Páirtithe gealltanais caibidlíocht maidir le seirbhísí comhshaoil agus gníomhaíochtaí monaraíochta a thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 3 den Chomhaontú seo.

4. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí trádáil agus infheistíocht sa mhéid seo a leanas a chur chun cinn agus a éascú:

(a) earraí agus seirbhísí comhshaoil;

(b) earraí a chuireann le dálaí sóisialta feabhsaithe; agus

(c) earraí atá faoi réir scéimeanna dearbhaithe inbhuanaitheachta trédhearcacha, fíorasacha nach bhfuil míthreorach amhail scéimeanna trádála córa agus eiticiúla agus éicilipéid.

5. Is féidir go n-áireofar na nithe seo a leanas le trádáil agus infheistíocht dá dtagraítear i mír 4 a chur chun cinn agus a éascú:

(a) gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus faisnéis agus feachtais oideachais phoiblí;

(b) creataí beartais a ghlacadh atá fabhrach do na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a chur in úsáid;

(c) glacadh scéimeanna trédhearcacha, fíorasacha nach bhfuil míthreorach a spreagadh, go háirithe le haghaidh FBManna;

(d) aghaidh a thabhairt ar bhacainní neamhtharaife lena mbaineann; agus

(e) tagairt do chaighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, amhail Coinbhinsiúin EIS agus treoirlínte nó MEAnna, arna dtabhairt cothrom le dáta ag na comhlachtaí ábhartha go tréimhsiúil.

6. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun an comhar eatarthu a neartú maidir le gnéithe trádála de shaincheisteanna a chumhdaítear leis an Airteagal seo go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta agus iltaobhacha de réir mar is iomchuí *inter alia* trí mhalartú faisnéise, dea-chleachtas agus tionscnaimh for-rochtana.

AIRTEAGAL 11

Trádáil agus Iompar Gnó Freagrach agus Bainistiú an tSlabhra Soláthair

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le hiompar gnó freagrach agus cleachtais um fhreagracht shóisialta chorparáideach, lena n-áirítear slabhraí soláthair a bhainistiú ar bhealach freagrach, agus ról na trádála chun an cuspóir sin a shaothrú.

2. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:

(a) iompar freagrach gnó agus freagracht shóisialta chorparáideach a chur chun cinn, lena n-áirítear slabhraí soláthair a bhainistiú ar bhealach freagrach, trí chreataí beartais tacaíochta a sholáthar lena spreagtar gnólachtaí chun cleachtais ábhartha a ghlacadh;

(b) tacú le cloí, cur chun feidhme, bearta leantacha agus scaipeadh ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha, amhail Treoirlínte na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) le haghaidh Fiontair Ilnáisiúnta, an Dearbhú Tripháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta a glacadh sa Ghinéiv i mí na Samhna 1977, , Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe agus Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine arna bhformhuiniú ag an gComhairle um Chearta an Duine lena Rún 17/4 an 16 Meitheamh 2011.

3. Aithníonn na Páirtithe áirgiúlacht treoirlínte idirnáisiúnta a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith i réimse na freagrachta sóisialta corparáidí / i réimse an iompair fhreagraigh gnó agus cuirfidh siad obair chomhpháirteach chun cinn ina leith sin. A mhéid a bhaineann le Treoir ECFE i dtaca le Dícheall Cuí do Shlabhraí Soláthair Freagracha Mianraí ó Limistéir ina bhfuil Coinbhleacht agus ó Limistéir Ardriosca ábhartha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus na forlíontáin a ghabhann léi, cuirfidh na Páirtithe bearta chun feidhme chun glacadh treoraíochta den sórt sin a chur chun cinn. Mar chomhaltaí den Choiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain san Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta, músclóidh na Páirtithe feasacht ar na '*Principles for Responsible Investment in Agriculture and Food Systems*' [Prionsabail um Infheistíocht Fhreagrach sa Talmhaíocht agus i gCórais Bhia] agus na '*Voluntary Guidelines on Responsible Governance of Tenure of Land, Fisheries and Forests in the Context of National Food Security*' [Treoirlínte Deonacha maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, Iascaigh agus Foraoisí].

4. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun an comhar eatarthu a neartú maidir le gnéithe trádála de shaincheisteanna a chumhdaítear leis an Airteagal seo go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta de réir mar is iomchuí, *inter alia* trí mhalartú faisnéise, dea-chleachtas agus tionscnaimh for-rochtana.

AIRTEAGAL 12

Faisnéis Eolaíoch agus Theicniúil

1. Agus bearta á mbunú nó á gcur chun feidhme ag na Páirtithe arb é is aidhm dóibh an comhshaol nó dálaí saothair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil nó d'infheistíocht a chosaint, déanfaidh gach Páirtí faisnéis eolaíoch agus theicniúil, caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, treoirlínte agus moltaí a bheidh le fáil a chur san áireamh.

2. I gcás ina bhfuil easpa lándeimhneachta eolaíche agus bagairtí go bhféadfaí damáiste tromchúiseach nó do-chúlaithe a dhéanamh don chomhshaol nó do shábháilteacht agus sláinte cheirde, féadfaidh Páirtí bearta a ghlacadh chun damáiste den sórt sin a sheachaint, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim.

AIRTEAGAL 13

Trédhearcacht

1. Déanfaidh gach Páirtí, agus é mar aidhm acu feasacht a áirithiú agus deiseanna réasúnacha le haghaidh daoine leasmhara agus geallsealbhóirí leasmhara tuairimí a chur isteach, na bearta seo a leanas a fhorbairt, a achtú agus a chur chun feidhme ar bhealach trédhearcach:

(a) bearta arb é is aidhm dóibh an comhshaol nó dálaí saothair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil nó d'infheistíocht a chosaint; nó

(b) bearta trádála nó infheistíochta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chosaint an chomhshaoil nó do chosaint dálaí saothair.

2. Tabharfaidh gach Páirtí aird chuí ar theachtaireachtaí agus tuairimí ón bpobal maidir le hábhair a bhaineann leis an Iarscríbhinn seo. Féadfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, na grúpaí comhairleacha baile a bunaíodh de bhun Airteagal 15 den Iarscríbhinn seo chomh maith le pointe teagmhála an Pháirtí eile, arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 14(5) den Iarscríbhinn seo, a chur ar an eolas faoi na teachtaireachtaí agus na tuairimí den sórt sin.

AIRTEAGAL 14

An Coiste Speisialta um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe agus Pointí Teagmhála

1. Leis seo bunaíonn na Páirtithe Coiste Speisialta um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe (dá ngairtear 'Coiste TFI' anseo feasta), faoi rialú Cuid VI den Chomhaontú seo, a dhéanfaidh na nithe seo a leanas:

(a) teacht le chéile uair amháin sa bhliain, nó gan moill mhíchuí arna iarraidh sin ag ceachtar Páirtí,

(b) is iad ionadaithe ó na Páirtithe a bheidh ina gcomhchathaoirligh, ar leibhéal iomchuí, air; agus

(c) a thuairisciú do Chomhairle CCE.

2. Déanfaidh an Coiste um TFI na nithe seo a leanas:

(a) déanfaidh sé éascú, faireachán agus athbhreithniú ar chur chun feidhme na hIarscríbhinne seo;

(b) déanfaidh sé na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 18 den Iarscríbhinn seo;

(c) cuirfidh sé le hobair Choiste na nOifigeach Sinsearach maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo, lena n-áirítear maidir le hábhair atá le plé le Coiste Comhairleach CCE dá dtagraítear in Airteagal 108 den Chomhaontú seo;

(d) breithneoidh sé aon ábhar eile a bhaineann leis an Iarscríbhinn seo mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

3. Féadfaidh Coiste TFI a rialacha nós imeachta féin a bhunú, agus beidh feidhm *mutatis mutandis* ag rialacha nós imeachta Choiste na nOifigeach Sinsearach ina n-éagmais.

4. Foilseoidh Coiste TFI tuarascáil tar éis gach ceann dá chruinnithe.

5. Ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála laistigh dá riarachán chun cumarsáid agus comhordú idir na Páirtithe a éascú ar aon ábhar a bhaineann leis an Iarscríbhinn seo. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi shonraí teagmhála a phointe teagmhála. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

AIRTEAGAL 15

Grúpaí Comhairleacha Baile

1. Cruthóidh gach Páirtí grúpa comhairleach baile nua nó ainmneoidh sé ceann atá ann cheana, laistigh de bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Tabharfaidh an grúpa comhairleach baile comhairle don Pháirtí lena mbaineann maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an gComhaontú seo. Is éard a bheidh ann ionadaíocht chothrom ar eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí gnó agus eagraíochtaí fostóirí chomh maith le ceardchumainn atá gníomhach faoi chúrsaí eacnamaíocha, faoin bhforbairt inbhuanaithe, faoi chúrsaí sóisialta, faoi chearta an duine, faoi chúrsaí comhshaoil agus faoi ábhair eile. Féadfar an grúpa comhairleach baile a thionól i bhfoirmíochtaí éagsúla chun cur chun feidhme Chodanna agus fhorálacha éagsúla an Chomhaontaithe seo a phlé.

2. Tiocfaidh gach Páirtí agus a ghrúpa comhairleach baile le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad. Breithneoidh gach Páirtí tuairimí nó moltaí a chuirfidh a ghrúpa comhairleach baile faoina bhráid maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

3. Chun feasacht an phobail ar na grúpaí comhairleacha baile a chur chun cinn, foilseoidh gach Páirtí liosta na n-eagraíochtaí atá rannpháirteach ina ghrúpa comhairleach baile chomh maith le liosta de phointí teagmhála an ghrúpa sin.

4. Déanfaidh na Páirtithe idirghníomhaíocht idir a ngrúpaí comhairleacha baile faoi seach a chur chun cinn, lena n-áirítear a rannpháirtíocht ag Coiste Comhairleach CCE a bunaíodh de bhun Airteagal 108 den Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 16

Díospóid a Sheachaint agus a Réiteach

1. Déanfaidh na Páirtithe gach iarracht trí idirphlé, trí chomhairliúchán, trí mhalartú faisnéise agus trí chomhar chun aghaidh a thabhairt ar aon easaontas maidir le cur i bhfeidhm na hIarscríbhinne seo.

2. I gcás easaontais idir na Páirtithe maidir le cur chun feidhme na hIarscríbhinne seo, beidh teacht ag na Páirtithe, go heisiach, ar na nósanna imeachta um réiteach díospóidí a bunaíodh de bhun Airteagail 17 agus 18 den Iarscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 17

Comhairliúcháin agus Idirghabháil

1. Mura bhforáiltear a mhalairt san Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 110 agus 111 den Chomhaontú seo.

2. Reáchtálfar na comhairliúcháin laistigh de fiche (20) lá ón dáta a fhaigheann an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh an iarraidh agus measfar na comhairliúcháin a bheith tugtha chun críche laistigh de nócha (90) lá ón dáta fála sin, mura gcomhaontóidh na Páirtithe leanúint ar aghaidh leis na comhairliúcháin.

3. I gcás ina mbaineann na comhairliúcháin le forálacha a bhaineann le comhaontuithe nó ionstraimí iltaobhacha dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo, cuirfidh na Páirtithe faisnéis ó EIS nó ó eagraíochtaí nó comhlachtaí ábhartha a bunaíodh faoi MEAnna san áireamh chun comhleanúnachas idir obair na bPáirtithe agus obair na n-eagraíochtaí nó na gcomhlachtaí sin a chur chun cinn. I gcás inarb ábhartha, iarrfaidh na Páirtithe comhairle ó eagraíochtaí nó comhlachtaí den sórt sin, nó ó aon saineolaí nó comhlacht eile a mheasfaidh siad a bheith iomchuí. Féadfaidh gach Páirtí, i gcás inarb iomchuí, tuairimí na ngrúpaí comhairleacha baile a bunaíodh de bhun Airteagal 15 den Iarscríbhinn seo nó comhairle ó aon saineolaí eile a lorg.

4. Cuirfear aon réiteach a bhaineann na Páirtithe amach ar fáil go poiblí.

AIRTEAGAL 18

Díospóidí a Réiteach

1. Mura bhforáiltear a mhalairt san Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 112 go 115, Airteagal 116 (1), (3), (4) agus (5), Airteagail 119 go 124, Airteagal 125(2) agus (3), agus Airteagail 126 agus 127 den Chomhaontú seo.

2. Déanfaidh Coiste TFI arna bhunú de bhun Airteagal 14 den Iarscríbhinn seo, tráth nach déanaí ná sé (6) mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, liosta de 15 dhuine aonair ar a laghad a bhunú, ar daoine aonair iad atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar eadránaithe le haghaidh díospóidí faoin Iarscríbhinn seo. Beidh trí fholiosta sa liosta: foliosta amháin do gach Páirtí a fheidhmeoidh mar eadránaithe; agus foliosta amháin de dhaoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad agus a bheidh le fáil chun feidhmiú mar Chathaoirleach an phainéil eadrána. Áireofar cúigear (5) ar a laghad ar gach foliosta. Áiritheoidh Coiste TFI go gcoinneofar an liosta ar an leibhéal sin i gcónaí, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta.

3. Beidh eolas speisialaithe ag na headránaithe nó saineolas ar dhlí an tsaothair nó ar dhlí an chomhshaoil, ar shaincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu san Iarscríbhinn seo, nó ar réiteach díospóidí a thagann chun cinn faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta. Beidh siad neamhspleách, beidh siad ag fónamh ina gcáil aonair agus ní thógfaidh siad

treoracha ó aon eagraíocht ná rialtas, ná ní bheidh siad cleamhnaithe le rialtas aon Pháirtí, agus comhlíonfaidh siad an cód iompair atá i gceangal leis na rialacha nós imeachta atá le glacadh ag Comhairle CCE laistigh de sé (6) mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo de bhun Airteagal 125(4) den Chomhaontú seo.

4. I gcás ina bhfuil painéal eadrána comhdhéanta de réir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 113 den Chomhaontú seo, roghnófar na headránaithe ó na daoine ábhartha ar na foliostaí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

5. Maidir le hábhair a bhaineann le comhaontuithe agus ionstraimí iltaobhacha a chomhlíonadh dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo, ba cheart a áireamh i bhfaisnéis nó i dtuairim shaineolach a iarrann an painéal eadrána de bhun Airteagal 121 den Chomhaontú seo faisnéis agus comhairle ó EIS nó ó chomhlachtaí nó eagraíochtaí ábhartha a bunaíodh faoi na MEAnna.

6. Déanfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis rialú an phainéil eadrána a thabhairt, a ghrúpa comhairleach baile a bunaíodh de bhun Airteagal 15 den Iarscríbhinn seo a chur ar an eolas maidir leis na bearta comhlíontachta a rinne sé nó a bheartaíonn sé a dhéanamh de bhun Airteagal 115(4) den Chomhaontú seo.

7. Déanfaidh Coiste TFI faireachán ar chur chun feidhme na mbeart comhlíontachta. Féadfaidh na grúpaí comhairleacha baile barúlacha a chur faoi bhráid Choiste TFI ina leith sin.

IARSCRÍBHINN VI

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH ÓN AONTAS EORPACH AGUS Ó PHOBLACHT NA CÉINIA MAIDIR LE COMHAR EACNAMAÍOCH AGUS FORBARTHA FAOIN gCOMHAONTÚ SEO

Tá an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, den pháirt eile (dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta chun críocha an Dearbhaithe Chomhpháirtigh seo), tá éis comhaontú go bhfuil feidhm ag na prionsabail agus ag na nósanna imeachta seo a leanas maidir leis an gComhaontú seo.

1. Cuireann na Páirtithe béim mhór ar chur chun feidhme rathúil an Chomhaontaithe seo agus ar an gcaidreamh leanúnach trádála agus forbartha eatarthu. Tá caidreamh táirgiúil idir na Páirtithe agus tá siad ag tnúth leis an gcaidreamh sin a fhorbairt a thuilleadh faoin gComhaontú seo.

2. Aithníonn na Páirtithe go ndéanfar Cuid V den Chomhaontú seo maidir le comhar eacnamaíoch agus forbartha a fhorléiriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Comhaontú Cotonou nó lena chomhaontú comharba. Comhaontaíonn na Páirtithe gur i gcas aon neamhréir idir forálacha Chuid V den Chomhaontú seo agus Comhaontú Cotonou nó a chomhaontú comharba, go mbeidh forlámhas ag forálacha Chomhaontú Cotonou nó a chomhaontaithe comharba. Ní bheidh feidhm ag aon fhoráil atá ar neamhréir leis an méid thuas.

3. Aithníonn na Páirtithe tacaíocht an Aontais don fhorbairt ar fud réimse leathan earnálacha, agus athdhearbhaíonn siad go bhfuil siad tiomanta don fhorbairt riailbhunaithe agus inbhuanaithe. Is é is aidhm don chomhpháirtíocht luachbhunaithe iontaofa seo, borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe agus faoin obair chuibhiúil do chách maille le haistriú glas ionchuimsitheach a chur chun cinn i réimse an digitithe, na haeráide, an fhuinnimh agus an iompair, le tacaíocht ó infheistíochtaí cliste glana slána ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon.

   (a) I gcomhréir le Comhpháirtíocht Busan maidir le Comhar um Fhorbairt Éifeachtach arna dhéanamh in Busan an 1 Nollaig 2011, comhaontaíonn na Páirtithe, de réir mar is iomchuí, úsáid a bhaint as sásraí seachadta, cistí nó saoráidí atá faoi úinéireacht náisiúnta nó réigiúnach, agus tacú leo, chun acmhainní a threorú agus a chomhordú ar mhaithe le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

   (b) Aithníonn na Páirtithe go bhféadfadh roinnt dúshlán eascairt ó chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear mar gheall ar thionchar na dtaraifí laghdaithe, agus is, *inter alia,* trí ghníomhaíochtaí comhair eacnamaíoch agus forbartha a dhéanfaidh an tAontas Eorpach atá siad le réiteach. Idir an dá linn, comhaontaíonn na Páirtithe nach mbeidh aon chúiteamh airgeadais speisialta ón Aontas Eorpach agus nach bhfuil feidhm ag an gcreat cúitimh idir na Páirtithe. Mar sin féin, féadfar an tsaincheist sin a mholadh lena athbhreithniú i gComhairle CCE arna iarraidh sin do Phoblacht na Céinia.

   (c) Comhaontaíonn na Páirtithe nach mbeidh feidhm ag na forálacha a bhaineann leis an maitrís agus an tagarmharc sa Chomhaontú seo agus sna hIarscríbhinní a ghabhann leis. Mar sin féin, comhaontaíonn na Páirtithe gur féidir an Mhaitrís, nó codanna de, a chur i bhfeidhm nó aithis a dhéanamh air a mhéid is infheidhme, agus tosaíochtaí agus tagarmharcanna infheistíochta na bPáirtithe féin á gcur san áireamh.

   (d) Comhaontaíonn na Páirtithe nach bhfuil feidhm eatarthu ag na forálacha a bhaineann le Ciste CCE, lena n-áirítear na forálacha a bhaineann lena bhunú agus lena bhainistiú.

   (e) Comhaontaíonn na Páirtithe nach bhfuil aon oibleagáid airgeadais ar cheachtar Páirtí i gceist leis an gComhaontú seo, lena n-áirítear tagairtí do bhuiséad an Aontais, don Chiste Eorpach Forbraíochta, do Chomhaontú Cotonou ná dá chomhaontú comharba.

PRÓTACAL 1 MAIDIR LE CÚNAMH RIARACHÁIN FRITHPHÁIRTEACH IN ÁBHAIR CHUSTAIM

AIRTEAGAL 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Phrótacail seo:

(a) ciallaíonn 'earraí' gach earra a thagann faoi raon feidhme an Chórais Chomhchuibhithe, gan beann ar raon feidhme an Chomhaontaithe seo;

(b) ciallaíonn 'reachtaíocht custaim' aon fhoráil dhlíthiúil nó rialála is infheidhme i gcríocha Páirtí, lena rialaítear allmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras earraí agus iad a chur faoi aon chóras nó nós imeachta custaim eile, lena n-áirítear bearta toirmisc, srianta agus rialaithe;

(c) ciallaíonn 'Údarás is Iarratasóir' údarás inniúil riaracháin atá ainmnithe ag Páirtí chun an Prótacal seo a chur chun feidhme agus a dhéanann iarraidh ar chúnamh ar bhonn an Phrótacail seo;

(d) ciallaíonn 'Údarás Iarrtha' údarás inniúil riaracháin atá ainmnithe ag Páirtí chun an Prótacal seo a chur chun feidhme agus a fhaigheann iarraidh ar chúnamh ar bhonn an Phrótacail seo;

(e) ciallaíonn 'sonraí pearsanta' an fhaisnéis uile a bhaineann le duine aonair atá aitheanta nó inaitheanta;

(f) ciallaíonn 'oibríocht a sháraíonn an reachtaíocht custaim' aon sárú nó aon iarracht ar an reachtaíocht custaim a shárú.

AIRTEAGAL 2

Raon feidhme

1. Tabharfaidh na Páirtithe cúnamh dá chéile maidir le réimsí a thagann faoi réim a n-inniúlachtaí, ar an mbealach agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Phrótacal seo, chun cur i bhfeidhm ceart na reachtaíochta custaim a áirithiú, go háirithe trí oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht custaim a chosc, a imscrúdú agus a chomhrac.

2. Beidh feidhm ag cúnamh in ábhair chustaim, dá bhforáiltear sa Phrótacal seo, maidir le haon údarás de chuid na bPáirtithe atá inniúil chun an Prótacal seo a chur i bhfeidhm. Ní dochar an méid sin do na rialacha lena rialaítear cúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla. Ná ní chumhdófar leis faisnéis a fhaightear faoi chumhachtaí arna bhfeidhmiú arna iarraidh sin d'údarás breithiúnach, ach amháin i gcás ina bhfuil údarú roimh ré ón údarás sin chun an fhaisnéis sin a chur in iúl.

3. Ní chumhdaítear cúnamh in imeachtaí aisghabhála maidir le dleachtanna, cánacha nó fíneálacha leis an bPrótacal seo.

AIRTEAGAL 3

Cúnamh arna Iarraidh

1. Arna iarraidh sin don Údarás is Iarratasóir, soláthróidh an tÚdarás Iarrtha an fhaisnéis ábhartha uile dó lena bhféadfar cur ar a chumas a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm an reachtaíocht custaim i gceart, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí a thugtar faoi deara nó a bheartaítear agus ar oibríochtaí iad a sháraíonn an reachtaíocht custaim nó a d'fhéadfadh an reachtaíocht custaim a shárú.

2. Arna iarraidh sin don Údarás is Iarratasóir, cuirfidh an tÚdarás Iarrtha ar an eolas é cibé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid a leanas:

(a) go ndearnadh earraí a onnmhairíodh ó chríoch Páirtí a allmhairiú go dlíthiúil isteach i gcríoch an Pháirtí eile, lena sonraítear, i gcás inarb iomchuí, an nós imeachta custaim a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na hearraí;

(b) go ndearnadh earraí a allmhairíodh isteach i gcríoch Páirtí a onnmhairiú go dlíthiúil ó chríoch an Pháirtí eile, lena sonraítear, i gcás inarb iomchuí, an nós imeachta custaim a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na hearraí.

3. Arna iarraidh sin don Údarás is Iarratasóir, déanfaidh an tÚdarás Iarrtha, faoi chuimsiú a fhorálacha dlí nó rialála, na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar faireachas speisialta ar an méid a leanas:

(a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil forais réasúnacha ann ina leith le creidiúint go bhfuil nó go raibh siad bainteach le hoibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht custaim;

(b) áiteanna inar cóimeáladh earraí nó ina bhféadfar na hearraí sin a chóimeáil ar bhealach lena bhfágtar go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint as na hearraí sin in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht custaim;

(c) earraí atá á n-iompar nó ar féidir iad a iompar ar bhealach ina bhfuil forais réasúnacha ann le creidiúint go bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint astu in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht custaim; agus

(d) modh iompair a mbaintear úsáid as nó ar féidir úsáid a bhaint as ar bhealach ina bhfuil forais réasúnacha ann le creidiúint go bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint as an modh iompair sin in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht custaim.

AIRTEAGAL 4

Cúnamh Spontáineach

Tabharfaidh na Páirtithe cúnamh dá chéile, ar a dtionscnamh féin agus i gcomhréir lena bhforálacha dlí nó rialála, más rud é go mbreithníonn siad gur gá sin chun reachtaíocht custaim a chur i bhfeidhm i gceart, go háirithe trí fhaisnéis a sholáthar a bheidh faighte maidir leis an méid seo a leanas:

(a) oibríochtaí ar sárú iad ar an reachtaíocht custaim nó a ndealríonn sé go bhfuil sárú á dhéanamh ar an reachtaíocht custaim leo, agus a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar spéise ag an bPáirtí eile;

(b) bealaí nó modhanna nua a úsáidfear chun oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht custaim a chur i gcrích;

(c) earraí arb eol go bhfuil siad faoi réir oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht custaim;

(d) daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil forais réasúnacha ann ina leith le creidiúint go bhfuil nó go raibh siad bainteach le hoibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht custaim; agus

(e) modh iompair a bhfuil forais réasúnacha ann ina leith le creidiúint gur baineadh, go mbaintear nó go bhféadfar úsáid a bhaint as in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht custaim.

AIRTEAGAL 5

Soláthar agus Fógra

1. Arna iarraidh sin don Údarás is Iarratasóir, déanfaidh an tÚdarás Iarrtha, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla nó rialála is infheidhme maidir leis an Údarás sin, na bearta uile is gá chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) aon doiciméad a thagann ón Údarás is Iarratasóir agus a thagann faoi raon feidhme an Phrótacail seo a sholáthar chuig seolaí atá ina chónaí nó bunaithe i gcríoch an Údaráis Iarrtha, agus, i gcás inarb iomchuí;

(b) fógra a thabhairt faoi aon chinneadh a thagann ón Údarás is Iarratasóir agus a thagann faoi raon feidhme an Phrótacail seo, do sheolaí atá ina chónaí nó bunaithe i gcríoch an Údaráis Iarrtha.

2. Is i scríbhinn i dteanga oifigiúil de chuid an Údaráis Iarrtha nó i dteanga atá inghlactha ag an údarás sin a dhéanfar iarrataí den sórt sin ar dhoiciméad a sholáthar nó ar fhógra a thabhairt faoi chinntí.

AIRTEAGAL 6

Foirm agus Substaint na n-Iarrataí ar Chúnamh

1. Is i scríbhinn a dhéanfar iarrataí de bhun an Phrótacail seo. Beidh na doiciméid is gá ag gabháil leo chun gur féidir an iarraidh a chomhlíonadh. Nuair is gá mar gheall ar phráinne an cháis, is féidir glacadh le hiarrataí ó bhéal, ach ní mór iad a dheimhniú i scríbhinn láithreach. Féadfar iarrataí a chur in iúl i bhfoirm leictreonach freisin.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh in iarrataí a dhéanfar de bhun mhír 1:

(a) ainm an Údaráis is Iarratasóir;

(b) an beart a iarradh;

(c) cuspóir na hiarrata agus an chúis atá léi;

(d) na forálacha dlí nó rialála agus eilimintí eile dlí atá i gceist;

(e) tásca, chomh cruinn agus chomh cuimsitheach agus is féidir, maidir leis na daoine nádúrtha nó dlítheanacha arb iad sprioc na n-imscrúduithe iad; agus

(f) achoimre ar na fíorais ábhartha agus ar na fiosrúcháin a rinneadh cheana féin.

3. Cuirfear iarrataí isteach i dteanga oifigiúil de chuid an Údaráis Iarrtha nó i dteanga atá inghlactha ag an údarás sin. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas seo maidir le haon doiciméad a ghabhann leis an iarraidh faoi mhír 1.

4. Mura gcomhlíonann iarraidh na ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach thuas, féadfar a iarraidh go ndéanfaí é a cheartú nó a chomhlánú; idir an dá linn, féadfar bearta réamhchúraim a ordú.

AIRTEAGAL 7

Forghníomhú Iarrataí

1. Chun iarraidh ar chúnamh a chomhlíonadh, rachaidh an tÚdarás Iarrtha ar aghaidh, laistigh de theorainneacha a inniúlachta agus na n-acmhainní atá ar fáil dó, amhail is dá mbeadh sé ag gníomhú ar a chuntas féin nó ar iarraidh ó údarás eile de chuid an Pháirtí chéanna, trí fhaisnéis atá ina sheilbh cheana a sholáthar, trí fhiosrúcháin iomchuí a dhéanamh nó trí shocruithe a dhéanamh go ndéanfar fiosrúcháin iomchuí. Beidh feidhm ag an bhforáil seo freisin maidir le haon údarás eile ar dhírigh an tÚdarás Iarrtha an iarraidh chuige nuair nach féidir leis an údarás sin gníomhú as a stuaim féin.

2. Forghníomhófar iarrataí ar chúnamh i gcomhréir le forálacha dlí nó rialála an Pháirtí iarrtha.

3. Oifigigh chuí-údaraithe de chuid Pháirtí, le comhaontú an Pháirtí eile atá rannpháirteach agus faoi réir na gcoinníollacha a leagann an Páirtí eile síos, féadfaidh siad an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a bheith i láthair chun faisnéis a fháil in oifigí an Údaráis Iarrtha nó aon údaráis eile lena mbaineann i gcomhréir le mír 1, ar faisnéis í a bhaineann le gníomhaíochtaí ar oibríochtaí iad a sháraíonn an reachtaíocht custaim, nó lena bhféadfaí an reachtaíocht custaim a shárú, ar faisnéis í a theastaíonn ón Údarás is Iarratasóir chun críoch an Phrótacail seo;

(b) a bheith i láthair nuair a dhéantar fiosruithe i gcríoch an pháirtí eile.

AIRTEAGAL 8

An Fhormáid ina bhfuil an Fhaisnéis le Cur in Iúl

1. Cuirfidh an tÚdarás Iarrtha torthaí an fhiosrúcháin in iúl don Údarás is Iarratasóir i scríbhinn, in éineacht le doiciméid ábhartha, cóipeanna deimhnithe nó nithe eile.

2. Má iarrtar amhlaidh, féadfaidh an fhaisnéis dá ndéantar foráil i mír 1 a bheith i bhfoirm leictreonach.

3. Tarchuirfear bundoiciméid, arna iarraidh sin agus ar an gcúis sin amháin, i gcásanna nár leordhóthanach iad cóipeanna deimhnithe. Cuirfear na bunchóipeanna sin ar ais a luaithe is féidir.

AIRTEAGAL 9

Eisceachtaí ón Oibleagáid Cúnamh a Sholáthar

1. Féadfar cúnamh a dhiúltú nó féadfaidh sé a bheith faoi réir coinníollacha nó ceanglais áirithe a chomhlíonadh i gcásanna ina mbeidh Páirtí den tuairim maidir le cúnamh faoin bPrótacal seo:

(a) gur dócha go ndéanfadh sé dochar do cheannasacht Stáit is Comhpháirtí EAC nó do cheannasacht Ballstáit den Aontas ar iarradh air cúnamh a thabhairt faoin bPrótacal seo; nó

(b) gur dócha go ndéanfadh sé dochar do bheartas poiblí, do shlándáil nó do leasanna bunriachtanacha eile, go háirithe sna cásanna dá dtagraítear faoi Airteagal 10(2); nó

(c) go sárófaí rún tionscail, rún tráchtála nó gairmiúil leis.

2. Féadfaidh an tÚdarás Iarrtha an cúnamh a chur ar atráth ar an bhforas go gcuirfidh an cúnamh sin isteach ar imscrúduithe, ionchúisimh nó imeachtaí atá ar siúl. I gcás den sórt sin, rachaidh an tÚdarás Iarrtha i gcomhairle leis an Údarás is Iarratasóir chun a chinneadh an féidir cúnamh a thabhairt faoi réir cibé téarmaí nó coinníollacha a éileoidh an tÚdarás Iarrtha.

3. I gcás ina lorgaíonn an tÚdarás is Iarratasóir cúnamh nach mbeadh sé féin in ann a sholáthar dá n-iarrfaí sin air, tarraingeoidh sé aird ar an méid sin ina iarraidh. Is ar an Údarás Iarrtha a bheidh sé ansin cinneadh a dhéanamh conas freagra a thabhairt ar iarraidh den sórt sin.

4. Maidir leis na cásanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ní mór cinneadh an Údaráis Iarrtha agus na cúiseanna a chur in iúl don Údarás is Iarratasóir gan mhoill.

AIRTEAGAL 10

Malartú Faisnéise agus Rúndacht

1. Aon fhaisnéis a chuirfear in iúl i bhfoirm ar bith de bhun an Phrótacail seo, beidh sí de chineál rúnda nó srianta, ag brath ar na rialacha is infheidhme i ngach ceann de na Páirtithe. Cumhdófar faisnéis den sórt sin leis an oibleagáid maidir le rúndacht oifigiúil agus beidh an chosaint aici a thugtar d'fhaisnéis den chineál céanna faoi dhlíthe ábhartha an Pháirtí a fuair í, agus i gcás an Aontais na forálacha comhfhreagracha a bhfuil feidhm acu maidir le húdaráis an Aontais ([1]).

2. Ní fhéadfar sonraí pearsanta a mhalartú ach amháin i gcás ina gcomhaontaíonn an Páirtí a fhéadfaidh iad a fháil leibhéal leordhóthanach cosanta a áirithiú do na sonraí sin ar bhealach atá coibhéiseach ar a laghad leis an mbealach is infheidhme maidir leis an gcás áirithe sin sa Pháirtí a fhéadfaidh iad a sholáthar. Chuige sin, cuirfidh na Páirtithe faisnéis maidir lena rialacha agus a bhforálacha dlíthiúla is infheidhme in iúl dá chéile.

3. Meastar gur chun críoch an Phrótacail seo í úsáid a bhaint as faisnéis a fhaightear faoin bPrótacal seo in imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin a thionscnaítear i ndáil le hoibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht custaim. Dá bhrí sin, féadfaidh na Páirtithe, ina dtaifid ar fhianaise, tuarascálacha agus teistiméireachtaí agus in imeachtaí agus i gcúiseanna a thugtar os comhair na gcúirteanna, úsáid a bhaint as faisnéis a fuarthas agus doiciméid a ndeachthas i gcomhairle leo de réir fhorálacha an Phrótacail seo mar fhianaise. Tabharfar fógra don údarás inniúil a sholáthair an fhaisnéis sin nó a thug rochtain ar na doiciméid sin maidir leis an úsáid sin.

4. Is chun críocha an Phrótacail seo amháin a úsáidfear an fhaisnéis a fhaightear. I gcás inar mian le ceann de na Páirtithe úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin chun críoch eile, gheobhaidh sé toiliú i scríbhinn roimh ré ón údarás a sholáthair an fhaisnéis. Maidir le haon úsáid den chineál sin, beidh sé faoi réir aon sriain a leagann an t-údarás sin síos.

AIRTEAGAL 11

Saineolaithe agus Finnéithe

Féadfar údarás a thabhairt d'oifigeach de chuid Údaráis Iarrtha láithriú, laistigh de theorainneacha an údaraithe a deonaíodh, mar shaineolaí nó mar fhinné in imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an bPrótacal seo, agus cibé nithe, doiciméid nó cóipeanna deimhnithe díobh a thabhairt ar aird, de réir mar is gá le haghaidh na n-imeachtaí. Ní mór a shonrú go sonrach san iarraidh ar láithriú an t-údarás breithiúnach nó riaracháin a mbeidh ar an oifigeach teacht i láthair os a chomhair, na hábhair ar a gceisteofar é, agus an teideal nó an cháilíocht ar dá mbua a cheisteofar é.

AIRTEAGAL 12

Speansas maidir le Cúnamh

Tarscaoilfidh na Páirtithe gach éileamh ar a chéile ar aisíocaíocht speansas arna dtabhú de bhun an Phrótacail seo, ach amháin, de réir mar is iomchuí, ar speansas do shaineolaithe agus d'fhinnéithe, agus iad siúd d'ateangairí agus d'aistritheoirí nach fostaithe sa tseirbhís phoiblí iad.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

AIRTEAGAL 13

Cur chun feidhme

1. Cuirfear cur chun feidhme an Phrótacail seo de chúram ar údaráis chustaim an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC de thaobh amháin agus ar an taobh eile seirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais, de réir mar is iomchuí. Déanfaidh siad cinneadh maidir leis na bearta agus na socruithe praiticiúla uile is gá chun é a chur i bhfeidhm, agus na rialacha atá i bhfeidhm go háirithe i réimse na cosanta sonraí á gcur san áireamh.

2. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile agus ina dhiaidh sin coinneoidh siad a chéile ar an eolas faoi na rialacha mionsonraithe cur chun feidhme a ghlacfar i gcomhréir le forálacha an Phrótacail seo.

AIRTEAGAL 14

Leasuithe

Féadfaidh na Páirtithe leasuithe a mholadh do na comhlachtaí inniúla ar leasuithe iad a mheasann siad ar cheart a dhéanamh ar an bPrótacal seo.

AIRTEAGAL 15

Forálacha Críochnaitheacha

1. Leis an bPrótacal seo, comhlánófar agus ní bheidh bac ar chur i bhfeidhm aon chomhaontaithe maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach a tugadh i gcrích nó a d'fhéadfaí a thabhairt i gcrích idir na Páirtithe, ná ní chuirfidh sé bac ar chúnamh frithpháirteach níos fairsinge arna dheonú faoi na comhaontuithe sin.

2. Ní dhéanfaidh forálacha an Phrótacail seo difear d'oibleagáidí na bPáirtithe faoi aon chomhaontú ná coinbhinsiún idirnáisiúnta eile.

3. Ní dhéanfaidh forálacha an Phrótacail seo difear d'fhorálacha an Aontais lena rialaítear aon fhaisnéis a fhaightear faoin bPrótacal seo agus a d'fhéadfadh a bheith ina leas don Aontas a chur in iúl idir seirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais.

4. Ní dhéanfaidh forálacha an Phrótacail seo difear d'fhorálacha an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC lena rialaítear an chumarsáid idir Orgáin inniúla EAC agus údaráis chustaim an Stáit nó na Stát is Comhpháirtithe EAC maidir le haon fhaisnéis a fhaightear faoin bPrótacal seo agus a d'fhéadfadh a bheith ina leas don Stát nó do na Stáit is Comhpháirtithe EAC.

5. D'ainneoin fhorálacha mhír 1, beidh tosaíocht ag forálacha an Phrótacail seo ar fhorálacha aon Chomhaontaithe dhéthaobhaigh maidir le cúnamh frithpháirteach a tugadh i gcrích nó a d'fhéadfaí a thabhairt i gcrích idir Ballstáit aonair an Aontais agus Stát is Comhpháirtí EAC a mhéid nach bhfuil forálacha an Stáit is Comhpháirtí EAC ag luí le forálacha an Phrótacail seo.

6. Maidir le ceisteanna a bhaineann le hinfheidhmeacht an Phrótacail seo, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile chun an t-ábhar a réiteach faoi chuimsiú an Choiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála.

RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE RIALACHA TIONSCNAIMH ÓN AONTAS EORPACH AGUS Ó PHOBLACHT NA CÉINIA

Tá, an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, den pháirt eile, (dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta chun críocha an Ráitis Chomhpháirtigh seo),

AG MEABHRÚ DÓIBH a luachanna comhroinnte agus na naisc láidre chultúrtha, pholaitiúla, eacnamaíocha agus chomhair a thugann le chéile iad;

AG MEAHBHRÚ DÓIBH Comhaontú Cotonou agus a chomhaontú comharba;

AG MEABHRÚ DÓIBH an Conradh lena mbunaítear Comhphobal na hAfraice Thoir (EAC), arna shíniú in Arusha an 30 Samhain 1999 agus a phrótacal maidir le Bunú Aontas Custaim Chomhphobal na hAfraice Thoir;

AG MEABHRÚ DÓIBH an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus Comhphobal na hAfraice Thoir;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a dtiomantas an comhar a neartú saincheisteanna déthaobhacha, réigiúnacha agus domhanda ar ábhar leasa coitinn iad;

Tar éis téacs Airteagal 9 den Chomhaontú seo maidir le rialacha tionscnaimh a dheimhniú agus a chomhaontú go mbeidh an Prótacal maidir le rialacha tionscnaimh an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus Comhphobal na hAfraice Thoir ina bhonn le prótacal a bheidh ann amach anseo maidir le rialacha tionscnaimh, prótacal atá le glacadh de bhun Airteagal 9(2) den Chomhaontú seo, lena n-áirítear a struchtúr, agus coigeartuithe teoranta áirithe ag teastáil go háirithe chun cineál déthaobhach an Chomhaontaithe sin a chur san áireamh. Féadfaidh gach Páirtí tograí iomchuí a dhéanamh le haghaidh coigeartuithe den sórt sin, agus aird á tabhairt ar an ngné réigiúnach a bheidh ag an bprótacal sin amach anseo. Go dtí go nglacfaidh na Páirtithe an prótacal sin maidir le rialacha tionscnaimh, agus de bhun Airteagal 9(1) den Chomhaontú seo, déanfaidh gach Páirtí na rialacha tionscnaimh a áirítear i Rialachán (AE) 2016/1076 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán maidir le Rochtain ar an Margadh) ([1]) a chur i bhfeidhm mar an dlí is infheidhme de chuid an Pháirtí is allmhaireoir. Glacfaidh na Páirtithe prótacal maidir le rialacha tionscnaimh de bhun Airteagal 9(2) den Chomhaontú seo lena gcumhdófar allmhairí ón Aontas agus ó Phoblacht na Céinia araon a luaithe is féidir tar éis don Chomhaontú bheith infheidhme. Cuirfear tús láithreach leis an bplé ar an bprótacal sin.

([1]) Rialachán (AE) 2016/1076 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 lena gcuirtear i bhfeidhm na socruithe do tháirgí de thionscnamh stát áirithe ar cuid iad de Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC) dá bhforáiltear i gcomhaontuithe lena mbunaítear comhaontuithe um chomhpháirtíocht eacnamaíoch, nó as a dtagann bunú na gcomhaontuithe sin (IO AE L 185, 8.7.2016, lch. 1).

RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE TRÁDÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE ÓN AONTAS EORPACH AGUS Ó PHOBLACHT NA CÉINIA

Tá an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, den pháirt eile, dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta chun críocha an Ráitis Chomhpháirtigh seo),

AG MEABHRÚ DÓIBH a luachanna comhroinnte agus na naisc láidre chultúrtha, pholaitiúla, eacnamaíocha agus chomhair a thugann le chéile iad;

AG MEAHBRÚ DÓIBH Comhaontú Cotonou, agus a chomhaontú comharba;

AG MEABHRÚ DÓIBH an Conradh lena mbunaítear Comhphobal na hAfraice Thoir (EAC) arna shíniú in Arusha an 30 Samhain 1999 agus a phrótacal maidir le Bunú Aontas Custaim Chomhphobal na hAfraice Thoir;

AG MEABHRÚ DÓIBH an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus Comhphobal na hAfraice Thoir;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a dtiomantas an comhar a neartú maidir le saincheisteanna déthaobhacha, réigiúnacha agus domhanda ar ábhar leasa coitinn iad;

AGUS RÚN DAINGEAN ACU a áirithiú go gcothófar an inbhuanaitheacht leis an gComhaontú seo, ionas go rachaidh an fás eacnamaíoch i gcomhar le hobair chuibhiúil, leis an aeráid agus leis an gcomhshaol a chosaint, i gcomhréir iomlán le luachanna agus tosaíochtaí comhroinnte na bPáirtithe, lena n-áirítear tacaíocht don aistriú glas agus slabhraí luacha freagracha agus inbhuanaithe a chur chun cinn;

Tar éis a dheimhniú, i gcomhthéacs Airteagal 3 den Chomhaontú seo, go bhféachfaidh siad a thuilleadh le sásraí frithpháirteacha a neartú le haghaidh chur chun feidhme agus chur i bhfeidhm éifeachtach na ngealltanas maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe le linn na tréimhse athbhreithniúcháin tosaigh. Mar chuid den phróiseas sin chun an comhlíonadh frithpháirteach a chur chun cinn, d'fhéadfaí a áireamh ann treochláir cur chun feidhme, cúnamh airgeadais agus teicniúil, agus cur chuige rannpháirtíochta a spreagadh, mar aon le bealaí chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh gealltanais chomhaontaithe a chur chun feidhme.